**Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman**

# PLEAN SEIRBHÍSE 2025

# Clár Ábhair

**1.Teachtaireacht ó Chathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman .................... 3**
**2. Brollach ón bPríomhfheidhmeannach ........................................................................................ 4**
**3.Próifíl/Cúlra WWETB.................................................................................................................. 5**
3.1 Léarscáil Gheografach de WWETB ..........................................................................................6
3.2 Láthair Sheirbhísí WWETB ........................................................................................................6
3.3 An tEolas is deireanaí ar an Staid Réigiúnach ..........................................................................8
**4.Ráitéis Straitéise ........................................................................................................................ 10**
4.1 Fís agus Misean........................................................................................................................10
4.2 Spriocanna Straitéiseacha WWETB .........................................................................................10
4.3 Forálacha maidir le Cur i bhFeidhm agus Faireachán ..............................................................13
**5. Forbhreathnú ar Sheirbhísí 2025: ............................................................................................. 15**
5.1 Bunscoileanna, Iar-bhunscoileanna, Teastas Iar-Ardteistiméireachta san áireamh, agus Scoil Speisialta...........15
5.2 Breisoideachas agus Oiliúint (Teastas Iar-Ardteistiméireachta san áireamh) ................................................18
Ráiteas Seirbhísí – Breisoideachas agus Oiliúint 2025 ........................................................................18
5.3 Gnóthaí Obair Óige..................................................................................................................19
5.4 Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta........................................................................................21
**6. Ráiteas faoi Sheirbhísí sa bhliain 2025 ...................................................................................... 23**
**Sprioc Straitéiseach 1 ...................................................................................................................... 28**
**Cáilíocht........................................................................................................................................... 28**
**Sprioc Straitéiseach 2 ...................................................................................................................... 46**
**Scoileanna agus Coláistí Breisoideachais agus Oiliúna na Todchaí.................................................. 46**
**Sprioc Straitéiseach 3 ...................................................................................................................... 54**
**Cumarsáid agus Margaíocht............................................................................................................. 54**
**Sprioc Straitéiseach 4 ...................................................................................................................... 58**
**Sláinte agus Folláine......................................................................................................................... 58**
**Sprioc Straitéiseach 5 ...................................................................................................................... 66**
**Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht....................................................................... 66**
**Sprioc Straitéiseach 6 ...................................................................................................................... 79**
**Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta/Foghlaim Dhigiteach ............................................................... 79**
**Fáltais agus Caiteachas Réamh-mheasta sa bhliain 2024 ................................................................ 83**

# 1. Teachtaireacht ó Chathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman



Mar Chathaoirleach ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman (WWETB), tá lúcháir orm Plean Seirbhíse an WWETB don bhliain 2025 a chur i láthair. Tá tábhacht faoi leith ag baint leis an bplean seo mar is é seo an chéad phlean seirbhíse a forbraíodh faoin mbord nuacheaptha, a bunaíodh anuraidh. Bunaithe ar ár Ráiteas Straitéise 2023–2027, leagann an Plean Seirbhíse amach ár dtosaíochtaí straitéiseacha don bhliain atá romhainn. Cabhróidh sé linn ár misean a bhaint amach chun réimse leathan clár oideachais agus oiliúna ard-chaighdeáin a bhaint amach, mar aon le seirbhísí agus tacaíochtaí do leanaí, do dhaoine óga agus d’aosaigh ar fud réigiún Phort Láirge agus Loch Garman.

Cé go leagann an Plean Seirbhíse seo clár oibre soiléir amach don bhliain, tá WWETB fós solúbtha agus freagrúil ar riachtanais an phobail agus an sochaí, riachtanais atá ag athrú i gcónaí. Tá sé léirithe ó na dúshláin a bhí ann le blianta beaga anuas ár n-athléimneacht agus go bhfuilimid ábalta nuálaíocht a léiriú in aghaidh an athraithe, agus beidh an ghastacht seo ina treoir dúinn agus muid ag dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le saol an lae inniu.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil le baill an Bhoird nua-thofa as an díograis agus an tuiscint atá léirithe acu de réir mar a leagaimid amach bealach nua don todhchaí. Ba mhaith liom freisin buíochas ó chroí a ghabháil lenár mbaill foirne go léir agus leis an iliomad bpáirtithe leasmhara a thacaíonn linn an fhís atá againn a chomhlíonadh, is é sin an fhoghlaim a threorú trí sheirbhísí oideachais agus oiliúna atá ar ardchaighdeán, cuimsitheach agus nuálach a sholáthar dár bpobal.



An Clr Lola O’Sullivan

## 2. Brollach ón bPríomhfheidhmeannach



Tá áthas orm Plean Seirbhíse WWETB don bhliain 2025 a chur i láthair. Cé gur riachtanas reachtúil é do BOOanna Plean Seirbhíse a bheith acu mar atá leagtha amach san Acht BOO 2013, is treoir úsáideach í freisin chun ár dtosaíochtaí straitéiseacha a le–agan amach don bhliain atá romhain. Chuireamar críoch lenár Ráiteas Straitéiseach in 2023 – leagtar amach ann clár oibre uaillmhianach do na chéad chúig bliana atá romhainn. Is iad na dúshláin mhóra ar a ndíreoimid ná: *Cáilíocht, Scoileanna agus Coláistí Breisoideachais don Todhchaí, Cumarsáid agus Margaíocht, Sláinte agus Folláine, Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht, agus Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta/Foghlaim Dhigiteach.*

Ba mhaith liom fáilte a chur roimh baill Bhord nua bWWETB a bunaíodh i Meán Fómhair 2024 agus atá faoi stiúir an Chlr. Lola O'Sullivan. Tá Stiúrthóirí nua ag WWETB freisin – Alan Quirke agus Michael T. O'Brien – Stiúrthóirí Tacaíochta agus Forbartha na hEagraíochta. Díreoimid le chéile ar ár bhfís straitéiseach a bhaint amach, go háirithe sna réimsí móra - gníomhaíocht ar son na haeráide agus inbhuanaitheacht, agus infreastruchtúr feabhsaithe a sholáthar dár ndaltaí agus dár bhfoghlaimeoirí.

Is spriocanna uaillmhianacha iad na spriocanna atá againn agus tá cuntas teiste ag WWETB maidir le spriocanna uaillmhianacha a bhaint amach. Bhí áthas orainn fáilte a chur roimh an Taoiseach Simon Harris agus an Aire Hildegarde Naughton chun ár scoil nua i nGuaire a oscailt i mí Eanáir 2025 – Scoil Chnoc Guaire – do leanaí agus daoine óga a bhfuil uathachas orthu agus riachtanais chasta acu. I Meán Fómhair 2025 cuirfear síneadh leis an scoil nua seo, ó 24 go dtí 36 dalta. Go luath osclóimid go hoifigiúil síneadh suntasach ar Ionad Oiliúna Phort Láirge ina mbeidh níos mó áiteanna printíseachta ar aon dul leis an gclár náisiúnta chun cur le printíseachtaí. Leanfaimid orainn ár ndícheall a dhéanamh chun na timpeallachtaí foghlama is fearr a fhorbairt dár leanaí agus dár ndaoine óga – maidir lenár scoileanna agus ár n-áiseanna oiliúna – agus déanfaimid cinnte de go bhfanfaidh an foghlaimeoir i gcroílár gach rud a dhéanaimid.

Tá ár gcroíluachanna ina dtreoir dúinn maidir le forbairt agus cinnteoireacht. Is iad seo: *Meas, Cuntasacht, Cáilíocht, Inbhuanaitheacht* agus *Díriú ar Fhoghlaimeoirí*. Leanfaimid orainn am agus acmhainní a infheistiú chun a chinntriú go gcruthaimid cultúr ar féidir linn go léir a bheith bródúil as.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann WWETB as an tiomantas a léiríonn siad don bharrfheabhas i gcúrsaí teagaisc, foghlama agus oiliúna, agus as an gcaoi a sholáthraíonn siad ár seirbhísí go léir. Táimid buíoch freisin as an tacaíocht agus as an treoir a fhaighimid ó Bhord WWETB. Leanfaimid orainn ag obair go dlúth lenár gcomhpháirtithe seachtracha, ar cuid dhílis iad den bhealach a bhainimid ár gcuspóirí amach. Leanfaimid orainn réimse leathan clár oideachais agus oiliúna ardchaighdeáin, mar aon le seirbhísí agus tacaíochtaí, a sholáthar do pháistí, do dhaoine óga agus do dhaoine fásta ar fud réigiún Phort Láirge agus Loch Garman.

Guím gach rath ar chách don bhliain atá romhainn.

Karina Daly

An Dr. Karina Daly
Príomhfheidhmeannach

## 3. Próifíl/Cúlra WWETB

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman (WWETB) ar an 1ú Iúil 2013. Rinne sé Ionaid Oiliúna SOLAS i bPort Láirge agus i Loch Garman a ghlacadh go hoifigiúil isteach ina chuid seirbhísí an 1ú Iúil 2014. Tá raon cuimsitheach seirbhísí oideachais agus oiliúna á soláthar ag WWETB ar fud Phort Láirge agus Loch Garman ó shin i leith agus tá sé ar an soláthraí oideachais agus oiliúna is mó ar fud an dá chontae, ag gníomhú dó trí Bhunscoileanna, trí Choláistí Dara Leibhéal, trí Choláistí Breisoideachais, trí Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna, trí Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh agus trí Sheirbhísí Óige a sholáthraíonn cláir oideachais agus oiliúna. Agus 1730 ball foirne aige, is mórfhostóir san Oirdheisceart é WWETB freisin agus tá bród air as a bheith ina fhostóir tarraingteach d'fhostaithe ionchasacha.

I Ráiteas Straitéise WWETB 2023-2027, leagtar amach na croíluachanna a leanas:

| Croíluachanna | | |
|---|---|---|
| **Meas** | **An chiall atá leis** | **An dóigh a gcuirtear an luach i bhfeidhm** |
| | Caithimid le gach duine eile sa dóigh a mbeimis ag súil leis go gcaithfí linn féin, déanaimid talamh slán de go mbíonn intinn dhearfach ag daoine, agus caithimid le gach duine ar bhealach cothrom agus le cúirtéis. | Cuirimid an bhéim ar an éagsúlacht, léirímid comhbhá agus cothroime, aithnímid iarrachtaí, agus caithimid go cothrom le gach duine. |
| **Cuntasacht** | Glacaimid cuntasacht iomlán le linn dúinn freagrachtaí tarmligthe ár róil a chomhlíonadh agus ceanglaímid orainn féin agus ar na daoine a n-oibrímid leo cloí leis na caighdeáin ghairmiúla is airde. | Bímid gairmiúil agus féachaimid le dea-thorthaí a bhaint amach ar bhealach oscailte, macánta agus trédhearcach. |
| **Díriú ar an bhFoghlaimeoir** | Cuirimid an foghlaimeoir i gcroílár gach a ndéanaimid. | Bímid cuimsitheach, tacúil, measúil, sofhreagrach, nuálach agus comhbhách |
| **Cáilíocht** | Táimid tiomanta seirbhísí a sholáthraímid a fheabhsú go leanúnach. Déanaimid athbhreithniú agus faireachán ar sholáthar ár seirbhísí in aghaidh na gcaighdeán is airde dúinn féin agus do dhaoine eile agus iad ag iarraidh cumas an fhoghlaimeora a uasmhéadú. | Féachaimid lena bheith inár gceannairí, leagaimid ionchais níos airde orainn féin, bímid tiomanta agus gairmiúil, agus dírímid ar thorthaí. |
| **Inbhuanaitheacht** | Déanaimid ár ndícheall athrú iompraíochta a spreagadh agus inbhuanaitheacht a leabú sa chaoi a múintear agus sa chaoi a n-oibrímid. | Oibríonn baill foirne agus foghlaimeoirí le chéile chun an inbhuanaitheacht a leabú i ngach rud a ndéanaimid – i dtreo todhchaí níos fearr do chách. |

I ndiaidh na dtoghchán áitiúla sa samhradh in 2024, toghadh Bord nua do WWETB chun obair WWETB a stiúradh sna cúig bliana atá romhainn.

Bhí an chéad chruinniú ag Bord reatha WWETB i Meán Fómhair 2024 tar éis 21 ball a bheith tofa, ionadaithe ó Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge san áireamh mar aon le hionadaithe ó Chomhairle Contae Loch Garman, ionadaithe foirne agus tuimitheora agus roinnt ionadaithe ó chomhlachtaí leagtha síos ag an Roinn Oideachais. Tar éis don Bhord nua a bheith tofa, cuireadh tús le hoiliúint maidir le rialachas do gach ball den Bhord nua agus do bhaill de na Coistí Alt 44 agus 45.

## 3.1 Léarscáil Gheografach de WWETB




## 3.2 Láthair Sheirbhísí WWETB

| **Láithreacha WWETB 2025** |
|---|
| **Pobalscoil Náisiúnta** |
| Pobalscoil Náisiúnta Chill na Manach, Loch Garman |
| **Scoil Speisialta** |
| Cnoc Ghuaire, Co. Loch Garman |
| **Iar-Bhunoideachas agus Oideachas Iar-Ardteistiméireachta** |

| |
|---|
| Coláiste Bhaile an Droichid, Co. Loch Garman |
| Gairmcholáiste Bhun Clóidí, Co. Loch Garman |
| Coláiste Abbáin, Maigh Arnaí, Co. Loch Garman |
| Coláiste an Átha, Cill Mhucraise, Co. Loch Garman (Oideachas Iar-Ardteistiméireachta san áireamh) |
| Coláiste Creagh, Guaire, Co. Loch Garman |
| Coláiste Dhún Garbhán (Oideachas Iar-Ardteistiméireachta san áireamh) |
| Coláiste Pobail Inis Córthaidh, Co. Loch Garman (Oideachas Iar-Ardteistiméireachta san áireamh) |
| Coláiste Uí Chinnéide, Ros Mhic Thriúin, Co. Loch Garman |
| Meánscoil San Nioclás, Port Láirge |
| Coláiste Sheilsceire, Baile Loch Garman (Oideachas Iar-Ardteistiméireachta san áireamh) |
| Coláiste Pobail Naomh Déaglán, Coill Mhic Thomáisín, Co. Phort Láirge |
| Coláiste Pobail Naomh Pól, Port Láirge |
| Coláiste Breisoideachais Phort Láirge *Oideachas Iar-Ardteistiméireachta Amháin* |
| |
| **Ionad Breisoideachais agus Oiliúna*** |
| Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Bhun Clóidí, Loch Garman |
| Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Cheapach Choinn, Port Láirge |
| Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Dhún Garbhán, Port Láirge |
| Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Chúirt Durand, Port Láirge |
| Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Inis Córthaidh, Loch Garman |
| Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Ghuaire, Loch Garman |
| An tSaotharlann Déantúsaíochta, Inis Córthaidh, Loch Garman |
| An tSaotharlann Déantúsaíochta, Ros Mhic Thriúin, Loch Garman |
| Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Choill Mhic Thomáisín, Port Láirge |
| Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Lios Mór, Port Láirge |
| Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Naomh Mícheál, Ros Mhic Thriúin, Loch Garman |
| Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Ros Mhic Thriúin, Loch Garman |
| An Foirgneamh Nach Mór Neodrach ó Thaobh Fuinnimh, Inis Córthaidh, Loch Garman |
| Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Shráid Ozanam, Port Láirge |
| Ionad Oideachais agus Oiliúna Chearnóg an Iarnróid, Port Láirge |
| Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Sheandún, Dún Garbhán, Port Láirge |
| Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Thrá Mhór, Port Láirge |
| Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Loch Garman, An Muileann Bán, Loch Garman |
| Ionad Breisoideachais agus Oiliúna an Mhuilinn Bháin, Loch Garman |
| **Ionaid Oiliúna** |
| Ionad Oiliúna Chill Chuacháin, Port Láirge |
| Ionad Oiliúna Phort Láirge |

| |
|---|
| Ionad Oiliúna Loch Garman, Loch Garman |
| **Oideachas agus Oiliúint Allamuigh** |
| Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Bhun Clóidí, Mol Eachtraíochta, Loch Garman |
| Mol Eachtraíochta WWETB Dún Garbhán, Port Láirge |
| Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Shíol Beagáin, Loch Garman |
| **Ionaid Ógtheagmhála** |
| Ionad Ógtheagmhála Dhún Garbhán, Port Láirge |
| Ionad Ógtheagmhála Inis Córthaidh, Loch Garman |
| Ionad Ógtheagmhála Ghuaire, Loch Garman |
| Ionad Ógtheagmhála Ros Mhic Thriúin, Loch Garman |
| Ionad Ógtheagmhála Subla, Cathair Phort Láirge |
| Ionad Ógtheagmhála Thrá Mhór |
| Ionad Ógtheagmhála Phort Láirge |
| Ionad Ógtheagmhála Loch Garman |
| **Oifigí Riaracháin** |
| Ard Chaomháin, Loch Garman |
| Dún Garbhán, Port Láirge |
| Ionad Oiliúna Phort Láirge |
| **Pobalscoileanna (a bhfuil WWETB mar chomhphátrún orthu)** |
| Pobalscoil na hAbhann Duibhe, Lios Mór, Port Láirge |
| Pobalscoil Ghuaire, Loch Garman |
| Pobalscoil na Gráinsí, Loch Garman |

* Is féidir go n-áireofar le hIonaid Bhreisoideachais agus Oiliúna cláir de chuid na Scéime Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS) agus an Tionscnaimh um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEI), cláir Litearthachta Aosach, cláir Oideachais Pobail agus cláir do Dhídeanaithe/Iarrthóirí tearmainn

## 3.3 An tEolas is deireanaí ar an Staid Réigiúnach

Sa Ráiteas Straitéise WWETB 2023-2027 leagtar amach ár dtosaíochtaí don fhorbairt. D'éirigh linn maoiniú a fháil do roinnt mórthionscadail i bPort Láirge agus i Loch Garman, scoileanna nua san áireamh. Le linn 2023, d'osclaíomar an chéad Choláiste Breisoideachais na Todhchaí i mBaile Loch Garman agus ba bhliain thábhachtach í 2024 maidir leis an gcoláiste a chur ag obair. Is bliain thábhachtach í 2025 mar déanfar soláthar an bhreisoideachais a dhaingniú sa Choláiste chun tairbhe ár bhfoghlaimeoirí. Cuirfear feabhas go leanúnach ar chaighdeán na n-áiseanna a sholáthraítear dár bhfoghlaimeoirí agus dár ndaltaí de réir mar a dhéanaimid infheistiú inár n-infreastruchtúr. Tá lúcháir ar WWETB bheith ina phátrún ar scoil nua do leanaí agus do dhaoine óga a bhfuil sainriachtanais acu agus uathachas orthu. Osclóidh an scoil i Meán Fómhair 2024, agus beidh 24 dalta ar an rolla.

Chomh maith leis sin, tá lúcháir ar WWETB obair i gcomhpháirt le hOllscoil Teicneolaíochta nua an Oirdheiscirt ar roinnt tionscadal chun tacú leis an mbeartas rialtais a bhaineann le hoideachas treasach aontaithe. I 2024, d'óstáil WWETB Siompóisiam Foghlaim trí Cheangal, Ceangal trí Fhoghlaim le tacaíocht ó SETU agus bhí os cionn 150 duine i láthair sa Choláiste. Neartaíodh an caidreamh le SETU nuair a seoladh an chéad chlár treasaigh idir WWETB agus SETU i Meán Fómhair 2024. Tá ceathrar foghlaimeoir déag rolluithe ar an gcúrsa Baitsiléir sa Staidéar Gnó i gColáiste Dhún Garbhán. Déanfaidh na foghlaimeoirí bliain amháin den chlár i gColáiste Dhún Garbhán agus déanfaidh siad blianta a dó agus a trí ar champas SETU i bPort Láirge. Ina theannta sin, oibríonn

WWETB i gcomhpháirtíocht le a lán tionscadal sa réigiún agus tá na comhpháirtíochtaí seo ag dul ó neart go neart.

Chuir WWETB deireadh le síneadh mór ar Ionad Oiliúna Phort Láirge agus freastalóidh an áit sin ar líon méadaithe cúrsaí agus ar fhoghlaimeoirí breise i gcúrsaí printíseachta, oiliúna, aisfheistithe agus tuilleadh chun tacú leis an uasoiliúint go réigiúnach.

**Tá na mórthionscadail oideachais agus bhreisoideachais agus oiliúna seo a leanas mar thosaíocht ag WWETB go fóill:**

- Campas nua oideachais a sholáthar ag Baile na Gaoithe, Baile Loch Garman. Soláthrófar scoil nua 1,000 dalta do Choláiste Sheilsceire agus soláthrófar bunscoil Oideachas Le Chéile ina mbeidh 16 sheomra ranga, agus sainsaoráidí Riachtanas Speisialta Oideachais ag an dá scoil.
- Mórshíntí a chur le Gairmcholáiste Bhun Clóidí agus le Coláiste Bhaile an Droichid.
- Tionscadail chóiríochta mhórscála nua do Choláiste Abbáin i Maigh Arnaí, do Choláiste an Átha i gCill Mhucraise, do Choláiste Pobail Naomh Déaglán i gCoill Mhic Thomáisín, do Choláiste Pobail Naomh Pól i gCathair Phort Láirge, do Mheánscoil San Nioclás ar an Rinn agus do Choláiste Dhún Garbhán.
- Trí bhonneagar iompair inbhuanaithe agus saoráidí pobail a sholáthar timpeall ar na tionscadail scoile, cuirfidh WWETB agus Comhairle Contae Loch Garman, ag obair dóibh le chéile, feabhas mór ar cháilíocht na beatha sna pobail chóngaracha.
- Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna nua a bhunú i mBaile Loch Garman, áit a bhfreastalófar ar thuilleadh foghlaimeoirí agus ar thuilleadh printíseachtaí, cúrsaí oiliúna, cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta, cúrsaí de chuid na Scéime Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS), cúrsaí de chuid an Tionscnaimh um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEI) agus cúrsaí Oideachais Pobail agus ar a lán cúrsaí eile a bhfuil mar aidhm acu cabhrú le daoine atá san fhostaíocht a uasoiliúint.
- Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna na Todhchaí a bhunú i gCathair Phort Láirge. Beidh sé lonnaithe ag an láithreán reatha de chuid Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt ar Bhóthar an Choláiste, ar láithreán é óna n-imeoidh an Ollscoil.
- Ionad úrscothach Breisoideachais agus Oiliúna a bhunú in Inis Córthaidh, áit a soláthrófar Foirgnimh Nach Mór Neodrach ó Thaobh Fuinnimh agus cláir eile scileanna glasa – m.sh., scileanna Teaschaidéil agus Aerála – i gcomhar le Comhairle Contae Loch Garman agus leis an gComhghuaillíocht um Fhoirgnimh Ardfheidhmíochta.
- Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Shíol Beagáin a athlonnú go dtí Sliabh Fhothart do ghníomhaíochtaí agus oiliúint uiscebhunaithe.

# 4. Ráitéis Straitéise

## 4.1 Fís agus Misean

**FÍS**

Is í aidhm Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman an fhoghlaim a threorú trí sheirbhísí oiliúna ardchaighdeáin, ionchuimsitheach, freagrach agus nuálaíoch a sholáthar dár bpobal.

**MISEAN**

Is é misean WWETB réimse clár oideachais agus oiliúna, seirbhísí agus tacaíochtaí a sholáthar do pháistí, do dhaoine óga agus fásta ar fud réigiún Phort Láirge-Loch Garman.

## 4.2 Spriocanna Straitéiseacha WWETB

Sa Ráiteas Straitéise seo, leagtar amach 6 phríomhsprioc straitéise agus réimse tosaíochtaí agus gníomhartha a bheidh ina dtreoir d'obair na heagraíochta chun fís agus misean na heagraíochta a fhíorú.

Agus ár spriocanna straitéiseacha á gcur le chéile againn, bhreathnaíomar níos faide ná tréimhse feidhme an Ráitis Straitéise seo. Chomhaontaíomar léiriú intinne - is é sin le rá, an riocht ba mhaith linn a bheith orainn faoin mbliain 2030. Is uaillmhianach agus indéanta araon iad na pleananna atá againn.



**Sprioc Straitéiseach 1: Cáilíocht**
Faoin mbliain 2030, beidh Cáilíocht leabaithe i ngach a ndéanaimid. Beidh struchtúr láidir agus samhail rialachais láidir i bhfeidhm ag WWETB chun cáilíocht a bhainistiú ar fud gach réimse. Earcóimid baill foirne atá ardcháilithe agus atá cáilithe go cuí chun an t-oideachas agus an oiliúint a sholáthar agus tabharfaimid rochtain dóibh ar dheiseanna Foghlama agus Forbartha Gairmiúla chun cur lena gcleachtas gairmiúil. Trí chomhairliúchán, beidh a fhios againn go mbraitheann ár bhfoireann go bhfuil sé tábhachtach don WWETB a léiriú *conas* a bhaineann sé cáilíocht amach agus cad iad na bearta a chuireann muid i bhfeidhm chun cáilíocht a chinntiú. Beidh gach rud tábhachtach – go háirithe na rudaí beaga. Beidh cumhacht tugtha againn do bhaill foirne chun cáilíocht a bhainistiú ar fud na heagraíochta. Beidh cáilíocht ina cuid bhunúsach dár gcultúr anois.

**Cén fáth?** Tá an cháil atá ar WWETB bunaithe ar cháilíocht ár soláthair oideachais agus oiliúna. Féachaimid leis an gcáil atá orainn a fheabhsú trí bhearta a chur i bhfeidhm chun a léiriú go bhfuil cáilíocht leabaithe i ngach rud a ndéanaimid – ár soláthar oideachais agus oiliúna, an dóigh a n-earcaímid baill foirne, ár gcórais tacaíochta, agus ár leibhéil seirbhíse do chustaiméirí.

**Sprioc Straitéiseach 2: Scoileanna agus Coláistí Breisoideachais agus Oiliúna na Todhchaí**
Faoin mbliain 2030, beidh saoráidí úrscothacha i bhfeidhm ag WWETB dár gcuid ball foirne agus mac léinn/foghlaimeoirí aosacha. Beidh obair déanta ag WWETB go dlúth leis an Roinn Oideachais, le SOLAS agus leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta chun a chinntiú go ndéantar infheistíocht chuí shuntasach inár mbonneagar fisiciúil. Beidh saoráidí ar fud Phort Láirge agus Loch Garman againn anois a bhfuil ár mbaill foirne bródúil astu agus ina spreagtar ár gcuid mac léinn/foghlaimeoirí aosacha chun foghlaim. Laistigh de chontaetha Phort Láirge agus Loch Garman, beidh an soláthar breisoideachais agus oiliúna tugtha le chéile againn cibé áit a bhíonn ciall leis sin a dhéanamh. Beidh spásanna solúbtha teagaisc agus foghlama i bhfeidhm againn agus beidh ár gcuid coláistí agus ionad ina moil thábhachtacha ina bpobail. Beidh muid tar éis breathnú níos faide ná teorainneacha an bhonneagair fhisiciúil inár straitéis, agus sinn ar an eolas go bhfuil ár saoráidí ina moil thábhachtacha agus ina n-áiteanna cruinnithe tábhachtacha do mhic léinn/foghlaimeoirí aosacha, a chothaíonn cairdeas agus naisc trí idirghníomhaíochtaí sóisialta agus cultúrtha. Beidh ár saoráidí forbartha againn ar aon dul leis an mórchlár oibre glas agus táimid ar thús cadhnaíochta na nuálaíochta ina leith sin.

**Cén fáth?** Is é an uaillmhian atá againn ná timpeallachtaí optamacha foghlama agus conairí solúbtha trínár gcláir agus don saol ina ndiaidh a chruthú. Is eol dúinn go gcuireann saoráidí ar ardchaighdeán le cáilíocht na foghlama.

**Sprioc Straitéiseach 3: Cumarsáid agus Margaíocht**
Faoin mbliain 2030, beidh cáil ar WWETB ar fud Phort Láirge agus Loch Garman as na cláir oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán a sholáthraímid do dhaoine de gach aois. Beidh íomhá branda atá pearsanta agus spéisiúil againn, ar íomhá í atá so-aitheanta agus gairmiúil freisin. Beidh sé éasca do mhic léinn ionchasacha/foghlaimeoirí aosacha ionchasacha teacht ar an bhfaisnéis bheacht atá á lorg acu. Beidh naisc an-láidir ag WWETB le comhpháirtithe ar fud Phort Láirge agus Loch Garman agus, thar aon rud eile, beidh naisc an-láidir aige lena phobail áitiúla agus leis na tionscail/seirbhísí áitiúla a thacaíonn leis na pobail sin. Beidh infheistíocht déanta againn i margaíocht, agus beidh feabhas tagtha ar a infheicthe atá ár gcuid scoileanna agus ionad Breisoideachais agus Oiliúna mar thoradh ar mhargaíocht spriocdhírithe agus mar thoradh ar ár dtairiscint a thaispeáint – foirgnimh nua-aimseartha agus oideachas sármhaith agus oiliúint shármhaith a sholáthraíonn múinteoirí agus teagascóirí ar ardchaighdeán iad agus a dtacaíonn cuid mhór bainisteoirí agus ball foirne leo. Nuair a luafar Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman, smaoineoidh daoine faoi cháilíocht, faoi roghanna, faoi phobal agus faoi dheiseanna a sholáthar dóibh sin atá ag tosú amach nó atá ag déanamh tús nua.

**Cén fáth?** Tá sé tábhachtach branda láidir a fhorbairt do WWETB ar aon dul leis na hardaidhmeanna atá againn soláthar oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán a threorú san oirdheisceart.

**Sprioc Straitéiseach 4: Sláinte agus Folláine**
Faoin mbliain 2030, beidh cáil ar WWETB as a bheith ina áit iontach chun obair agus chun foghlaim ann. Ar fud ár scoileanna agus ár n-ionad uile, beidh baill foirne agus mic léinn/foghlaimeoirí aosacha ar aon intinn maidir le WWETB – *feicfear iad, éistfear leo agus beidh meas orthu*. A luaithe a rachaidh siad isteach i bpobal WWETB braithfidh ár mbaill foirne go dtacaítear leo – tuigfidh a n-ionad nó a scoil cé atá iontu, beidh meas aige nó aici ar na láidreachtaí atá acu agus tacóidh sé nó sí leis na laigí atá acu. Beidh Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú ina gcuid dhílis den eagraíocht anois.

**Cén fáth?** Is áit oibre ghnóthach éagsúil é WWETB agus tá sé de dhualgas air freastal ar a lán grúpaí geallsealbhóirí. Trí dhul i gcomhairle leo, is eol dúinn go bhfuil ár gcuid ball foirne agus mac léinn/foghlaimeoirí aosacha ag iarraidh a bheith ina gcuid de phobal a thacaíonn le hindibhidiúlacht, a cheiliúrann éachtaí agus a thugann tacaíocht le linn amanna deacra. Chun pobal den sórt sin a chruthú, is gá comhbhá agus éirim mhothúchánach a bheith leabaithe isteach inár n-eagraíocht. Is eol dúinn freisin go gcabhraíonn dea-shláinte agus dea-fholláine foirne go mór leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim.

**Sprioc Straitéiseach 5: Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht**
Faoin mbliain 2030, beidh cáil ar WWETB as an gcultúr aeráide atá ar bun ann. Beidh athrú iompraíochta spreagtha againn ar fud ár scoileanna agus ár saoráidí breisoideachais agus oiliúna. Beidh an inbhuanaitheacht leabaithe sa dóigh a dteagascaimid, sna nithe a theagascaimid agus sa dóigh a ndéanaimid cumarsáid leis an mórphobal. Beimid inbhuanaithe i ndáil leis an dóigh a ngníomhaímid. Beidh bród orainn as ár n-éachtaí agus beidh bród orainn iad a chomhroinnt le daoine eile. Tabharfaidh ár mbaill foirne aird ar shrianta aeráide agus comhshaoil mar ghnáthchuid den saol. Spreagfar iad le linn a gcuid oibre, agus ambasadóirí ar fud ár gcuid scoileanna, ionad agus oifigí ag comhoibriú lena chéile chun tuilleadh gníomhartha a spreagadh. Tomhaisfimid cad a dhéanaimid. Déanfaimid é sin trí na nithe seo a leanas a bheith againn: ambasadóirí atá lonnaithe ar fud ár saoráidí; baill foirne a oibríonn go lánaimseartha ar na tionscadail; grúpa stiúrtha atá freagrach as an obair a chomhordú; agus buiséad lena dtacaítear leis an obair.

**Cén fáth?** Tá fianaise ann mórthimpeall orainn ar an ngá atá ann le cónaí agus le hobair ar shlí inbhuanaithe. Is gá dúinn an méid sin a dhéanamh mar ábhar práinne, agus bíonn an phráinn ag méadú i gcónaí. Bíonn an reachtaíocht á hathrú chun iompraíocht mhíchuí a phionósú agus, ar fud an domhain, bíonn an argóint mhorálta ar son scriosadh córas nádúrtha a stad ag éirí níos láidre i gcónaí. Níl de rogha againn ach gníomhú. Tá níos mó agus níos mó daoine ag iarraidh obair in áiteanna ina dtugtar tús áite don chomhshaol. Anois díreach táimid ag déileáil le géarchéim fuinnimh faoi láthair. Cé gur féidir gur géarchéim ghearrthéarmach í an ghéarchéim sin, léiríonn sí dúinn an riosca méadaithe a bhaineann lena bheith spleách ar bhreoslaí iontaise.

Oibrímid le daoine ó chuid mhór cúlraí difriúla, agus is gá dúinn cabhrú le daoine nach bhfuil chomh saibhir céanna roghanna saoil inbhuanaithe a thuiscint agus a rochtain. Mar gheall ar an ngné sin den cheartas aeráide, ní mór dúinn smaoineamh faoi conas is féidir linn cabhrú le daoine billí a laghdú agus, ag an am céanna, faoi conas is féidir linn an brú ar an gcomhshaol a mhaolú. Mar chuid lárnach den chlár oideachais, is féidir díriú ar laghdú a dhéanamh ar an tomhaltachas agus ar an bhfonn rudaí a cheannach. Faoi láthair táimid i lár géarchéime fuinnimh agus cé go bhféadfadh sé seo a bheith gearrthéarmach, tugann sé le fios go bhfuil méadú tagtha ar an mbaol a bhaineann le bheith ag brath ar bhreoslaí iontaise.

Beidh poist na todhchaí dírithe ar stíleanna maireachtála inbhuanaithe a chruthú agus a chumasú – idir chruthaitheacht agus innealtóireacht. Dá bhrí sin, ní mór dúinn cabhrú lenár gcuid mac léinn/foghlaimeoirí aosacha na poist sin a rochtain trí iad a ullmhú dóibh trí na cúrsaí a sholáthraímid agus tríd an dóigh a dteagascaimid.

**Sprioc Straitéiseach 6: Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta/Foghlaim Dhigiteach**
Faoin mbliain 2030, beidh tionchar ollmhór imeartha ag an dul chun cinn i dteicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide ar an dóigh a seolann WWETB a chuid teagaisc, oiliúna agus gnó. Toisc go mbíonn athruithe á ndéanamh chomh tapa sin, níl sé éasca an chuma a bheidh ar an tírdhreach a thuar. Tá fás ollmhór tagtha le blianta beaga anuas ar an úsáid a bhaintear as néalseirbhísí, as gléasanna móibíleacha agus as uirlisí teagaisc ar líne. Mar thoradh ar phaindéim Covid-19, leagadh

béim mhéadaithe ar úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha don teagasc, don fhoghlaim agus don bhainistíocht. D'fhreagair WWETB go maith do na dúshláin a bhain leis an mearghlacadh le teicneolaíochtaí digiteacha cianoibre/cianfhoghlama le linn na paindéime. Is próisis láimhe pháipéarbhunaithe iad a lán próiseas laistigh de WWETB go fóill, áfach. Mar sin, is gá leas iomlán a bhaint anois as an acmhainneacht iomlán atá ag teicneolaíochtaí digiteacha, ní amháin chun cur leis an dóigh a dteagasctar mic léinn/foghlaimeoirí aosacha agus a ndéantar measúnú orthu, ach chun feabhas a chur ar an mbainistíocht agus na próisis laistigh de thimpeallacht gnó WWETB agus chun tacú leis an inbhuanaitheacht freisin.


**Cén fáth?** Úsáidtear an teicneolaíocht chun feidhm 'gnó mar is gnách' a chomhlíonadh laistigh de WWETB faoi láthair. Is teoranta, áfach, atá an acmhainn reatha atá ann sonraí a anailísiú go héifeachtúil agus próisis dhigiteacha agus teicneolaíochtaí nua a chur chun feidhme. Is gá straitéis fhoriomlán TF a chur i bhfeidhm agus an tsamhail oibriúcháin a athbhreithniú chun an bealach a réiteach le haghaidh TF a bhunathrú go hiomlán laistigh de WWETB.

## 4.3 Forálacha maidir le Cur i bhFeidhm agus Faireachán

Forbraíodh an Plean Seirbhíse seo chun tacú le Ráiteas Straitéise WWETB don tréimhse 2023-2027 a chur chun feidhme. Cé go leagtar amach sa Ráiteas Straitéise na tosaíochtaí agus na haidhmeanna a bheidh againn thar thréimhse 5 bliana, tá sé tábhachtach go mbeadh próiseas i bhfeidhm chun tacú leis na tosaíochtaí agus na haidhmeanna sin a chomhlíonadh. Agus an straitéis á cur chun feidhme aici, tacaítear le hobair Fhoireann Ardbhainistíochta WWETB trí thimthriall bliantúil pleanála agus buiséadaithe a chur i gcrích. Ceadaíonn Bord WWETB plean bliantúil agus buiséad bliantúil agus é bunaithe ar an bplean agus ar an mbuiséad a dhéanann sé meastóireacht fhoirmiúil ar an bhfeidhmíocht iarbhír gach bliain.

Tá an Plean Cur Chun Feidhme miondealaithe ina cheithre chéim:

1. Céim na Pleanála
2. Céim an Athbhreithniúcháin
3. Céim  na Meastóireachta
4. Céim an Tuairiscithe



**Céim 1: Céim na Pleanála**

Is éard atá i gceist le céim na Pleanála ná an struchtúr a bhunú chun a chinntiú go mbíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman ag comhlíonadh na gcuspóirí atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise. Déanfar é sin tríd an struchtúr seo a leanas:

- Spriocanna/Cuspóirí a Shainiú
- Garspriocanna a Sceidealú
- Acmhainní a Leithdháileadh
- Freagrachtaí Ball Foirne a Ainmniú
- Méadrachtaí Ratha/Príomhtháscairí Feidhmíochta a Shainiú

Oibríonn an Foireann Ardbhainistíochta (SMT) trí na struchtúir rialachais atá ann cheana chun foghníomhartha, amlínte gaolmhara agus méadrachtaí ratha a shainaithint. Áirítear le struchtúr rialachais feidhmiúcháin WWETB na grúpaí seo a leanas a rachfar i dteagmháil leo:

- An Fhoireann Ardbhainistíochta
- Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí
- Bainisteoirí Breisoideachais agus Oiliúna
- Grúpaí Stiúrtha agus Grúpaí Oibre Inmheánacha
- An Fhoireann Oibríochtaí (AD, Airgeadas, Seirbhísí Corparáideacha)

Cuirtear céim na Pleanála i gcrích ar bhonn bliantúil.

**Céim 2: Céim an Athbhreithniúcháin**

Le linn chéim an Athbhreithniúcháin, cabhraítear leis an bhFoireann Ardbhainistíochta tuiscint a ghnóthú ar cé acu a bhíonn nó nach mbíonn ag éirí léi na gníomhartha agus na tosaíochtaí sainaitheanta a bhaint amach agus cén dóigh a mbíonn siad ag déanamh amhlaidh. Déanfar aon ghníomh feabhais a phleanáil, de réir mar is cuí, tar éis chéim an Athbhreithniúcháin.

Beidh an struchtúr seo a leanas ar chéim an Athbhreithniúcháin:

| Comharliúchán | Freagracht | Minicíocht |
|---|---|---|
| Cruinnithe | Athbhreithniú Straitéise SMT | Dhá uair sa bhliain |
| Cruinnithe | Príomhoidí | Dhá uair sa bhliain |
| Cruinnithe | Bainisteoirí Breisoideachais agus Oiliúna | Dhá uair sa bhliain |
| Cruinnithe | An Fhoireann Oibríochtaí | Dhá uair sa bhliain |
| Cruinnithe | Grúpaí Stiúrtha agus Oibre Ildhisiplíneach | 4-6 cruinniú in aghaidh na bliana |
| | | |
| Cruinnithe | Bord WWETB | Athbhreithniú lár téarma |
| Seisiúin fócasghrúpa/Suirbhé | Grúpaí páirtithe leasmhara inmheánacha | Athbhreithniú lár téarma |
| Seisiúin fócasghrúpa/Suirbhé/Rannpháirtíocht | Grúpaí páirtithe leasmhara seachtracha | Athbhreithniú lár téarma |

(Is féidir leis na cruinnithe pleanála bliantúla, mar atá leagtha amach thuas, forluí le roinnt de na cruinnithe athbhreithniúcháin)

**Céim 3: Céim na Meastóireachta**

Is é an cuspóir atá le céim na Meastóireachta ná tátail a bhaint as céim an Athbhreithniúcháin agus a shainaithint cé acu atá nó nach bhfuilimid ar an mbóthar ceart maidir leis na spriocanna agus na tosaíochtaí atá againn a chomhlíonadh agus maidir le torthaí a bhaint amach laistigh de na creataí ama atá leagtha amach. Déantar athbhreithniú i gcéim na Meastóireachta freisin ar cé acu a bhíonn nó nach mbíonn ár bPríomhtháscairí Feidhmíochta á mbaint amach. Tá an Fhoireann Ardbhainistíochta freagrach as céim na Meastóireachta agus éascaítear seisiún i leith na céime sin gach bliain.

**Céim 4: Céim an Tuairiscithe**

Tuairiscíonn WWETB don Aire gach bliain, de réir na n-oibleagáidí atá orainn faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, agus faoin gCód Cleachtais chun Boird Oideachais agus Oiliúna a Rialú. Áirítear leis an Tuarascáil Bhliantúil an t-eolas is deireanaí ar an dul chun cinn a rinneadh ar na cuspóirí atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise. Mar Ghrúpa Cur Chun Feidhme don Ráiteas Straitéise, tuairiscíonn an Fhoireann Ardbhainistíochta don Bhord gach bliain freisin ar an dul chun cinn a rinneadh ar na spriocanna straitéiseacha comhaontaithe.

# 5. Forbhreathnú ar Sheirbhísí 2025:

## 5.1 Bunscoileanna, Iar-bhunscoileanna, Teastas Iar-Ardteistiméireachta san áireamh, agus Scoil Speisialta

Is é WWETB an pátrún agus an t-údarás bainistíochta ar Phobalscoil Náisiúnta amháin, ar 12 iar-bhunscoil agus ar scoil speisialta amháin. Leanfaidh WWETB le comhairle agus tacaíocht oideachais, airgeadais, acmhainní daonna, TFC agus tógála a thabhairt do gach ceann de na scoileanna sin, mar aon le tacú lena rialachas foriomlán agus lena mbainistíocht fhoriomlán. Is é WWETB an comhphátrún ar thrí phobalscoil i bPort Láirge agus i Loch Garman agus oibríonn sé le comhphátrúin agus boird bhainistíochta áitiúla i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm beartas.

Le linn 2025, mar chuid den chlár Ceannaireachta Scoile de chuid WWETB, áireofar clár lae amháin do Chomhordaitheoirí den Ardteistiméireacht Fheidhmeachthe chun an cumas ceannaireachta atá iontu a fhorbairt agus athruithe a bhaint amach ina gcuid scoileanna.

Lean gach iarbhunscoil de chuid WWETB orthu leis an bpróiseas forbartha den Mhapáil soláthair rud a thosaigh i Meán Fómhair 2023. Tacaíonn sé seo le scoileanna cur chuige a fhorbairt atá bunaithe ar shonraí, agus atá córasach agus comhoibríoch chun freastal ar riachtanais éagsúla na ndaltaí ar fud an Leanúntais Tacaíochta agus cuireann sé ar chumas na scoileanna rannpháirtithe rochtain a fháil ar threoir, ar cheardlanna agus ar fhoghlaim gharimiúil. Cuirfidh an Mhapáil Soláthair seo ar chumas na scoileanna rannpháirtithe rochtain a fháil ar threoir, ar cheardlanna agus ar fhoghlaim gharimiúil. Beidh siad ábalta sonraí a bhailiú ón bhfoireann, ó dhaltaí agus ó thuismitheoirí maidir leis an oideachas ionchuimsitheach. Déanfar anailís ar na sonraí seo agus úsáidfear iad seo chun feabhas a chur ar scoileanna, agus na hacmhainní agus an fhoghlaim a shainaithint atá riachtanach chun leanúint le freagairt ar riachtanais shainaitheanta. Déanfar réimsí a bhfuil gá le feabhas iontu a chomhtháthú i spriocanna/Pleananna Feabhais Scoile sna scoileanna Comhionannas Deise a Sholáthar i Scoileanna. Is bunchuid den Mhapáil Soláthair é an t-éiteas, agus go bunúsach, is éard atá i gceist le soláthar a mhapáil ná éiteas na scoile a chur in iúl.

D'oibrigh an Comhordaitheoir Éitis go dlúth le foirne ceannaireachta éitis i ngach scoil chun na croíluachanna a neadú laistigh de scoileanna WWETB. Tá measúnacht déanta ag gach scoil ar na croíluachanna mar chuid den phróiseas Féinmheastóireachta Scoile.

Sa bhliain 2024, cuireadh réimse leathan deiseanna ar fáil do na Cleachtais Phobail laistigh de WWETB maidir le foghlaim ghairmiúil do mhúinteoirí agus comhoibriú. Áiríodh leis seo na prionsabail Magenta, ceardlanna ealaíne éagsúla (potadóireacht, blocphriontáil, prionta turbheara), ceardlanna feilte do

mhúinteoirí Eacnamaíocht Bhaile, agus pleanáil treorach agus forbairt beartais. Chomh maith le sin, d'oibrigh múinteoirí ceoil le chéile chun seó a chur ar siúl san Áras Náisiúnta Ceoldrámaíochta. Bunaíodh Cleachtas Pobail nua do mhúinteoirí den Bhearla mar Theanga Bhreise (BTB). Bunaíodh Cleachtas Pobail nua do mhúinteoirí den Bhearla mar Theanga Bhreise.

Cuireadh le heispéireas na mac léinn nuair a tugadh an deis dóibh páirt a ghlacadh i réimse d'imeachtaí trascholáiste, ar nós cluichí corr, ficheall agus comórtais thrastíortha chomh maith le páirt a ghlacadh in imeachtaí san Áras Náisiúnta Ceoldrámaíochta.

I Meán Fómhair 2024, d'oscail WWETB Scoil Chnoc Guaire, scoil speisialta a sholáthraíonn oideachas cuí do dhaltaí idir 4 agus 18, a bhfuil diagnóis faighte acu go bhfuil uathachas orthu nó riachtanais chasta acu, agus a bhfuil moladh gairmiúil faighte acu le haghaidh scoil speisialta.

## Rollú d'Iar-bhunscoileanna (Coláistí Iar-Ardteistiméireachta san áireamh, Bunscoileanna agus Scoileanna Speisialta):

| Ainm na hIar-bhunscoile(Coláistí Iar-AT san áireamh) | Rolluithe amhail Deireadh Fómhair 2024 | |
|---|---|---|
| | Iarbhunscoileanna | Coláistí Iar-AT |
| Coláiste Bhaile an Droichid | 637 | |
| Gairmcholáiste Bhun Clóidí | 314 | |
| Coláiste Abbáin | 461 | |
| Coláiste an Átha | 366 | 38 |
| Coláiste Creagh | 1067 | |
| Coláiste Dhún Garbhán | 254 | 118 |
| Coláiste Pobail Inis Córthaidh | 472 | 207 |
| Coláiste Uí Chinnéide | 196 | |
| Meánscoil San Nioclás | 151 | |
| Coláiste Sheilsceire | 390 | 71 |
| Coláiste Pobail Naomh Déaglán | 817 | |
| Coláiste Pobail Naomh Pól | 763 | |
| Coláiste Breisoideachais Phort Láirge | / | 722 |
| **IOMLÁN** | **5888** | **1156** |

**Rollú do Bhunscoileanna:**


| Ainm na Scoile | Rolluithe amhail Deireadh Fómhair 2024 |
|---|---|
| Pobalscoil Náisiúnta Chill na Manach | 35 |

**Rollú do Scoileanna Speisialta:**

| Ainm na Scoile | Rolluithe amhail Deireadh Fómhair 2024 |
|---|---|
| Cnoc Ghuaire | 24 |

## 5.2 Breisoideachas agus Oiliúint (Teastas Iar-Ardteistiméireachta san áireamh)

### Ráiteas Seirbhísí – Breisoideachas agus Oiliúint 2025




Soláthraítear Breisoideachas agus Oiliúint (FET) i bPort Láirge agus i Loch Garman trínár gcláir a sheachadaítear ar 40 suíomh de chuid WWETB, agus i dtimpeallachtaí pobail chomh maith.

Leanfaidh an rannóg Breisoideachais agus Oiliúna i WWETB uirthi feabhas a chur ar sheirbhísí reatha, cuirfear seirbhísí breis ear fáil in áiteanna ina bhfuil gá leo, agus cuirfear feabhas ar an mbonneagar atá riachtanach chun na seirbhísí sin a sholáthar.

Eagraíocht atá dírithe ar an bhfoghlaimeoir is ea WWETB; díríonn sé scileanna a thógáil don todhchaí, cothaítear ionchuimsitheacht agus cruthaítear conair do gach foghlaimeoir. Tá sé mar aidhm seirbhísí sármhaithe a sholáthar agus feabhas a chothú go leanúnach. Tá ár gcláir uile ceaptha chun an úsáid is fearr a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil agus chun luach ar airgead a sholáthar.

Leanfaidh WWETB ag díriú ar phrintíseachtaí a sholáthar ar fud Phort Láirge agus Loch Garman agus osclófar go hoifigiúil an sÍneadh 52,000 troigh cearnaithe in Ionad Oiliúna Phort Láirge. Leanfaidh WWETB ag cur leis an mbreisoideachas lánaimseartha agus páirtaimseartha a sholáthraíonn sé. Osclaíodh Coláiste Breisoideachais Loch Garman in 2023 agus leanfaidh WWETB le forbairt a dhéanamh ar an láithreacht atá acu i measc an phobail agus cuirfidh siad

chun cinn an Breisoideachas mar dheis inmharthana díreach tar éis na scoile, mar oideachas malartach agus mar áit chun scileanna úra a fhoghlaim. Leanfaidh WWETB air le tacaíocht chomhsheasmhach a sholáthar d'fhoghlaimeoirí. Leanfaidh WWETB air ag tacú le daoine óga trí Ógtheagmháil, trí Ionaid Oiliúna Pobail agus Gnóthaí Óige. Tá WWETB tiomanta don straitéis Litearthacht d'Aosaigh ar feadh an tSaoil agus go dtacófar le daoine ar fud Phort Láirge agus Loch Garman a bhfuil riachtanais litearthachta acu nár freastalaíodh orthu, chomh maith le tacú le pobail nua trí chláir a sholáthar do chúrsaí Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile.

## Cláir Bhreisoideachais agus Oiliúna 2025

| **Cláir** | **Líon iomlán na gCúrsaí** | **Foghlaimeoirí** |
|---|---:|---:|
| Grúpaí Litearthachta Aosach | 687 | 4,447 |
| Oiliúint Phrintíseachta | 106 | 1,962 |
| Cúrsaí Oiliúna Bonnleibhéil agus Nasc-Chúrsaí Oiliúna | 5 | 40 |
| Grúpaí an Tionscnaimh um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEI) | 324 | 2,858 |
| Oideachas Pobail | 738 | 7,060 |
| Ionaid Oiliúna Pobail | 22 | 250 |
| Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile (ESOL) | 385 | 4,277 |
| Oiliúint Oíche | 140 | 1,127 |
| Uaireanta Comhoibrithe Breisoideachais agus Oiliúna | 4 | 168 |
| Conair Breisoideachais agus Oiliúna ón Scoil | 6 | 211 |
| Tionscnaimh Áitiúla Oiliúna | 19 | 286 |
| R-coláiste Ar líne | 4 | 5 |
| Maoiniú eile | 13 | 232 |
| Athshocrú Teifeach | 2 | 24 |
| Scileanna chun Dul Chun Cinn | 230 | 1,913 |
| Scileanna don Obair | 10 | 85 |
| Soláthróirí Sainoiliúna | 14 | 169 |
| Oiliúint do Shainscileanna | 75 | 682 |
| Treasach | 1 | 14 |
| Oiliúint Phrintíseachta | 9 | 132 |
| Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS) | 56 | 642 |
| Ógtheagmháil | 43 | 594 |
| Teastas Iar-Ardteistiméireachta | 154 | *** |
| **Iomlán** | **2,893** | **27,178** |

### 5.3 Gnóthaí Obair Óige

Seirbhís tacaíochta d'eagraíochtaí obair óige is ea an fhoireann um Ghnóthaí Obair Óige laistigh de WWETB. Tá sé mar sprioc ag an bhfoireann tionscadail agus seirbhísí oideachais neamhfhoirmiúil ar ardchaighdeán a chur chun cinn agus a chothú do dhaoine óga ar fud an dá chontae.

Tá triúr Oifigeach Óige lánaimseartha agus ball foirne tacaíochta riaracháin amháin ann laistigh de WWETB faoi láthair, agus tacaíocht á fáil acu go léir ón Oifigeach Oideachais Aosach atá freagrach as Seirbhísí Óige. Bainistítear an Fhoireann Obair Óige i bhformáid limistéarbhunaithe, tríd is tríd, agus tá Oifigigh Óige lonnaithe i gCathair Phort Láirge, i gContae Phort Láirge agus i gContae Loch Garman

Is é *UBU: D'Áit, Do Spás* an croíchlár atá á chistiú ag WWETB. Is é an misean atá ag *UBU: D'Áit, Do Spás* ná tacaí lasmuigh den scoil a sholáthar do dhaoine óga (idir 10 mbliana d'aois agus 24 bliana d'aois) atá imeallaithe, faoi mhíbhuntáiste nó soghonta agus an méid sin a dhéanamh ina bpobal féin chun gur féidir leo imthosca dochracha a shárú agus barr a gcumais a bhaint amach. Ní mór na tacaíochtaí sin a sholáthar ar aon dul le luachanna, spriocanna, cuspóirí agus rialacha na scéime agus mar fhreagairt do na riachtanais atá ag daoine óga, mar a shainaithin WWETB iad. Déanann WWETB formhaoirseacht ar an dóigh a rialaítear agus a gcomhlíontar an cistiú *UBU: D'Áit, Do Spás* a sholáthraíonn an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) do shé thionscadal is fiche atá faoi stiúir ag baill foirne ar fud an dá chontae. Imríonn Oifigigh Óige WWETB ról ríthábhachtach maidir le seirbhísí áitiúla óige a fhothú agus a fhorbairt agus maidir le faireachán a dhéanamh orthu. Téann na hOifigigh Óige i dteagmháil dhíreach leis na heagraíochtaí óige agus lena n-oibrithe óige ina limistéar féin ar mhaithe le tacaíocht agus treoir a thabhairt dóibh.

Leanann WWETB le hobair na ngrúpaí óige atá faoi stiúir ag oibrithe deonacha a thacú trí phróiseas caighdeán na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) agus trí chistiú a sholáthar tríd an Scéim Deontais le haghaidh Clubanna Óige Áitiúla (SDCÓÁ) agus trí scéimeanna deontais eile nuair a chuirtear iad ar fáil.

Áirítear iad seo a leanas leis na príomhghníomhartha atá mar thaca den obair a dhéanann an fhoireann um Ghnóthaí Obair Óige:

- Deontais a riar le haghaidh obair óige a sholáthar, lena n-áirítear *UBU: D'Áit, Do Spás*, an Scéim Deontais le haghaidh Clubanna Óige Áitiúla, an Deontas le haghaidh Trealamh Caipitil agus an Tionscnamh um Thacaíocht Spriocdhírithe Infhostaitheachta don Óige, an Mhionscéim Deontais, Deontas Imeasctha agus Ionaid Eolais Óige.
- Rialachas agus formhaoirseacht a dhéanamh ar an dóigh a riartar cistiú le haghaidh obair óige.
- Na cistí a sholáthraíonn RLCMLÓ le haghaidh tionscadail a sheoladh a bhainistiú agus a riar ar bhealach éifeachtúil tráthúil.
- Iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí inar féidir éifeachtúlachtaí a thabhairt isteach i bpróisis tuairiscithe ar mhaithe le húsáid acmhainní a uasmhéadú agus córais tuairiscithe ar líne atá níos so-úsáidte a chruthú do thionscadail atá faoi stiúir ag baill foirne agus do chlubanna atá faoi stiúir ag oibrithe deonacha araon.
- Iniúchadh a dhéanamh go seasta ar na deiseanna atá ann freastal ar na riachtanais shainaitheanta atá ag daoine óga tríd an obair óige in áiteanna a bhfuil seirbhísí teoranta ar fáil.
- Tacú le Caighdeáin Cháilíochta Náisiúnta do chlubanna óige agus do thionscadail a sholáthraíonn obair óige.
- Oibrithe óige agus oibrithe deonacha i réimse na hoibre óige a threorú i dtreo acmhainní obair óige agus i dtreo ábhar cláir.

## 5.4 Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta

Is é atá i gceist leis an bhfeidhm um Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochta laistigh de WWETB ná córais agus struchtúir a chur i bhfeidhm chun tacú le seirbhísí agus cláir oideachais agus oiliúna WWETB a sholáthar. Déantar é sin trí chultúr feabhais leanúnaigh a chothú. De réir an Ráitis Straitéise nua don tréimhse 2023-2027, forbrófar roinnt clár oibre nua chun cabhrú leis an straitéis a chomhlíonadh. Cuimseoidh na cláir oibre sin na feidhmeanna seo a leanas:

1. Acmhainní Daonna
2. Airgeadas
3. Seirbhísí Corparáideacha
4. Giniúint Ceoil

**1. Acmhainní Daonna**

Sa bhliain 2025 beidh sé mar phríomhthosaíocht don rannóg AD córas nua-aimseartha a chur i bhfeidhm don chórais r-earcú/iarrtas chun feabhas a chur ar eispéireas na n-iarrthóirí agus chun an sruth oibre a lárnú. Leanaimid orainn leis an earcú agus cleachtaí oibríochtúla AD a chaighdeánú agus a ailíniú i dtreo an dea-chleachtais. Díreoimid tuilleadh ar shruthlíniú a dhéanamh ar earcú, ar chuimsiú a chur chun cinn trí chleachtais earcaíochta cothroma agus ar fheabhsú ionduchtaithe le cláir ionduchtaithe chuimsitheacha agus tacaíocht shaincheaptha do bhaill foirne nua.

**2. Airgeadas**

Leanann an fhoireann Airgeadais i WWETB uirthi ag obair le Seirbhísí Gnó Comhroinnte Oideachais (SGCO) maidir le haistriú chuig múnla seirbhísí comhroinnte don earnáil BOO, agus d'aistrigh WWETB chuig an gcóras taistil atá ag Seirbhísí TGnó Comhroinnte Oideachais le linn 2024.

Oibríonn an fhoireann Airgeadais i gcónaí chun feabhas a chur ar an anailís agus an réamhaisnéis a dhéanann córais bhogearraí chun cuidiú le foirne bainistíochta ar fud na heagraíochta.

I gcúrsaí airgeadais, cuirtear an bhéim i gcónaí ar ár bpróisis iniúchóireachta, agus tá WWETB dírithe ar cinnte a dhéanamh de go sruthlínítear an próiseas iniúchóireachta agus go n-oibríonn sé go dlúth leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus leis an Aonad Iniúchóireachta Inmheánaigh maidir leis seo.

**3. Seirbhísí Corparáideacha**

Tabharfaidh an fhoireann Seirbhísí Corparáideacha tús áite do Straitéis TFC a fhorbairt i 2025, ina gcuimseofar an straitéis um Fhoghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta agus an straitéis um Fhoghlaim Dhigiteach inár Scoileanna.

Tá roinnt clár bonneagair tosaíochta ar siúl inár scoileanna agus inár soláthar breisoideachais agus oiliúna araon faoi láthair. Tá sé mar thosaíocht ag an bhfoireann foirgneamh an struchtúr atá i bhfeidhm aici a ailíniú agus obair go dlúth leis an Roinn Oideachais agus le SOLAS chun freastal ar na riachtanais atá ag na cláir fhairsinge foirgneamh sin.

Tá tábhacht faoi leith ag baint le suíomh gréasáin corparáideach WWETB maidir lenár gcumas dul i gteagmháil le foghlaimeoirí ionchasacha agus le pobail atá ann faoi láthair. Le linn 2025, beidh sé mar thosaíocht dúinn a chinntiú go bhfuil an t-ábhar ar an suíomh suas chun dáta agus úsáideach. Oibreomid freisin chun ár rannpháirtíocht ar na meáin shóisialta a chur chun cinn, agus oibreoimid le húineirí ábhair ar fud na heagraíochta maidir leis seo. Oibreoimid chun plean cumarsáide straitéiseach a chruthú ina sainaithneofar teachtaireachtaí atá tábhachtach dár bpríomhphobail. Tabharfar tús áite freisin d'fhaisneis a fhorbairt go leanúnach, í a leasú agus rochtain a bheith uirthi ar ár idirlín (mol foirne).

4. **Giniúint Ceoil/Music Generation**
   Déanfar dul chun cinn i 2025 ar fhorbairt na straitéise nua do Ghiniúint Ceoil Loch Garman agus Giniúint Ceoil Port Láirge. Chun tacú leis na straitéisí sin a fhorbairt, bunófar Comhpháirtíochtaí Áitiúla Oideachais Ceoil i Loch Garman agus i bPort Láirge araon, agus iad comhdhéanta d'ionadaithe ó ghrúpaí éagsúla geallsealbhóirí.

# 6. Ráiteas faoi Sheirbhísí sa bhliain 2025

Sainaithníodh na spriocanna agus na tosaíochtaí seo a leanas faoi bhun théarmaí an Chomhaontaithe Soláthar Feidhmíochta idir an Roinn Oideachais agus Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman. Tá na gníomhartha sonracha atá le déanamh chun na tosaíochtaí sin a bhaint amach agus na táscairí feidhmíochta agus na spriocanna gaolmhara atá le comhlíonadh mar seo a leanas:

| Cuspóir | Tosaíocht | Gníomh | Táscaire Feidhmíochta | Sprioc |
|---|---|---|---|---|
| Eispéireas an Mhic Léinn/an Fhoghlaimeora a bharrfheabhsú | Eispéireas dearfach foghlama a sholáthar do gach foghlaimeoir, lena n-áirítear foghlaimeoirí ó ghrúpaí imeallaithe. | Iniúchadh a dhéanamh ar Fhóram Míc Léinn Scoile. Tabharfar cuireadh do gach ceann de na 14 scoil ionadaí ón gcomhairle scoile a roghnú agus leanfar leis seo ó 2024.<br><br>Déanfar iniúchadh ar an bhféidearthacht oiliúint chomhairle daltaí WWETB a chur ar fáil.<br><br>Tacófar le hobair na Comhairle foghlaimeora breisoideachais, atá i bhfeidhm ón mbliain acadúil 2022/23.<br><br>Rollfar amach an tionscnamh Bogha Ceatha chun tacú le foghlaimeoirí agus le baill foirne ón bpobal LADTI+ agus cuirfear leis. | Deonaigh ó gach comhairle daltaí i bhfeidhm.<br><br>Athbhreithniú a dhéanamh ar shocruithe reatha i ngach scoil don oiliúint a chuirtear an an gComhairle Mic Léinn<br><br>An Chomhairle Foghlaimeoirí Breisoideachais agus Oiliúna ag bualadh le chéile go rialta.<br><br>Oiliúint curtha ar fáil don fhoireann sa Tionscnamh Bogha Ceatha.<br><br>Sainaithneofar deonaigh ó gach comhairle scoile. | Téarmaí tagartha; reáchtálfar an chéad chruinniú faoi dheireadh na bliana acadúla 2024/2025<br><br>Baill na comhairle reatha a shainaithint i ngach scoil mar aon le baill foireann chun tacú lena ngíomhartha.<br><br>Cruinniú rialta den Chomhairle Foghlama BOO i 2025.<br><br>An fhoireann le dul faoin oiliúint i 2025. |

| Cuspóir | Tosaíocht | Gníomh | Táscaire Feidhmíochta | Sprioc |
|---|---|---|---|---|
| | Tacú le mic léinn/foghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil, ar aon dul leis an mbeartas náisiúnta reatha. | Pobal Cleachtais na gComhordaitheoirí Riachtanas Speisialta Oideachais – forbrófar teimpléid chomhroinnte le haghaidh Pleananna Tacaíochta Mic Léinn. Leanfaidh an Fhoireann Foghlama Digití le hionchur a sholáthar maidir le huirlisí inrochtaineachta i Sraith MS.<br><br>Soláthrófar tuilleadh forbartha gairmiúla leanúnaí/oiliúna i scagadh agus i dtástáil dhiagnóiseach.<br><br>Cuirfear Céim 2 de thionscnamh Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann um Léarscáiliú Soláthair i bhfeidhm sna 10 iarbhunscoileanna atá fágtha (bhí dhá cheann sa chéim phíolótach). Leanfar leis an Treoirghrúpa Cóitseálaithe Cuimsithe a fhorbairt.<br><br>Leanfar le comhoibriú leis an bhFoireann Foghlama Digití chun uirlisí inrochtaineachta a leabú laistigh dár bPobail Chleachtais, de réir mar a iarrtar é sin.<br><br>Leanfar leis an bPobal Cleachtais do mhúinteoirí Béarla mar Theanga Bhreise a fhorbairt agus a fhás. | Leanfar le gníomhaíochtaí CoP ar nós cumarsáid idir phiaraí/scáthfhoghlaim le haghaidh scagtha/tástáil dhiagnósiseach /RACE.<br><br>Leanfar le cruinnithe agus le hoiliúint maidir le hionchuimsiú do cheannairí CoP.<br><br>Méadú curtha leis an méid tacaíochta a chuirtear ar fáil.<br><br>Sliotáin ama don tacaíocht foghlama digití de réir mar is gá.<br><br>Bunú oifigiúil de CoP Béarla mar Theanga Bhreise agus beidh an chéad chruinniú ann i R1 2025.<br><br>Monatóireacht/uaslódú d'fhaisnéis ábhartha agus treoirlínte don EAL CoP ar líne, é seo curtha ar fáil ag an gComhordaitheoir REALT, Comhordaitheoir um Fhoghlaim Dhigiteach agus an Comhordaitheoir Oideachais. | Múinteoirí curtha le chéile i bpéire bunaithe ar riachtanasi/thaithí.<br>Foinsiú FGL ar thástálacha sonracha nuair is gá.<br><br>Céim bailithe sonraí do 10 scoil ar siúl.<br><br>Cuairteanna ón gComhordaitheoir Oideachais/Ionchuimsithe de réir mar is gá.<br><br>FGL seachadta de réir mar a éilíonn an fhoireann í. |
| | A chinntiú go bhfuil na bearta uile um | Déanfar athbhreithniú agus iniúchadh bliantúil ar an ráiteas um chumhdach leanaí agus cuirfear measúnuithe riosca gaolmhara i gcrích. | Athbhreithniú bliantúil agus iniúchadh le bheith | Na caighdeáin atá i bhfeidhm a bheith á gcoinneáil ar bun. |

| Cuspóir | Tosaíocht | Gníomh | Táscaire Feidhmíochta | Sprioc |
|---|---|---|---|---|
| | chumhdach leanaí i bhfeidhm, de réir na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna | Déanfar cigireachtaí cumhdaigh leanaí, lena gcabhrófar le faireachán a dhéanamh ar an bpróiseas atá i bhfeidhm i scoileanna<br><br>Cuirfidh príomhoidí scoile Oiliúint do Bhoird Bhainistíochta sa Tuarascáil Maoirseachta um Chosaint Leanaí i gcrích | déanta ag na Boird Bhainistíochta.<br><br>Cigireachtaí cumhdaigh i scoileanna.<br><br>Oiliúint tuairiscithe a bheith á déanamh ag Boird Bhainistíochta sa Mhaoirseacht um Chosaint Leanaí. | Cigireachtaí cumhdaigh a bheith déanta.<br><br>Boird Bhainistíochta a bheith curtha faoi oiliúint. |
| | A chinntiú go gcomhlíontar go hiomlán na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna (Leasaithe 2023) | Déanfar athbhreithniú agus iniúchadh bliantúil ar an ráiteas um chumhdach leanaí agus cuirfear measúnuithe riosca gaolmhara i gcrích.<br><br>Déanfar cigireachtaí cumhdaigh leanaí, lena gcabhrófar le faireachán a dhéanamh ar an bpróiseas atá i bhfeidhm i scoileanna<br><br>Cuirfidh príomhoidí scoile Oiliúint do Bhoird Bhainistíochta sa Tuarascáil Maoirseachta um Chosaint Leanaí i gcrích | Boird Bhainistíochta a bheith ag déanamh athbhreithniú agus iniúchadh bliantúil.<br><br>Cigireachtaí cumhdaigh a bheith ar siúl i scoileanna<br><br>Oiliúint a bheith á déanamh ag Boird Bhainistíochta sa Tuarascáil Maoirseachta um Chosaint Leanaí. | Na caighdeáin atá i bhfeidhm a bheith á gcoinneáil ar bun.<br><br>Cigireachtaí cumhdaigh a bheith déanta.<br><br>Boird Bhainistíochta a bheith curtha faoi oiliúint. |
| Cláir Chosanta | Cúnamh a thabhairt don Roinn Oideachais, de réir mar is gá, freastal ar na riachtanais a eascróidh as Clár Cosanta Dídeanaithe na hÉireann agus ar an soláthar d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta | Glacfar le daltaí IRPP agus IPAS sna scoileanna mar a rinneadh go dtí seo de réir a bpolasaithe iontrála.<br><br>Leanfaidh WWETB leis an gcomhordaitheoir REALT a óstáil.<br><br>Spreagfar na scoileanna a bheith ina mbaill de na Scoileanna Tearmainn. | Scoileanna ag bogadh ar aghaidh chun stádas Scoil Tearmainn a bhaint amach. | Méadú a dhéanamh ar líon na scoileanna a bhfuil stádas Scoil Tearmainn acu. |

| Cuspóir | Tosaíocht | Gníomh | Táscaire Feidhmíochta | Sprioc |
|---|---|---|---|---|
| Rialachas | Rátaí freastail ar chruinnithe boird | Cuirfear béim an athuair ar an gceanglas go bhfreastalófaí ar gach cruinniú Boird, de réir an Chóid Cleachtais chun Boird Oideachais agus Oiliúna a Rialú. | Córam a bheith bainte amach do gach cruinniú de chuid Bhord WWETB. | Córam bainte amach do gach cruinniú Boird de chuid WWETB. |
| | Féinmheasúnuithe Boird | Ba chóir do gach Bord leas a bhaint as ceistneoir féinmheasúnaithe, ag baint úsáide as an gceistneoir atá san áireamh sa Chód Cleachtais, chun sainaithint a dhéanamh ar réimsí ina bhfuil feabhsuithe ag teastáil. | Ceistneoir féinmheasúnaithe a bheith déanta ag na comhaltaí Boird ar bhonn aonair agus tuarascáil ilchodach a bheith comhaontaithe. | Ceistneoir féinmheasúnaithe curtha i gcrích go bliantúil. |
| | Saineolas airgeadais ar choistí iniúchóireachta agus airgeadais | Déanfaidh an bord ceapacháin chuig coistí iniúchóireachta agus airgeadais i gcomhairle le cathaoirligh na gcoistí. Roghnófar comhaltaí seachtracha de choistí chun na scileanna agus an taithí iniúchóireachta agus airgeadais a theastaíonn a chur leis an ról. | Comhdhéanamh an Choiste Airgeadais agus an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a bheith ag teacht leis an dea-chleachtas. | Comhdhéanamh an choiste Airgeadais agus an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a bheith ag teacht leis an dea-chleachtas. |
| | Breithmheas an Bhoird ar obair an Choiste Airgeadais agus an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca | Ba chóir don chathaoirleach ar gach bord a chinntiú go dtugtar tuarascálacha scríofa do gach ball den bhord maidir leis an obair a dhéanann na coistí airgeadais, agus iniúchóireachta & riosca mar a éilítear faoin gCód Cleachtais le haghaidh rialachas na mBOOanna. | An Coiste Airgeadais agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a bheith ag soláthar tuarascálacha go rialta don Bhord. | Tuarascálacha curtha ar fáil don Bhord go tráthúil. |
| | Féinmheasúnú an Choiste Airgeadais agus an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca | Ba chóir don chathaoirleach ar an dá choiste a chinntiú go gcuitear cleachtadh féinmheasúnaithe i gcrích go bliantúil mar a éilítear faoin gCód Cleachtais le haghaidh rialachas na mBOOanna. | Cleachtadh féinmheasúnaithe a bheith á chur i gcrích ag an gCoiste Airgeadais agus ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca gach bliain. | Cleachtaí féinmheasúnaithe a bheith á gcur i gcrích gach bliain. |
| | Forbairt Foirne * | Ba chóir don phríomhfheidhmeannach a chinntiú;<br>-go gceaptar ball foirne mar bhainisteoir oiliúna<br>- go ndéantar anailís ar riachtanais bhainistíochta airgeadais go bliantúil<br>- go bhforbraítear agus go gcuirtear i bhfeidhm clár oiliúna don bhainistíocht airgeadais. | An Bainisteoir Airgeadais a bheith ag comhlíonadh an róil mar bhainisteoir oiliúna don fhoireann Airgeadais, scóip an chláir oiliúna a bheith measta agus an clár oiliúna a bheith curtha chun feidhme. | Bainisteoir Oiliúna ceaptha agus clár oiliúna sa bhainistíocht airgeadais curtha i bhfeidhm. |

| Cuspóir | Tosaíocht | Gníomh | Táscaire Feidhmíochta | Sprioc |
|---|---|---|---|---|
| | Tuairisceáin agus spriocdhátaí tuairiscithe na Roinne | Comhlíonfar na spriocdhátaí tuairiscithe arna leagan síos ag an Roinn agus beidh na tuarascálacha cruinn. | Spriocdhátaí tuairiscithe na Roinne Oideachais a bheith á gcomhlíonadh. | Spriocdhátaí tuairiscithe na Roinne Oideachais a bheith á gcomhlíonadh. |
| | Beartas Bainistíochta Riosca | Dearfar próiseas chun sainaithint a dhéanamh ar na rioscaí suntasacha a bhaineann le torthaí an eintitis a bhaint amach agus chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin. Tacóidh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le hobair an Bhoird ina leith sin. | Plean gnó agus Bainistíochta Riosca a bheith curtha chun feidhme agus próiseas a bheith comhaontaithe le haghaidh aon rioscaí a shainaithint agus le haghaidh aghaidh a thabhairt orthu. | Plean gnó agus Bainistíochta Riosca a bheith curtha chun feidhme agus próiseas a bheith comhaontaithe le haghaidh aon rioscaí a shainaithint agus chun aghaidh a thabhairt orthu |
| | Rialuithe Inmheánacha | Ba cheart do bhord gach BOO a chinntiú go bhfaigheann sé dearbhú leordhóthanach go bhfuil rialuithe sonraithe ag feidhmiú mar a beartaíodh. | Dearbhú a bheith faighte ag an mBord á rá go bhfuil rialuithe sonraithe i bhfeidhm. | Rialuithe inmheánacha a bheith i bhfeidhm agus Ráiteas faoi Rialuithe Inmheánacha a bheith ceadaithe ag an mBord. |

*Tagraíonn sé seo do BOO a chinntíonn go gcuirtear an fhreagracht fhoriomlán ar bhall faoi leith den fhoireann reatha chun oiliúint sa BOO a chur i bhfeidhm agus maoirseacht a dhéanamh uirthi, chun go gcinnteofar go bhfuil cur chuige straitéiseach, stuama agus éifeachtach i bhfeidhm ar fud gach réimse feidhmíochta. D'fhéadfadh a leithéid de ról teacht leis na struchtúir agus na socruithe atá ann cheana féin sa BOO agus ní gá gur post lánaimseartha atá i gceist. An príomhrud ná go mbeidh ball foirne ann ag a bhfuil an fhreagracht fhoriomlán don chlár oiliúna.

Chomh maith leis na spriocanna agus tosaíochtaí a comhaontaíodh go náisiúnta, cuirfear tús leis na tosaíochtaí faoil leith a leanas nó seachadófar iad le linn 2025 chun dul chun cinn an Ráitis Straitéise foriomlán a chinntiú.

*Nóta: Tagraíonn na huimhreacha thíos don ghníomh straitéiseach gaolmhar sa Ráiteas Straitéise 2023-2027 – níl na huimhreacha in ord croineolaíoch i ngach cás.

## Sprioc Straitéiseach 1
## Cáilíocht

Faoin mbliain 2030, tá an cháilíocht neadaithe i ngach rud a dhéanaimid. Tá struchtúr agus múnla rialachais láidir i bhfeidhm ag WWETB chun an cháilíocht a bhainistiú i ngach réimse. Earcaímid baill foirne den scoth a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu chun oideachas agus oiliúint a sholáthar, agus cuirimid an deis ar fáil dóibh Foghlaim agus Forbairt Ghairmiúil a dhéanamh chun feabhas a chur ar a gcuid cleachtas. Tríd an gcomhairliúchán, is eol dúinn go bhfuil sé tábhachtach don fhoireann go léireoidh WWETB conas a bhaineann sé amach an cháilíocht sin agus cad iad na bearta atá ann chun í a dhearbhú. Tá tábhacht ag baint le gach rud – go háirithe na mionrudaí. Tá an cumas tugtha againn don fhoireann an cháilíocht a bhainistiú ar fud na heagraíochta. Is cuid dhílis anois í an cháilíocht inár gcultúr.

**Cén fáth?** Tá an cháil atá ar WWETB bunaithe ar cháilíocht a sholáthair i gcúrsaí oideachais agus oiliúna. Féachaimid leis an gcáil atá orainn a fheabhsú trí bhearta a chur i bhfeidhm chun a léiriú go bhfuil cáilíocht leabaithe i ngach a ndéanaimid – ár soláthar teagaisc agus oiliúna, an dóigh a nearcaímid baill foirne, ár gcórais tacaíochta, agus ár leibhéil seirbhíse do chustaiméirí.

**1.1 Tosaíocht Straitéiseach: Struchtúr agus Rialachas (lena n-áirítear seirbhísí eagrúcháin)**

| | Gníomhartha Straitéiseacha | Gníomhartha sa bhliain 2025 | Príomhtháscairí Feidhmíochta | Spriocanna |
|---|---|---|---|---|
| 1.1.1 | Cur le sainchúram na hOifige Cáilíochta in WWETB chun an cháilíocht a bhainistiú agus tacaíocht a sholáthar ar fud na heagraíochta go léir – lena n-áirítear monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar chláir agus ar | Déanfar é seo a mheas san obair a dhéanann an Grúpa Stiúrtha Cáilíochta i 2025 a mholfaidh tionscadail phíolótacha chun feabhas a chur ar cháilíocht i bpríomh réimsí ar fud na heagraíochta. | Leagtha síos agus measúnú déanta i gcomparáid le clár oibre ginearálta WWETB don cháilíocht.<br>Tús curtha le treoirthionscadail laistigh den chlár Cáilíochta. | Leagtha síos agus measúnú déanta i gcomparáid le clár oibre ginearálta WWETB<br>Treoirthionscadail ar bun. |

| | Gníomhartha Straitéiseacha | Gníomhartha sa bhliain 2025 | Príomhtháscairí Feidhmíochta | Spriocanna |
|---|---|---|---|---|
| | scoileanna/aonaid. | | | |
| 1.1.2 | Ráiteas maidir le Tiomantas Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman do Cháilíocht a fhorbairt agus a fhoilsiú, rud a bheidh le feiceáil i ngach Scoil agus Ionad. | Ráiteas Cáilíochta le forbairt i 2025. | Ráiteas forbartha. | Leagtha síos agus measúnú déanta air i gcomparáid leis an gclár ginearálta do WWETB.<br>Ráiteas foilsithe agus scaipthe do gach Ionad agus Scoil. |
| 1.1.4 | Oifig um Fhorbairt Chláir Bhreisoideachais agus Oiliúna a bhunú, rud a ailíneoidh leis an straitéis atá i bhfeidhm ag SOLAS chun tacú le poist agus le conairí foghlama, chun cuimsiú a éascú, chun daoine a uasoiliúint tríd an saol agus trí ghairmeacha, agus chun díriú go sonrach ar phríomhriachtanais scileanna. Cuirfear de dhualgas ar an Oifig cláir a bhailíochtú agus a athbhreithniú agus torthaí foghlama a athbhreithniú, ar aon dul leis an straitéis fhoriomlán atá i bhfeidhm ag SOLAS agus ag WWETB. | A Bunófar Oifig Forbartha Clár, ailínithe le forbairt clár do chéimeanna treasacha.<br><br>Beidh an fhoireann cháilíochta i gceannas ar an iarratas chuig QQI i 2025 maidir le foghlaim ar líne agus foghlaim chumaisc.<br><br>Seachadaíodh clár treasach amháin in 2024. Tá sé i gceist ag an bPríomhoifigeach Cúnta, a ceapadh in 2024, cur leis an soláthar treasach i 2025. | I Meán Fómhair 2025, cuirfear leis an gclár treasach.<br><br>Cead tugtha don fhoghlaim ar líne agus don fhoghlaim chumaisc sa bhreisoideachas. | Leanfaidh WWETB air ag obair le SETU chun cláir threasacha a fhorbairt agus a leathnú.<br><br>Oifig Forbartha Clár bunaithe.<br><br>Iarratas curtha isteach don fhoghlaim ar líne agus don fhoghlaim chumaisc sa bhreisoideachas. |

| | Gníomhartha Straitéiseacha | Gníomhartha sa bhliain 2025 | Príomhtháscairí Feidhmíochta | Spriocanna |
|---|---|---|---|---|
| 1.1.5 | Feabhas a chur ar chaidrimh agus naisc chriticiúla le ranna ábhartha rialtais, le húdaráis áitiúla agus le gníomhaireachtaí eile agus meastóireacht a dhéanamh ar a éifeachtaí is atá na caidrimh sin, go háirithe caidrimh le comhlachtaí tionscail. | Ceapfar Oifigeach Forbartha Gnó i 2025 chun struchtúr a fhorbairt a thacóidh go héifeachtach leis an gcaidreamh atá ag WWETB le príomhpháirtithe leasmhara.<br><br>Leanfar le hionadaíocht a dhéanamh ar son WWETB i gComhpháirtíocht cleachtas athchóiritheach Loch Garman, Líonra Seirbhísí Leanaí&Teaghlaigh, an Grúpa stiúrtha Elevate, Mapáil Soláthair BOOÉ, an Tascghrúpa Imeasctha agus REALT. Meicníocht tuairiscithe a fhorbairt maidir leis an obair a dhéanann na grúpaí go léir.<br><br>Leanfar leis an mbaint atá againn, ar bhonn foirmiúil, le Ranna Rialtais, le hÚdaráis Áitiúla, le comhlachtaí tionscail agus le comhlachtaí eile i 2025. Áireofar leis seo:<br>- Díriú ar chaidrimh reatha agus ar naisc le ranna rialtais ábhartha, le húdaráis áitiúla agus le gníomharieachtaí eile – lena n-áirítear an Fóram um Scileanna Réigiúnacha, an Coiste Forbartha Áitiúila agus Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta.<br>- Leanfar leis an mbaint atá againn, go náisiúnta agus go réigiúnach, le hanailís a dhéanamh ar riachtanais scileanna san earnáil giniúna gaoithe amach ón gcósta.<br>- A bheith ina bhall de Choistí Forbartha Áitiúla i bPort Láirge agus i Loch Garman.<br><br>Díriú ar an Straitéis um Litearthacht d'Aosaigh ar feadh an tSaoil a chur i bhfeidhm i gcomhar leis an | Bainisteoir forbartha gnó a bheith ceaptha.<br><br>Aiseolas foirmiúil a bheith scaipthe don fhoireann ardbhainistíochta agus ag cruinnithe na bPríomhoidí/Leasphríomhoidí (má bhaineann sé le hábhar).<br><br>Freastal ar gach cruinniú, aiseolas a thabhairt.<br><br>A bheith ina bhall den ghrúpa Riachtanais Scileanna ag léibhéal náisiúnta agus réigiúnach araon.<br><br>Clár oibre 2025 i bhfeidhm chun an straitéis a chur i bhfeidhm. | Bainisteoir forbartha gnó ceaptha.<br><br>Freastal ar chruinnithe, aiseolas a sholáthar ina leith go rialta<br><br>Rannpháirtíocht ghníomhach i bhfoirne ilghníomhaireachta/ar choistí.<br><br>Rannpháirtíocht ghníomhach i bhfoirne ilghníomhaireachta mar chomhpháirtí criticiúil i gcúrsaí cinnteoireachta.<br><br>Tosaíochtaí straitéiseacha a bheith bainte amach in aghaidh an chláir oibre 2025. |

| | Gníomhartha Straitéiseacha | Gníomhartha sa bhliain 2025 | Príomhtháscairí Feidhmíochta | Spriocanna |
|---|---|---|---|---|
| | | gComhordaitheoir Réigiúnach um Litearthacht. (Bunaíodh an Chomhghuaillíocht Réigiúnach um Litearthacht in 2023).<br><br>Leagfaidh an tAonad Seirbhís don Ghnó de chuid WWETB síos tosaíochtaí oibre maidir le himeachtaí do pháirtithe leasmhara réigiúnacha a eagrú, a éascú agus freastal orthu le linn 2025. | Rannpháirtíocht ghníomhach le tionscail agus le foghlaimeoirí ionchasacha tríd an aonad Seirbhís don Ghnó le linn 2025 agus imeachtaí a phleanáil. | Imeachtaí pleanáilte agus eagraithe d'fhoghlaimeoirí ionchasacha agus do chomhpháirtíochtaí tionscail le linn 2025. |
| 1.1.6 | Cur chuige uile-chórais a ghlacadh i leith Bainistíocht Riosca agus bainistíocht Rialuithe Inmheánacha – ar fud gach réimse agus leibhéal den eagraíocht. Áirítear leis sin comhpháirtíochtaí féideartha (m.sh., conraitheoirí, soláthraithe tríú páirtí) a thomhas ó thaobh riosca de agus comhaontuithe seirbhíse agus comhaontuithe eile a chur i bhfeidhm le gach geallsealbhóir. | Cuir i láthair do cheannasaithe scoile faoi na himpleachtaí dlíthiúla a bhaineann le hiompar dúshlánach a bhainistiú.<br><br>Déanfar athbhreithniú ar threoirlínte nua (le teacht amach i 2025) ar chóid iompraíochta a fhorbairt i scoileanna mar aon le treoirlínte gaolmhara chun iompar ar cúis imní é a bhainistiú.<br>Cuideofar le scoileanna chun rioscaí eagraíochtúla a shainaithint agus rialuithe inmheánacha a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic leis seo.<br><br>Díriú ar chultúr bainistíochta riosca ar fud na heagraíochta go léir.<br><br>Plean Gnó Bainistíochta Riosca leasaithe chun dáta.<br><br>Ráiteas Inghlacthachta Riosca leasaithe chun dáta.<br><br>Athbhreithniú déanta ar pholasaí Bainistíochta Riosca. | Cód Iompraíochta nua a bheith daingnithe ag gach scoil bunaithe ar threoirlinte náisiúnta a leasaíodh i 2025. Beidh an Bhainistíocht Riosca ina mír seasta ag cruinnithe bainistíochta.<br><br>Plean Gnó Bainistíochta Riosca leasaithe chun dáta.<br><br>Ráiteas Inghlacthachta Riosca leasaithe chun dáta.<br><br>Polasaí Bainistíochta Riosca i bhfeidhm. | Déanfar an polasaí a dhréachtú, a chur in eagar agus a roinnt le gach scoil chun é a dhaingniú ag leibhéal na scoile aonair.<br><br>Bainisteoirí WWETB ar an eolas maidir lena n-oibligeáidí tuairiscithe agus riosca a bhainistiú ag an leibhéal áitiúil.<br><br>Plean Gnó Bainistíochta Riosca i bhfeidhm.<br><br>Ráiteas Inghlacthachta Riosca i bhfeidhm.<br><br>Polasaí Bainistíochta Riosca i bhfeidhm. |

| | Gníomhartha Straitéiseacha | Gníomhartha sa bhliain 2025 | Príomhtháscairí Feidhmíochta | Spriocanna |
|---|---|---|---|---|
| 1.1.7 | Comhaltas de gach Bord agus Coiste de chuid WWETB a athbhreithniú, lena n-áirítear Téarmaí Tagartha gach Boird, Coiste agus líonra inmheánaigh. Déanfar féinmheasúnuithe ar Bhoird/Coistí ar bhonn bliantúil. Forbrófar teimpléid do chláir oibre chaighdeánaithe agus do mhiontuairiscí caighdeánaithe. | Déanfar athbhreithniú ar théarmaí tagartha na gcoistí.. Déanfar athbhreithniú ar bhallraíocht na mBord Bainistíochta agus na gcoistí chun a chinntiú go gcomhlíonann siad na treoirlínte ábhartha.<br><br>Solathrófar oiliúint Rialachais do Bhoird Bhainistíochta nua.<br><br>Forbrófar teimpléad caighdeánaithe don chlár agus do na miontuairiscithe ag cruinnithe an bhoird bhainistíochta. | Beidh an comhdhéanamh ceart ag Bord Bainistíochta agus ag coistí gach scoil.<br><br>Oiliúnt Bord Bainistíochta a bheith déanta ag baill den Bhord Bainistíochta.<br><br>Teimpléid forbartha agus in úsáid. | Beidh gach scoil ag comhlíonadh na riachtanais BB. Beidh gach coiste ag comhlíonadh na téarmaí tagartha atá acu.<br><br>Oiliúint rialachais a bheith déanta ag baill nua den Bhord agus de Choistí. |
| 1.1.8 | Athbhreithniú a dhéanamh ar obair Bhord agus Choistí Alt 45 (an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Coiste Airgeadais) WWETB agus a chinneadh conas a leanfaidh siad le ról straitéiseach a imirt sa todhchaí. | Déanfaidh an Bord measúnú ar a fheidhmíocht féin agus ar fheidhmíocht na gcoistí a ghabhann leis. | Measúnú curtha i gcrích do Bhord WWETB, don choiste Iniúchóireachta agus Riosca, agus Airgeadais. | Measúnú curtha i gcrích faoi dheireadh 2025. |
| 1.1.9 | Guth an mhic léinn/an fhoghlaimeora a neartú ar fud struchtúir rialachais WWETB. | Tacaíocht a bheith tugtha don obair a dhéanann an Chomhairle Foghlaimeoirí - i bhfeidhm ón mbliain acadúil 2022/23.<br><br>An Tionscnamh Bogha Ceatha a bheith curtha i bhfeidhm chun tacú le foghlaimeoirí agus le baill foirne ón bpobal LADTI+ | Cruinnithe rialta den Chomhairle Foghlaimeoirí.<br><br>Oilúint tugtha don fhoireann faoin tionscnamh Bogha Ceatha. | Cruinnithe de chuid an Fhóraim Foghlaimeoirí Breisoideachais agus Oiliúna a bheith tionólta go rialta i 2025.<br><br>Oiliúint déanta ag baill foirne i 2025. Tabharfar oiliúint do 150 ball foirne agus suaitheantas a bheith faighte acu. |

| | Gníomhartha Straitéiseacha | Gníomhartha sa bhliain 2025 | Príomhtháscairí Feidhmíochta | Spriocanna |
|---|---|---|---|---|
| 1.1.10 | Cur chuige aclaí a chur i bhfeidhm don cháilíocht – barr feabhais, feabhas leanúnach agus bunathrú gnó a chur chun cinn. | Déanfar breithmheas air seo i 2025 san obair a dhéanann an Grúpa Stiúrtha Cáilíochta. Molfaidh an Grúpa tionscadail phíolótacha a bhunú chun cáilíocht a fheabhsú i bpríomhréimsí ar fud na heagraíochta. | Leagtha síos agus measúnú déanta orthu i gcomparáid le clár oibre cáilíochta níos leithne do WWETB.<br>Tús curtha le tionscadail phíolótacha cáilíochta le linn 2025. | Leagtha síos agus measúnú déanta orthu i gcomparáid le clár oibre cáilíochta níos leithne do WWETB.<br><br>Dhá thionscadal píolótacha le tarlú i 2025. |
| 1.1.11 | Creat Nuálaíochta a fhorbairt agus foireann Nuálaíochta a bhunú. Córais athbhreithniúcháin agus mheastóireachta a fhorbairt chun tacú leis an nuálaíocht ar fud na heagraíochta. | Ceapfar Oifigeach Forbartha Gnó i 2025 leis an aidhm creat nuálaíochta a fhorbairt. | Creat agus foireann nuálaíochta i bhfeidhm. | Creat agus foireann nuálaíocha i bhfeidhm. |
| 1.1.12 | Cairt Custaiméirí WWETB a chur chun feidhme ina hiomláine ar fud gach réimse. | Cairt Custaiméirí WWETB le cur chun cinn ar fud na heagraíochta agus le cur chun feidhme ag gach ball foirne. Úsáidfear modhanna éagsúla chun í a scaipeadh (nuachtlitir, ríomhphost, cruinnithe) chun an tábhacht a bhaineann leis an gCairt a chomhlíonadh a chur in iúl. | Cairt Custaiméirí WWETB a bheith scaipthe ar fud WWETB. | Cairt Custaiméirí WWETB a bheith scaipthe ar fud WWETB. |
| 1.1.13 | Foireann Feabhais Leanúnaigh a bhunú – Maoirsiú eagraíochtúil ar an bhfeabhas leanúnach agus ar an gcáilíocht, lena n-áirítear seirbhís do chustaiméirí. | Déanfar breithmheas air seo i 2025 san obair a dhéanann an Grúpa Stiúrtha Cáilíochta. Molfaidh an Grúpa tionscadail phíolótacha a bhunú chun cáilíocht a fheabhsú i bpríomhréimsí ar fud na heagraíochta. | Leagtha síos agus measúnú déanta orthu i gcomparáid le clár oibre cáilíochta níos leithne do WWETB.<br>Tús curtha le tionscadail phíolótacha cáilíochta le linn 2025. | Leagtha síos agus measúnú déanta orthu i gcomparáid le clár oibre cáilíochta níos leithne do WWETB.<br><br>Dhá thionscadal píolótacha le tarlú i 2025. |
| 1.1.14 | Clár a fhorbairt chun cleachtais Athmhachnamhacha agus cleachtais Aisiríocha a chur chun feidhme ar fud gach réimse de WWETB. | Déanfar athbhreithniú ar an ngíomh straitéiseach chun idirdhealú a dhéanamh idir cur i bhfeidhm na gcleachtas aisiríocha agus na gcleachtas athmhachnamhacha. | Grúpa oibre scoileanna a bhunú do chleachtais aisiríocha amháin. | Faoi dheireadh na bliana acadúla 2024/25, ionadaí ó gach scoil le páirt a ghlacadh i bPobal Cleachtais. Déanfar an oiliúint reatha a mheas agus sainaithneofar riachtanais FGL. |
| 1.1.15 | Clár breisithe Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa a chur chun | Soláthrófar oiliúint bhreise Sláinte agus Sábháilteachta mar is gá chun go mbeidh daoine cáilithe i gcónaí. Áireofar leis seo garchabhair, láimhsiú sábháilte, | 100 duine ar a laghad curtha faoi oiliúint. | Deimhniú Sláinte agus Sábháilteachta leasaithe chun dáta doin fhoireann go léir. |

| | Gníomhartha Straitéiseacha | Gníomhartha sa bhliain 2025 | Príomhtháscairí Feidhmíochta | Spriocanna |
|---|---|---|---|---|
| | feidhme, áit a ndéanfar iniúchtaí agus athbhreithnithe, a gcuirfear sceideal oiliúna chun feidhme agus a bhforbrófar foirmeacha teimpléadacha. | bheith ag obair in airde, feasacht maidir le ceimiceáin, cógas a riar, othair a láimhseáil go sábháilte agus oiliúint eile más gá.<br><br>Tabharfar oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta don fhoireann ardbhainistíochta mar a bhaineann sé le freagracht dlíthiúil agus rialála.<br><br>Déanfar teimpléid measúnaithe riosca a fhorbairt nuair is gá d'aon ghníomhaíocht nach bhfuil sa ráiteas sláinte agus sábháilteachta. | An Fhoireann Ardbhainistíochta curtha faoi oiliúint.<br><br>Forbairt déanta ar roinnt teimpléid measúnaithe riosca | OIliúint Sláinte agus Sábháilteachta curtha i gcrích.<br><br>Teimpléid measúnaithe riosca forbartha mar is gá. |
| 1.1.17 | Struchtúr i bhfeidhm chun tacú le bainistíocht conartha laistigh den fheidhm soláthair. | Cuirfear i bhfeidhm córas bainistíochta conartha don soláthar. | Déanfar uasdátú ar gach tairiscint agus conradh nua (nuair a bhronnfar iad) agus cuirfear isteach sa chóras bainistíochta tairisceana iad. | Córas bainistíochta conartha don soláthar i bhfeidhm a bheidh go hiomlán ar line. |
| 1.1.18 | Cur chuige struchtúrtha i leith beartais a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a athbhreithniú. | Déanfar córas Dearg Ómra Glas a fhorbairt chun polasaí scoile a fhorbairt agus athbhreithniú a dhéanamh air.<br><br>Soláthrófar teimpléid polasaí más féidir do pholasaithe scoile. | Forbairt déanta ar pholasaithe. | Déanfar na polasaithe scoile a leanas a athbhreithniú agus a fhorbairt le linn na bliana acadúla 2024/25 nuair a fhoilseofar treoirlínte ábhartha. Polasaí Iomchuimsithe Scoile Iomláine (lena n-áirítear Béarla mar Theanga Bhreise), Plean Treorach Scoile Iomláine, teimpléad don pholasaí Bí Cineálta, Polasaí Múinteoireachta, Foghlama agus Measúnaithe, Teimpléad Aghaidh ar Aghaidh, Cód Iompraíochta lena n-áirítear Iompar ar Cúis Imní é. |

| | Gníomhartha Straitéiseacha | Gníomhartha sa bhliain 2025 | Príomhtháscairí Feidhmíochta | Spriocanna |
|---|---|---|---|---|
| 1.1.19 | Caighdeáin Ghaeilge a chur chun feidhme ar fud WWETB trí chláir a fhorbairt agus trí oiliúint a chur i bhfeidhm do bhaill foirne. | Déanfar suirbhé maidir le cumas sa Ghaeilge ar fud na heagraíochta agus úsáidfear é seo mar thagarmharc do riachtanais oiliúna a bhunú. | Suirbhé curtha i gcrích | Suirbhé curtha i gcrích. |
| 1.1.22 | Comhoibriú le Seirbhísí Comhroinnte Gnó Oideachais chun cabhrú le samhail um sheirbhísí comhroinnte a sholáthar amach anseo le haghaidh oibríochtaí airgeadais agus chun pleanáil don tsamhail sin. | Rachaidh WWETB i dteagmháil le Seirbhísí Airgeadais Comhroinnte ESBS chun rolladh amach réitigh seirbhíse comhroinnte a phleanáil don todchaí. | Réitigh nua curtha i gcrích go rathúil. | Cuir aon réitigh a shainaithnítear don bhliain i bhfeidhm. |
| 1.1.23 | Cur leis an gcumas atá ag an bhfeidhm tuairiscithe deaise airgeadais, agus leis an úsáid a bhaintear aisti, chun faisnéis airgeadais atá suas chun dáta a thabhairt don lucht ardbhainistíochta chun cabhrú leis an gcinnteoireacht. | Déanfar athbhreithniú ar an úsaid a bhaintear as faisnéis airgeadais chun cuidiú le cinnteoireacht san ardbhainistíocht. | Deais airgeadais láidir i bhfeidhm. | Úsáid a baint as sonraí airgeadais sa chinnteoireacht. |
| 1.1.24 | Buiséadú láraithe a chur chun feidhme don bhreisoideachas agus oiliúint, ar buiséad é a bheidh ailínithe le ceanglais shamhail nua cistiúcháin SOLAS chun acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil do chláir, chun freastal ar na riachtanais atá ag foghlaimeoirí agus chun | Áireofar sa phróiseas tairisceana 2025 buneilimintí an tsamhail mhaoinithe nua chun a chinntiú go bhfuil WWETB ailínithe leis an tsamhail mhaoinithe nua SOLAS agus leis na riachtanais a ghabhann léi. | Buiséadú láraithe a chur chun feidhme don bhreisoideachas agus oiliúint, ar buiséad é a bheidh ailínithe le ceanglais shamhail nua cistiúcháin SOLAS. | Buiséadú láraithe a chur chun feidhme don bhreisoideachas agus oiliúint, ar buiséad é a bheidh ailínithe le ceanglais shamhail nua cistiúcháin SOLAS. |

| | Gníomhartha Straitéiseacha | Gníomhartha sa bhliain 2025 | Príomhtháscairí Feidhmíochta | Spriocanna |
|---|---|---|---|---|
| | tuairisciú buiséadaithe agus bainistíochta níos fearr a sholáthar. | | | |
| 1.1.26 | Ceanglais reachtúla tuairiscithe pinsean a chur chun feidhme i gcomhar le Seirbhísí Comhroinnte Gnó Oideachais, leis an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte agus le Tascghrúpa Pinsean Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann. | I gceannas ar an obair seo tá ESBS agus NSSO chomh maith leis an Tascghrúpa Pinsin de chuid na mBOOanna. Beidh WWETB ag déileáil leo siúd. Chun tacú leis an obair seo i 2025, beidh WWETB ag lorg luacháil achtúireach iomlán, lena n-áirítear ráitis sochair bliantúla do bhaill, agus déanfar stair seirbhíse fostaithe a uasdátú. | Garspriocanna ESBS bainte amach. | Garspriocanna ESBS bainte amach. |
| 1.1.27 | Tacú le scoileanna agus iad ag cur i bhfeidhm na straitéise 2022 Ag Féachaint ar ár Scoileanna trí phróiseas féinmheastóireachata na scoile. | Leanfar le ham a thabhairt i gcruinnithe na bPríomhoidí/Leas-Phríomhoidí chun an clár Ag Féachaint ar ár Scoileanna a phlé (2022), chomh maith le Féinmheasúnú Scoile /pleanáil do Chothromaíocht Deiseanna a Sheachadadh (DEIS).Déanfar an ghníomhaíocht nó an tionscnamh a nasc go soiléir le LAOS/SSE ag gach cruinniú de mhúinteoirí Pobal Cleachtais. | Athbhreithniú rialta. | Athbhreithniú rialta maidir le dul chun cinn ag gach cruinniú Pobal Cleachtais. |
| 1.1.28 | Éiteas Scoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman a chur chun feidhme ar fud na scoileanna uile. | Tuilleadh leabú a dhéanamh i scoileanna ar Chreat na bPátrún ar bhealach struchtúrtha de réir phlean DEIS/Forbartha na Scoile áitiúla.<br>Cur leis na gníomhaíochtaí agus na himeachtaí ó 2024.<br>Tacófar le scoileanna Curaclam na bPátrún a thabhairt isteach mar is cuí.<br>Spreagfar forbairt a dhéanamh ar Fhoireann Éitis na Scoileanna, den chlár ceannaireachta dalta LIFT agus Ambasadóirí Éitis. | Cruinnithe rialta Pobail Cleachtais agus cruinnithe scoile aonair a reáchtáil. | Spriocanna a bhaint amach atá leagtha síos sa phlean na scoileanna/DEIS agus a bhaineann le héiteas. Beidh Comhordaitheoirí Éitis agus Imeasctha WWETB ag freastal ar imeacht foghlama comhroinnte de chuid BOOÉ. |

| | Gníomhartha Straitéiseacha | Gníomhartha sa bhliain 2025 | Príomhtháscairí Feidhmíochta | Spriocanna |
|---|---|---|---|---|
| 1.1.29 | STEAM/STEM a chur chun cinn ar fud ár scoileanna – féachaint le rannpháirtíocht a mhéadú. | Leanfaidmid le maoiniú don Deontas Taighde Eolaíochta a sholáthar do scoileanna chun tionscadail taighde a spreagadh sna hábhair ETIM.<br><br>Leanfar le Modúil Bhithéagsúlachta (Eolaíocht Saoránach agus Fál Sceach) a rolladh amach i ngach scoil agus ionad ábhartha. | Scaipfear eolas do gach scoil agus cuirfear chun cinn é. | Méadú ar líon na scoileanna a chuireann iarratas ar dheontas isteach ó seacht go dtí naoi.<br><br>Méadú ar líon na scoileanna a ghlacann páirt sna modúil seo. |
| 1.1.32 | Clár Oideachais agus Oiliúna Allamuigh WWETB a fhorbairt, ar clár é a bheidh i gcomhréir leis an bhfís don tsaoráid úrscothach nua ag Sliabh Fhothart, Loch Garman. | Beidh teagmháil ann le Comhairle Contae Loch Garman maidir leis an áis atá molta do Shliabh Fhothart.<br><br>Teach bád nua ag Sliabh Fhothart, Loch Garman, chun gníomhaíochtaí bunaithe ar uisce agus oiliúint a sheachadadh ag an suíomh nua. | Áis ag feidhmiú.<br><br>Cúrsaí sceidealta don suíomh nua ag Sliabh Fhothart. | Áis ag feidhmiú.<br><br>Cúrsaí faoi lánseol roimh Samhradh 2025 ag Sliabh Fhothart. |
| 1.1.33 | Cláir chosanta – cúnamh a thabhairt don Roinn Oideachais freastal ar na riachtanais a eascróidh as Clár Cosanta Dídeanaithe na hÉireann agus ar an soláthar d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta. | Leanfaidh na scoileanna le mic léinn IRPP agus iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a chur ar an rolla de réir na bpolasaithe iontrála atá acu.<br><br>Leanfaidh WWETB leis an gcomhordaitheoir REALT a fhostú.<br><br>Tacóidh WWETB le scoileanna a bheith ina mbaill de na Scoileanna Tearmainn. | Stádas Curadh Scoileanna Tearmainn bainte amach ag scoileanna. | Méadú ar líon na scoileanna a bhfuil stádas Curadh Scoileanna Tearmainn acu. |
| 1.1.34 | Straitéis cúig bliana a fhorbairt agus a chur chun feidhme do Ghiniúint Ceoil Loch Garman, ar aon dul le cuspóirí na straitéise náisiúnta um Ghiniúint Ceoil agus comhpháirtíocht um Oideachas Ceoil a thabhairt isteach chun tacú leis an glcár. | Deireadh a chur le comhairliúchán maidir le straitéis 5 bliana a fhorbairt do Ghiniúint Ceoil Loch Garman agus dréachtstraitéis a fhorbairt.<br><br>Téarmaí Tagartha a fhorbairt don Chomhpháirtíocht d'Oideachas Ceoil Áitiúil agus tús a chur le cruinnithe. | Comhairliúchán críochnaithe agus straitéis dréachtaithe.<br><br>Téarmaí Tagartha comhaontaithe agus Comhpháirtíocht i bhfeidhm d'Oideachas Ceoil Áitiúil. | Comhairliúchán críochnaithe agus straitéis dréachtaithe.<br><br>Téarmaí Tagartha comhaontaithe agus Comhpháirtíocht i bhfeidhm d'Oideachas Ceoil Áitiúil. |

| | Gníomhartha Straitéiseacha | Gníomhartha sa bhliain 2025 | Príomhtháscairí Feidhmíochta | Spriocanna |
|---|---|---|---|---|
| 1.1.35 | Straitéis cúig bliana a fhorbairt agus a chur chun feidhme do Ghiniúint Ceoil Phort Láirge, ar aon dul le cuspóirí na straitéise náisiúnta um Ghiniúint Ceoil agus comhpháirtíocht um Oideachas Ceoil a thabhairt isteach chun tacú leis an glcár. | Deireadh a chur le comhairliúchán chun straitéis 5 bliana a fhorbairt do Ghiniúint Ceoil Port Láirge agus dréachtstraitéis a fhorbairt.<br><br>Téarmaí Tagartha a fhorbairt don Chomhpháirtíocht d'Oideachas Ceoil Áitiúil agus tús a chur le cruinnithe. | Comhairliúchán críochnaithe agus straitéis dréachtaithe.<br><br>Téarmaí Tagartha comhaontaithe agus Comhpháirtíocht i bhfeidhm d'Oideachas Ceoil Áitiúil. | Comhairliúchán críochnaithe agus straitéis dréachtaithe.<br><br>Téarmaí Tagartha comhaontaithe agus Comhpháirtíocht i bhfeidhm d'Oideachas Ceoil Áitiúil. |
| 1.1.36 | Trí chomórtais agus trí thaispeántais, deiseanna a fhorbairt do mhic léinn/foghlaimeoirí WWETB chun cur leis an gcoincheap a bhaineann le pobal comhleanúnach a bheith ann laistigh de WWETB. | Trí phobail chleachtais mhúinteoirí Ealaíne agus Eacnamaíochta Baile iar-bhunscoile, déanfar iniúchadh ar smaointe le haghaidh comhoibriú tras-choláiste, a bhféadfadh tacaíocht a bheith ag sparánachtaí Féilte leis agus lena n-áirítear foireann BOO agus bunscoile nó scoile speisialta. | Iarratais curtha isteach ag príomhmhúinteoirí ar sparánachtaí Féilte. | Roinnt FGL curtha i gcrích roimh dheireadh na bliana acadúla 2024/25, fianaise/déantúsáin/taifid de ghníomhaíochtaí. |

**1.2 Tosaíocht Straitéiseach: Cáilíocht sa Teagasc agus san Fhoghlaim**

| | Gníomhartha Straitéiseacha | Gníomhartha sa bhliain 2025 | Príomhtháscairí Feidhmíochta | Spriocanna |
|---|---|---|---|---|
| 1.2.1 | Cur chuige cuimsitheach i leith an oideachais agus na hoiliúna a leabú agus straitéisí a fhorbairt chun bacainní ar rannpháirtíocht a laghdú. | Pobal Cleachtais na gComhordaitheoirí Riachtanas Speisialta Oideachais – forbrófar teimpléid chomhroinnte le haghaidh Pleananna Tacaíochta Mic Léinn. Leanfaidh an Fhoireann Foghlama Digití le hionchur a sholáthar maidir le huirlisí inrochtaineachta i Sraith MS.<br>Soláthrófar tuilleadh forbartha gairmiúla leanúnaí/oiliúna i scagadh agus i dtástáil dhiagnóiseach. | Leanúint le gníomhaíochtaí pobail cleachtais amhail gníomhaíochtaí idir phiaraí/scáthfhoghlaim le haghaidh scagthástála/tástála diagnóisí/Cóiríocht Réasúnta ag Scrúduithe Teastais (RACE) | Múinteoirí a chur i mbeirteanna bunaithe ar riachtanais/taithí. Forbairt ghairmiúil leanúnachfaoi leith a lorg nuair is gá.<br><br>Céim bailithe sonraí do 10 scoil ar siúl. |

| | Gníomhartha Straitéiseacha | Gníomhartha sa bhliain 2025 | Príomhtháscairí Feidhmíochta | Spriocanna |
|---|---|---|---|---|
| | | Cuirfear Céim 2 de thionscnamh Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann um Léarscáiliú Soláthair i bhfeidhm sna 10 n-iarbhunscoil atá fágtha (bhí dhá cheann díobh sa chéim phíolótach). Leanfar leis an Treoirghrúpa Cóitseálaithe Cuimsithe a fhorbairt.<br><br>Leanfar le comhoibriú leis an bhFoireann Foghlama Digití chun uirlisí inrochtaineachta a leabú laistigh dár bPobail Chleachtais.<br><br>Leanfar leis an bPobal Cleachtais do mhúinteoirí Béarla mar Theanga Bhreise a fhorbairt agus a fhás.<br><br>Cinntigh a dhéanamh de go mbaineann Meánscoil San Nioclás an úsáid chuí as na tacaíochtaí maoinithe agus leithdháileadh múinteoirí a sholáthraíonn an Roinn faoin Scéim Aitheantais do Scoileanna sa Ghaeltacht. | Leanúint le cruinnithe agus oiliúint cheannairí Phobal Cleachtais le haghaidh ionchuimsitheachta.<br>Go mbeidh níos mó daoine ag glacadh leis an tacaíocht a thairiscítear<br><br>Sliotáin tacaíochta don Fhoghlaim Dhigiteach ar fáil más gá.<br><br>Bunú oifigiúil an Phobail Chleachtais Béarla mar Theanga Bhreise ag an gcéad chruinniú i R1 2025. Eolas/treoirlínte ábharta á n-uaslódáil ag na Comhordaitheoirí REALT, Foghlaim Digiteach agus Oideachais agus monatóireacht á ndéanamh orthu<br><br>Spreagfar Meánscoil San Nioclás deiseanna a thapú do scoileanna lánghaeilge atá le fáil ó BOOÉ. | Tabharfaidh an Comhordaithoir Oideachais/Ionchuimsithe cuairt ar gach scoil nuair is gá.<br><br>FGL á cur ar fáil de réir mar a éilíonn an fhoireann í. |

| | Gníomhartha Straitéiseacha | Gníomhartha sa bhliain 2025 | Príomhtháscairí Feidhmíochta | Spriocanna |
|---|---|---|---|---|
| 1.2.3 | Struchtúr a fhorbairt chun tacú leis an anailís ar ghnóthachtáil acadúil ar fud scoileanna WWETB. | Ag tagairt do 1.1.1 – Próiseas athbhreithniú a fhorbairt ar ghnóthachtáil i scoileanna. | Forbairt déanta ar phróiseas chun athbhreithniú a dhéanamh ar ghnóthachtáil acadúil i scoileanna. | Próiseas chun athbhreithniú a dhéanamh ar ghnóthachtáil acadúil i scoileanna a fhorbairt. |
| 1.2.4 | Polasaí institiúideach a fhorbairt maidir leis an bhFoghlaim Chumaisc ar fud chláir bhreisoideachais WWETB. | Coiste Stiúrtha bunaithe chun Plean Gníomhaíochta WWETB maidir leis an bhFoghlaim Chumaisc a chur chun cinn (nasctha le Gníomh 6.1.1). | Plean Gníomhaíochta forbartha.<br>Téarmaí Tagartha don Choiste Stiúrtha bunaithe. | Plean Gníomhaíochta forbartha agus Coiste Stiúrtha i bhfeidhm. |
| 1.2.5 | Modhanna teagaisc, foghlama agus measúnaithe atá nua-aimseartha agus forásach a leabú, lena n-áirítear modheolaíochtaí agus teicneolaíochtaí foghlama cumaisc. | Forbrófar go comhoibríoch polasaí measúnachta don mhúinteoireacht agus don fhoghlaim in iarbhunscoileanna ar fud WWETB. | Méadú ar méid na n-acmhainní/smaointe a uaslódáiltear/roinntear san fhoireann Príomhchleachtóirí ar líne mar aon le foirne scoile aonair.<br><br>Ionadaíocht ó scoileanna ar ghrúpaí oibre forbatha polasaí. | 'Féilire faoi Ghniomhaiochtaí Magenta' a fhorbairt agus agus a rolladh amach do scoileanna le cuairteanna scoile ón gComhordaitheoir Oideachais.<br><br>Dréachtpholasaí múinteoireachta, foghlama agus measúnaithe faoi dheireadh na bliana acadúla 2024/25. |
| 1.2.6 | Cur le rannpháirtíocht bhaineann ar fud cláir oiliúna agus phrintíseachta WWETB. | Deiseanna a sholáthar i gcomhar le scoileanna chun cláir oiliúna agus printíseachta a chur chun cinn (m.sh. tríd na Treoirchomhairleorí, na Pobail Chleachtais do Riachtanais Speisialta Oideachais (SEN) agus grúpaí le hábair faoi leith. | Ionadaithe ó fhoirne breisoideachais i láthair ag cruinnithe Pobail Chleachtais (m.sh. Treoirchomhairleoirí nó Comhordaitheoirí SEN). | Cruinniú amháin an ceann don bhliain acadúil 2024/25. |
| 1.2.8 | Struchtúr láidir a fhorbairt le haghaidh teagmháil le fostóirí i ndáil le taithí oibre agus socrúcháin oibre, lena n-áirítear athbhreithnithe comhsheasmhacha ar shocrúcháin oibre/taithí oibre. A chinntiú go gcuirfear an beartas um thaithí oibre chun feidhme go | Beartais don taithí oibre a uasdátú agus iad a chur i bhfeidhm chun comhsheasmhacht a chruthú ar fud ár scoileanna. | Athbhreithniú a dhéanamh ar bheartas agus nósanna imeachta reatha.<br>Grúpa oibre le bunú faoi stiúir Seirbhísí Corparáideacha. | Polasaí nua i bhfeidhm in am don bhliain acadúil 2025/26. |

| | Gníomhartha Straitéiseacha | Gníomhartha sa bhliain 2025 | Príomhtháscairí Feidhmíochta | Spriocanna |
|---|---|---|---|---|
| | comhsheasmhach ar fud gach Coláiste agus Ionaid. | | | |

### 1.3 Tosaíocht Straitéiseach: Earcaíocht agus Ionduchtú

| | Gníomhartha Straitéiseacha | Gníomhartha sa bhliain 2025 | Príomhtháscairí Feidhmíochta | Spriocanna |
|---|---|---|---|---|
| 1.3.1 | Gach próiseas agus doiciméad earcaíochta a chaighdeánú ar aon dul leis an dea-chleachtas san earnáil phoiblí. | Taighde a dhéanamh ar dhea-chleachtas in earcaíocht san earnáil phoiblí, lena n-áirítear riachtanais dhlíthiúla, agus caighdeáin éagsúlachta, comhionannais agus ionchuimsitheachta. Príomhréimsí a shainaithint don fheabhas agus nuálaíocht. | Próisis iarratais a chur i bhfeidhm atá oiriúnach do dhaoine faoi mhíchumas.<br>Plean fógraíochta a chur i bhfeidm chun lucht saothair éagsúil a mhealladh. | Taighde ar an dea-chleachtas agus príomhréimsí feabhais a shainaithint. |
| 1.3.2 | Bainistíocht ar an aistriú chuig an R-Earcaíocht i ngach comórtas earcaíochta. | Tabharfar chun críche córas iarratas leictreonach d'iarrthóirí.<br><br>Cuirfear an fhoireann AD faoi oiliúint chun an córas a úsáid. Déanfar faisnéis iarrthóirí a lárnú agus sruthanna oibre a uathoibriú, ar nós gearrliostú agus agallaimh a sceidealú. Déanfar tuarascálacha a ghiniúint chun tacú le cinnteoireacht bunaithe ar shonraí.<br><br>Rollfar amach an córas ar bhonn céimnithe chun aistriú éasca a chinntiú do bhainisteoirí líne, lena n-áirítear oiliúint do bhainisteoirí i mbun fostaíochta chun úsáid éifeachtach an chórais a chinntiú. | Córas iarratais a fháil chun iarrthóirí a earcú.<br><br>Córas curtha chun feidhme.<br><br>An fhoireann curtha faoi oiliúint. | Córas iarratais don r-Earcaíocht i bhfeidhm. |
| 1.3.3 | Comhoibriú le comhghleacaithe ó Choláiste Oiliúna Múinteoirí chun tacú le múinteoirí a earcú i margadh saothair atá ag éirí níos iomaíche. | Áireofar leis an gcomhoibriú le comhghleacaithe ó Choláiste Oiliúna, comhthionscnaimh ar nós aonach fostaíochta, chun a chinntiú go mbeidh dóthain iarrthóirí cáilithe ann chun freastal ar riachtanais foirne reatha agus amach anseo. | Freastal ar roinnt laethanta oscailte i gcoláistí | Comhoibriú ag dul ar aghaidh i 2025 |

| | Gníomhartha Straitéiseacha | Gníomhartha sa bhliain 2025 | Príomhtháscairí Feidhmíochta | Spriocanna |
|---|---|---|---|---|
| 1.3.4 | Tríd an bpróiseas earcaíochta, cinnte a dhéanamh de go bhfuil an cumas agus solúbthacht ag an bhfoireann tascanna a dhéanamh in áit oibre nua-aimseartha (m.sh., scileanna TF, tras-scileanna), agus go léiríonn an fhoireann a earcaítear meas ar luachanna WWETB sa Ráiteas Straitéise. | Leanfar leis an struchtúr agallaimh bunaithe ar inniúlachtaí. Tabharfar tús áite d'iarrthóirí a shainaithint a bhfuil inniúlachtaí TF láidre acu, agus tras-scileanna ar nós fadhbanna a réiteach, scileanna comhoibrithe agus cumarsáide chun freastal ar riachtanais áit oibre nua-aimseartha.<br><br>Nuair a shíneofar an Chód Iompraíochta tríd na cláir ionduchtúcháin earcaíochta, cuirfear béim ar an tábhacht atá ag luachanna WWETB in oibríochtaí laethúla. | Meallfar agus coimeádfar baill foirne atá tiomanta d'éiteas WWETB a chomhlíonadh.<br><br>Cód iompraíochta sínithe ag baill foirne nua. | Oiliúint tughta maidir le hagallaimh bunaithe ar inniúlachtaí a reáchtáil do comhlachtaí Boird.<br><br>Próseas ionduchtúcháin i bhfeidhm. |
| 1.3.5 | Cur leis an bpainéal agallaimh, chun a chinntiú go mbeidh réimse leathan saineolais ann. Oiliúint agallaimh i bhfeidhm do bhaill foirne a bhfuil baint acu le painéil agallaimh. Áireofar leis seo– oiliúint bunaithe ar inniúlachtaí, oiliúint sa Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú, oiliúint sa Chlaontacht Neamh-chomhfhiosach agus i gcúrsaí Rochtana. | Neartófar an próiseas earcaíochta agus roghnúcháin tríd an bpainéal agallaimh a éagsúlú chun daoine a bhfuil saineolas agus léargas faoi leith acu a thabhairt isteach.<br><br>Cuirfear clár oiliúna struchtúrtha i bhfeidhm don fhoireann go léir a bheidh ag glacadh páirte i bpainéil agallaimh. Clúdófar réimsí ar nós teicnicí agallaimh bunaithe ar inniúlachtaí, Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú,oiliúint sa chlaontacht neamh-chomhfhiosach agus i gcrúsaí rochtana d'iarrthóirí faoi mhíchumas.<br><br>Bheith i dteagmháil leis an Roinn Coimirce Sóisialta chun scéimeanna socraithe oibre a shainaithint, rud a thabharfaidh daoine isteach san eagraíocht ó chúlraí éagsúla. | Roinnt daoine curtha faoi oiliúint in agallaimh bunaithe ar inniúlachtaí. | Baill nua faighte do phainéil agallaimh agus oiliúint tugtha dóibh.<br><br>Cur leis na modúil oiliúna agallaimh chun go gclúdófar claontacht neamh-fhiosach agus rochtain. |

| | Gníomhartha Straitéiseacha | Gníomhartha sa bhliain 2025 | Príomhtháscairí Feidhmíochta | Spriocanna |
|---|---|---|---|---|
| 1.3.6 | Clár Ionduchtúcháin a fhorbairt ar fud WWETB do bhail foirne nua. | Clár ionduchtaithe corparáideach agus ionduchtaithe áitiúil cuimsitheach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar fud WWTB chun tacú le baill foirne imeascadh gan stró san eagraíocht agus tacú leo ailíniú le luachanna, misean agus spriocanna na heagraíochta. | Polasaithe agus seicliostaí ionduchtúcháin a thabhairt chun críche.<br><br>Seicliostaí ionduchtúcháin rollta amach.<br><br>Polasaí ionduchtúcháin rollta amach.<br><br>Ionduchtúchán corparáideach curtha chun críche agus réidh le cur i bhfeidhm.<br><br>Bheith i láthair ag cruinnithe ábhartha agus aiseolas a thabhairt don Choiste Stiúrtha. | Clár ionduchtúcháin forbartha agus curtha chun feidhme |
| 1.3.7 | Clár Ionduchtúcháin a fhorbairt ar fud WWETB, lena n-áirítear tacaíocht dhírithe d'fhostaithe nua agus córas meantóireachta a fhorbairt. | Forbrófar agus cuirfear i bhfeidhm clár ionduchtúcháin ar fud WWETB a thacaíonn le fostaithe nua agus iad ag teacht isteach san eagraíocht trí threoir struchtúrtha, acmhainní spriocdhírithe, agus tacaíocht piar le piar.<br><br>Bunófar córas 'páirtíochta' chun baill foirne nua a chur le comhghleacaithe a bhfuil taithí acu agus ar féidir leo comhairle phraiticiúil a sholáthar, ceisteanna a fhreagairt agus timpeallacht fáiltiúil a chothú. Cuirfear an bhéim ar luachanna WWETB – Meas, Cuntasacht, Dírithe ar an bhFoghlaimeoir, Cáilíocht agus | Leabhrán tosaithe nua le cur i bhfeidhm ina mbeidh príomhtheagmhálaithe srl. Cuirfidh an fhoireann ionduchtúcháin AD é seo ar aghaidh.<br><br>Córas páirtíochta forbartha. | Córas ionduchtúcháin forbartha agus i bhfeidhm.<br><br>Córas páirtíochta forbartha agus i bhfeidhm. |

| | Gníomhartha Straitéiseacha | Gníomhartha sa bhliain 2025 | Príomhtháscairí Feidhmíochta | Spriocanna |
|---|---|---|---|---|
| | | Inbhuanaitheacht, rud a neartóidh cultúr na heagraíochta. Trí theagmháil a dhéanamh go rialta le bainisteoirí agus le páirtíochtaí, in éineacht le meicníochtaí aiseolais cinnteofar go mbeidh eispéireas dearfach ag gach fostaí nua.<br><br>Baileofar aiseolas go rialta chun feabhas a chur ar an bpróiseas ionduchtúcháin, chun a chinntiú go mbeidh sé ábhartha agus éifeachtach agus é ag tacú le fostaithe nua. | Struchtúr measúnaithe agus aiseolais i bhfeidhm. | Forbairt déanta ar phróiseas measúnaithe nua don induchtúchán. Déanfar athbhreithniú air agus tabharfar aiseolas air go rialta. |
| 1.3.8 | Cairt Chomhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta WWETB a chur i bhfeidhm chun tacú le lucht saothair éagsúil. | Forbrófar straitéis Chomhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta, agus tacófar leis an Oifigeach Rochtana agus Míchumais chun é seo a chur i bhfeidhm. | Polasaí CÉI forbartha. | Polasaí CÉI curtha i bhfeidhm. |

**1.4 Tosaíocht Straitéiseach: Foghlaim agus Forbairt Ghairmiúil/Forbairt Ghairmiúil Leanúnach**

| | Gníomhartha Straitéiseachaa | Gníomhartha don bhliain 2025 | Príomhtháscairí Feidhmíochta | Spriocanna |
|---|---|---|---|---|
| 1.4.1 | Anailís a dhéanamh ar riachtanais scileanna do gach réimse feidhme, a bheidh mar thoradh uirthi ná go mbeidh cur chuige pleanáilte maidir le FFG. | Sainaithneofar réimse FLG laistigh de gach Pobal Cleachtais scoile.<br><br>Athbhreithniú a dhéanamh ar an bpolasaí Foghlaim agus Forbairt Ghairmiúil chun riachtanais FGG na heagraíochta a aithint.<br><br>Bainisteoir Oiliúna Airgeadais – anailís ar riachtanais scileanna don Ardbhainistíocht, Príomhoidí san áireamh. | Socruithe déanta chun FGL a sholáthar nuair is gá. | Méadú ar líon na mball foirne a bhaineann úsáid as maoiniú FFG. |

| | Gníomhartha Straitéiseachaa | Gníomhartha don bhliain 2025 | Príomhtháscairí Feidhmíochta | Spriocanna |
|---|---|---|---|---|
| 1.4.2 | An tsamhail um Pobail Chleachtais atá ar bun ar fud na heagraíochta a fhorbairt tuilleadh chun feabhas a chur ar chleachtas comhoibríoch, lena n-áirítear chun líonraí tacúla a bhunú ar fud seirbhísí teagaisc agus riaracháin. | Forbairt leanúnach agus méadú ar fhoirne Múinteoireachta agus Foghlama i ngach scoil.<br><br>Tuilleadh forbartha/leanúint leis an gclár i 14 Pobal Cleachtais trascholáiste le Pobail Chleachtais, ábhair faoi leith agus comhordaitheoirí clár.<br><br>Laistigh de gach Pobal Cleachtais, lorgófar deiseanna chun comhghleacaithe ón mBOO a áireamh i gcruinnithe/imeachtaí. | Freastal ar/páirt a ghlacadh in imeachtaí i láthair go pearsanta agus ar líne ar MS team.<br><br>Méadú ar fheiceálacht agus ghníomhaíocht na bPríomhchleachtóirí Magenta i scoileanna.<br><br>Méadú ar mhéid na n-acmhainní/smaointe a uaslódáiltear/roinntear san fhoireann Príomhchleachtóirí ar líne mar aon le foirne scoile aonair. | Anailís físeáin ar mhúinteoireacht i ngach scoil (Príomhchleachtóirí)<br><br>'Féilire faoi Ghniomhaiochtaí Magenta' a fhorbairt agus agus a rolladh amach do scoileanna le cuairteanna scoile ón gComhordaitheoir Oideachais.<br><br>Cuireadh a thabhairt do chomhghleacaithe ábhartha ón mBreisoideachas agus Oiliúint chun páirt a ghlacadh i gcruinnithe Pobail Chleachtais. |
| 1.4.3 | Oiliúint rialachais a sholáthar do Choistí, do Bhord WWETB, do Bhainisteoirí agus do bhaill foirne a dhéanann ionadaíocht do WWETB ar Bhoird/Coistí rialachais agus formhaoirseachta. | Cuirfear comhaltaí Boird Bhainistíocht faoi oiliúint.<br><br>Tabharfar oiliúint rialachais céim a dó agus a trí do Bhord WWETB.<br><br>Tabharfar oiliúint ionduchtúcháin do na Coistí Airgeadais agus Iniúchóireachta agus Riosca. | Tuigfidh baill an Bhoird Bainistíochta ról agus feidhm Bhord Bainistíochta scoile BOO.<br><br>Líon na gcomhaltaí Boird agus Coiste a d'fhreastail ar oiliúint. | Oiliúint ghinearálta le bheith tugtha do gach Bord Bainistíochta i R1 2025.<br><br>Oiliúint rialachais tugtha don Bhord.<br><br>Oiliúint ionduchtúcháin tugtha do ARC agus baill den choiste airgeadais. |
| 1.4.4 | Leanfar leis an gcomhoibriú gníomhach le grúpaí oibre agus pobail chleachtais ó BOOÉ chun eolas a roinnt agus don fhorbairt ghairmiúil. | Leanfar le hionadaíocht a dhéanamh do scoileanna ar an Tascghrúpa Comhordaitheoirí chun Soláthar a Mhapáil de chuid BOOÉ.<br><br>Glacfaidh an Stiúrthóir Scoile páirt/beidh ina c(h)athaoirleach i bhfóraim agus/nó grúpaí oibre. | Páirt a ghlacadh i ngach cruinniú. | Glacfaidh an fhoireann chuí páirt go rialta sna cruinnithe seo thar ceann WWETB. |

| | Gníomhartha Straitéiseachaa | Gníomhartha don bhliain 2025 | Príomhtháscairí Feidhmíochta | Spriocanna |
|---|---|---|---|---|
| | | Bheith cinnte go bhfuil caidreamh ann le grúpaí oibre BOOÉ, lena n-áirítear Seirbhísí Corparáideacha, Foirgnimh, SF/Cosaint Sonraí, TF agus líonraí soláthair. | | |
| 1.4.5 | Cur leis an gcaidreamh a forbraíodh le hOllscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt chun tacú le forbairt ghairmiúil agus chun bogadh i dtreo oideachas treasach aontaithe a bhaint amach. | Leanfaidh WWETB air ag obair le SETU chun tacú le baill foirne forbairt gharimiúil a bhaint amach trí chláir creidiúnaithe le SETU agus cead freastal ar sheimineáir agus comhdhálacha ábhartha. | Baill foirne cláraithe le haghaidh clár forbartha gairmiúla le SETU; glacfaidh siad páirt i gcomhdhálacha agus seimineáir. | Cláir forbartha gairmiúla leanúnacha ábhartha a thabhairt chun críche<br><br>Beidh baill foirne cuí i láthair thar ceann WWETB. |
| 1.4.7 | Clár Ceannaireachta Scoileanna a chur chun feidhme ar fud gach Scoil agus Coláiste. | Neadóidh ceannairí scoile sinsearacha an próiseas bliantúil maidir le machnamh, athbhreithniú agus pleanáil le ceannairí scoile meánleibhéil mar atá leagtha amach i gCL 0003/2018.<br><br>Cuirfear chun cinn Scoil Samhraidh BOOÉ do cheannairí meánleibhéil.<br><br>Mar chuid den Idirbhliain agus den Ardteistiméireacht Fheidhmeach, reáchtálfar seisiún lae amháin maidir le ceannaireacht i R1 2025. | Tuarascáil Bhliantúil ar cheannaireacht scoile curtha isteach ag deireadh na bliana acadúla 2024/25. | Clár ceannaireachta lae amháin do chomhordaitheoirí na hIdirbliana agus na hArdteistiméireachta Feidhmí. |

## Sprioc Straitéiseach 2
## Scoileanna agus Coláistí Breisoideachais agus Oiliúna na Todchaí

Faoi 2030, beidh saoráidí úrscothacha ag WWETB don fhoireann agus do mhic léinn. D'oibrigh WWETB go dlúth leis an Roinn Oideachais, le SOLAS agus leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta chun a chinntiú go bhfuil infheistíocht shuntasach agus chuí á déanamh inár mbonneagar fisiciúil. Tá saoráidí againn anois ar fud Phort Láirge agus Loch Garman as a bhfuil ag an bhfoireann agus a spreagann ár mic léinn/foghlaimeoirí fásta chun foghlama. Laistigh de chontaetha Phort Láirge agus Loch Garman, tá an soláthair breisoideachais agus oiliúna tugtha le chéile againn nuair a luíonn sé sin le réasún. Tá spásanna teagais agus foghlama solúbtha againnn, agus is moill thábhachtacha anois iad ár gColáistí agus ár nIonaid. Inár straitéis, táimid tar éis féachaint thar an mbonneagar fisiciúil agus is eol dúinn gur moill agus áiteanna cruinnithe

tábhachtach iad do mhic léinn/foghlaimeoirí fásta a chruthaíonn cairdeas agus naisc trí idirchaidrimh shóisialta agus chultúrtha. Tá saoráidí forbartha againn ar aon dul leis an gclár glas ginearálta agus táimid ar thús caidhníochta maidir leis seo.

**Cén fáth?** Tá sé mar aidhm againn timpeallachtaí foghlama optamacha a chruthú mar aon le conair shulúbtha trínár gcláir agus níos faide anon. Tá a fhios againn go gcuireann áiseanna ardchaighdeáin feabhas ar fhoghlaim ardchaighdeáin.

**2.1 Tosaíocht Straitéiseach: Áiseanna**

| | Gníomhartha Straitéiseacha | Gníomhartha don bhliain 2025 | Príomhtháscairí Feidhmíochta | Spriocanna |
|---|---|---|---|---|
| 2.1.1 | Scoileanna agus ionaid atá beartaithe a sholáthar trí chaidreamh réamhghníomhach leis an Roinn Oideachais, le SOLAS agus leis an Roinn Breisoideachais, Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta maidir le tionscadail bhonneagair cheadaithe. Áirítear na nithe seo leis na tionscadail tosaíochta sa Bhreisoideachas agus Oiliúint: Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna na Todhchaí i mBaile Loch Garman (an Muileann Bán), Ionad Oiliúna Phort Láirge (tionscadal Techniform), Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna na Todhchaí i gCathair Phort Láirge/saoráid Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt i Sráid an Choláiste, Ionad na Comhghuaillíochta um Fhoirgnimh Ardfheidhmíochta/an Foirgneamh Nach Mór | Cuirfear na mórthionscadail go léir ar aghaidh tríd na céimeanna tionscadail ábhartha;<br><br>Tuilleadh forbartha agus cead faighte chun dul ar aghaidh le Foirgneamh Nach Mór Neodrach ó Thaobh Fuinnimh in Inis Córthaidh.<br><br>Críoch a chur le cóiríocht bhreise i gColáiste Breisoideachais Thrá Mhór.<br><br>Déanfaimid suíomh Shráid an Choláiste, Port Láirge, a mheas mar shuíomh ina bhféadfaí cuid den soláthar breisoideachais a dhéanann WWETB a lonnú i gcathair Phort Láirge, ar aon dul le Straitéis SOLAS do Choláistí na Todhchaí. | Garspriocanna bainte amach. | Dul chun cinn déanta ar gach tionscadal ag teacht leis na hamlínte a bhfuiltear ag súil leo. |

| | Gníomhartha Straitéiseacha | Gníomhartha don bhliain 2025 | Príomhtháscairí Feidhmíochta | Spriocanna |
|---|---|---|---|---|
| | Neodrach ó Thaobh Fuinnimh in Inis Córthaidh, an tIonad Breisoideachais agus Oiliúna i dTrá Mhór agus Ionad na Saotharlainne Déantúsaíochta i Lios Mór, Port Láirge. | | | |
| 2.1.2 | Áirítear na nithe seo leis na tionscadail tosaíochta i scoileanna: Scoil nua 1,000 dalta do Choláiste Pobail Naomh Déaglán, Coill Mhic Thomáisín, Co. Phort Láirge; Síneadh mór agus athchumraíocht mhór ar Choláiste Pobail Naomh Pól, Cathair Phort Láirge, chun freastal ar 1,000 dalta; Síntí le Coláiste Dhún Garbhán agus le Meánscoil San Nioclás, an Rinn, Port Láirge; Campas Oideachais Bhaile Loch Garman, lena n-áirítear scoil athsholáthair 1,000 dalta do Choláiste Sheilsceire; Síntí móra le hiarbhunscoileanna chun freastal ar rollú méadaithe i gColáiste Bhaile an Droichid, i nGairmcholáiste Bhun Clóidí agus i gColáiste an Átha, Cill Mhucraise, Loch Garman; Síneadh le Pobalscoil Náisiúnta Chill na Manach chun freastal ar rolluithe méadaithe. | Cuirfear na mórthionscadail go léir ar aghaidh tríd na céimeanna tionscadail ábhartha;<br>• Coláiste Bhaile an Droichid – cead 2b a fháil; tairiscint agus conraitheoirí le ceapadh.<br>• Pobalcholáiste Bhun Clóidí; cead 2b a fháil; tairiscint agus conraitheoirí le ceapadh.<br>• Baile na Gaoithe (Coláiste Sheilsceire): céim dearaidh a bhogadh ar aghaidh go dtí céim 2a (Dearadh mionsonraithe)<br>• Pobalcholáiste Naomh Pól; Dearadh a bhogadh ar aghaidh go dtí céim 1 - faofa<br>• Polalcholáiste Naomh Deaglán; cás gnó a chur isteach d'fhoirgneamh scoile nua<br>• Tionscadail Cóiríochta Breise (Coláiste Abbain, Coláiste An Atha, Coláiste Uí Chinnéide) Céim 1 le bheith bainte amach<br>• Meanscoil San Nioclás – tús le bheith curtha ar an obair ar an láthair. | Garspriocanna bainte amach. | Dul chun cinn déanta ar gach tionscadal ar aon dul le hamlínte a bhí tuartha. |

| | Gníomhartha Straitéiseacha | Gníomhartha don bhliain 2025 | Príomhtháscairí Feidhmíochta | Spriocanna |
|---|---|---|---|---|
| 2.1.3 | Straitéis SOLAS a chur i bhfeidhm chun Coláistí Breisoideachais na Todhchaí a fhorbairt i bPort Láirge agus Loch Garman. | Déanfaimid suíomh Shráid an Choláiste, Port Láirge, a mheas mar shuíomh ina bhféadfaí cuid den soláthar breisoideachais a dhéanann WWETB a lonnú i gcathair Phort Láirge, ar aon dul le Straitéis SOLAS do Choláistí na Todhchaí do chláir BOO. | Straitéis i bhfeidhm do chur chuige WWETB don soláthar cláir breisoideachais ar fud chathair Phort Láirge. | Straitéis i bhfeidhm do chur chuige WWETB don soláthar cláir breisoideachais ar fud chathair Phort Láirge. |
| 2.1.4 | An fhoireann foirgneamh laistigh de WWETB a bhreisiú chun róil ghairmiúla amhail Suirbhéir Cainníochta cáilithe agus ailtire cáilithe a chur ar áireamh chun tacú leis an lucht bainistíochta leis an bpunann clár foirgneamh ar fud Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna agus Scoileanna. | Curtha i gcrích (beirt bhainisteoirí tionscadail i bhfeidhm anois). Foireann bainistíochta tionscadail bhreise i bhfeidhm, POC Gníomhú ar son na hAeráide nua ceaptha chun inbhuanaitheacht a chur chun cinn i bhfoirgneamh WWETB, ceapfar POC Bainistíochta Gnó nua i 2025. Leagfar orthu an tasc féachaint ar úsáid straitéiseach a bhaint as ár bhfoirgnimh. | Costais agus teagmhais i bpunann foirgneamh WWETB. | Baill foirne réidh le dul ag obair. |
| 2.1.5 | Treoirphlean a fhorbairt – pleanáil straitéiseach fhadtéarmach, lena n-áirítear athbhreithniú ar dheiseanna ceannaigh, tógála nó cíosa/léasa. Déanfar athbhreithniú ar shuíomh gach coláiste agus ionad, agus ar na modhanna iompair a úsaidtear chun teacht orthu. | Leanfar le hobair ar dhoiciméad straitéise eastáit. Bainfear an chéad chéim amach trí chlár sócmhainní mionsonraithe a bhunú ina mbeidh sonraí bunlíne. Earcófar Bainisteoir Forbartha Gnó POC chun an obair seo a chur chun cinn. | Tacar sonraí i bhfeidhm. | Straitéis eastáit agus sonraí gaolmhara á n-úsáid mar uirlis sa phróiseas cinnteoireachta. |
| 2.1.6 | Tacú le líonra feighlithe agus Cúntóirí Ginearálta a fhorbairt chun tuilleadh comhoibrithe ar fud na láithreán a éascú. | Mar chuid den fhorbairt a dhéanfar ar thionscadal bainistíochta áiseanna, reáchtálfar cruinnithe/laethana oiliúina go háirithe do na baill foirne seo. | Cruinnithe bunaithe. | Dhá chruinniú ar a laghad le reáchtáil i 2025. |
| 2.1.8 | Deiseanna maoinithe a lorg chun infheistíocht a dhéanamh i dtrealamh ardchaighdeáin sna coláistí agus sna hionaid. | Leanfar le cláir mhaoinithe a ghiaráil ar fud an Bhreisoideachais agus na hOiliúna agus na Roinne Oideachais; deontais seachtracha freisin ar nós deontais trí SEAI chun acmhainn a uasmhéadú sa réimse seo. | Roinnt tionscadail bhreise nua. | Dhá chlár bhreise arna maoiniú ag comhlachtaí seachtracha. |

| | Gníomhartha Straitéiseacha | Gníomhartha don bhliain 2025 | Príomhtháscairí Feidhmíochta | Spriocanna |
|---|---|---|---|---|
| 2.1.9 | Coláistí agus ionaid a iniúchadh ó thaobh rochtain do dhaoine faoi mhíchumas de agus plean a fhorbairt le haghaidh oibreacha feabhais, lena n-áirítear cistiú a lorg le haghaidh aon uasghráduithe a theastaíonn | Iniúchadh Míchumais le déanamh i 2025. | 10 iniúchadh déanta. | Iniúchadh déanta ar 10 coláiste/ionaid i 2025. |
| 2.1.11 | Anailís ar athruithe sa soláthar páirtaimseartha vs soláthar lánaimseartha chun tacú le forbairt ar áiseanna, ag cur san áireamh athrú úsáide nó úsáid ilfheidhmeach thar tréimse ama.Déanfar freisin Timpeallachtaí Foghlama Forásacha a mheas do mhúinteoireacht grúpa i gcoláistí agus in ionaid. | Déanfar é seo mar chuid denár straitéis eastáit mar atá leagtha amach i mír 2.1.5. Cuirfear chun cinn doiciméad straitéise eastáit. Bainfear an chéad chéim amach tríd na sonraí bunlíne a bhunú i bhfoirm clár sócmhainní mionsonraithe. Earcófar Bainisteoir Forbartha Gnó POC chun an obair seo a chur chun cinn. | Tacar sonraí i bhfeidhm. | Straitéis eastáit agus sonraí goalmhara á n-úsáid mar uirlis sa phróiseas cinnteoireachta. |
| 2.1.12 | Soláthar do spásanna briseadh amach (le cumhacht) i ngach Coláiste agus ionad agus seomraí ríomhaire a bhfuil rochtain ghinearálta orthu. | Le bheith curtha i gcrích ag an ngrúpa oibre, bunaithe ar shuirbhéanna agus moltaí a eascraíonn uathusan. | Feabhas curtha ar spásanna briseadh amach. | Tionscadail curtha i gcrích i gcúig scoil/ionad. |
| 2.1.13 | Trealamh closamhairc ardchaighdeáin i seomraí ranga mar áis don fhoghlaim optamach. | Déanfar áiseanna a uasghrádú ag brath ar mhaoiniú. | Feabhas ar threalamh closamhairc curtha san áireamh i ngach tionscadal. | Uasghrádú déanta i gcúig scoil/ionad. |
| 2.1.15 | Infheistíocht a dhéanamh i spásanna lasmuigh – siúlóidí agus spásanna glasa don fhoireann, do dhaltaí/foghlaimeoirí fásta agus don phobal ar fud ár gcoláistí agus ár n-ionaid. | Tosaíochtaí sainaitheanta ag grúpa oibre in 2024. Déanfar cláir tosaíochta a chur i bhfeidhm ag brath ar mhaoiniú agus ar acmhainní i 2025. | Infheistíocht i spásanna ar fud suíomhanna WWETB. | Tionscnaimh rollta amach do 20 scoil/ionad. |

| | Gníomhartha Straitéiseacha | Gníomhartha don bhliain 2025 | Príomhtháscairí Feidhmíochta | Spriocanna |
|---|---|---|---|---|
| 2.1.16 | Soláthar a dhéanamh do phointí luchtaithe leictrigh ag gach coláiste, ag gach ionad agus ag gach oifig. | Déanfar pointí luchtaithe leictreacha a éascú in ionaid a tógadh le déanaí. Deiseanna le haghaidh suíomhanna breise i seilbh WWETB, ar nós Coláistí Breisoideachais Ghuaire, Loch Garman, Phort Láirge agus Dhún Garbhán i 2025. | Plean i bhfeidhm chun pointí luchtaithe leictreacha a sholáthar i ngach ionad. | Pointí luchtaithe i dtrí suíomh BOO. Déanfar athbhreithniú ar shuíomhanna eile mar chuid den mhaoiniú glas déabhlóidithe. |
| 2.1.17 | Feabhas a chur ar chórais aerála ar fud gach Coláiste, ionad agus oifig. | Déanfar athbhreithniú ar chórais aerála mar chuid den chlár cothabhála reatha. | Athbhreithniú déanta ar roinnt suíomhanna. | Déanfar athbhreithniú ar chórais i sé shuíomh ar a laghad. |
| 2.1.18 | Infheistíocht a dhéanamh in áiseanna comhroinnte do mhúinteoirí, lena n-áirítear feabhas a chur ar sheomraí foirne. | Tosaíochtaí sainaitheanta ag grúpa oibre in 2024. Cuirfear cláir thosaíochta i bhfeidhm de réir mar a cheadaíonn maoiniú agus acmhainní i 2025. | Infheistíocht i spásanna ar fud suíomhanna de chuid WWETB. | Tionscnaimh rollta amach do 20 scoil/ionad. |
| 2.1.19 | Obair i ndlúthchomhar le Comhairle Contae Loch Garman ar Ionad úrscothach Oideachais agus Oiliúna Allamuigh a fhorbairt ag Sliabh Fhothart agus ar an gclár gaolmhar gníomhaíochtaí sa láthair nua a fhorbairt. | Beidh teagmháil idir WWETB agus Comhairle Contae Loch Garman ar an áis atá molta do Shliabh Fhothart.<br><br>Teach bád nua ag Sliabh Fhothart chun gníomhaíochtaí bunaithe ar uisce a sholáthar ag an suíomh nua. | Áis ag feidhmiú<br><br>Cúrsaí sceidealta don suíomh ag Sliabh Fhothart. | Áis ag feidhmiú<br><br>Cúrsaí faoi lánseol don Samhradh 2025 ag Sliabh Fhorbhart. |
| 2.1.20 | Infheistíocht a dhéanamh in áiseanna agus i spásanna sóisialta comhroinnte do phrintísigh inár nIonaid Oiliúna, ag cur nós maireachtála níos folláine chun cinn agus deiseanna chun teagmháil a dhéanamh le printísigh eile | Clár píolótach a chur i bhfeidhm chun a fháil amach cad iad na háiseanna is fearr don ghrúpa foghlaimeoirí seo. | Staidéar píolótach curtha i bhfeidhm. | Staidéar píolótach curtha i gcrích in ionad/Coláiste amháin ar a laghad. |
| 2.1.21 | Dul sa tóir ar dheiseanna do choláistí agus d'ionaid chun tacú leis an bpobal áitiúil trí úsáid a bhaint, lasmuigh d'uaireanta gnó, as foirgneamh agus | Tríd an eolas a úsáid ó shuirbhéanna a rinneadh le déanaí, déanfar na deiseanna, sainaitheanta i ngach suíomh, a chíoradh agus a phlé chun an méid is féidir a bhaint as ár n-áiseanna. | Roinnt tionscnaimh rollta amach. | Tionscnaimh rollta amach i gcúig scoil/ionad. |

| | Gníomhartha Straitéiseacha | Gníomhartha don bhliain 2025 | Príomhtháscairí Feidhmíochta | Spriocanna |
|---|---|---|---|---|
| | áiseanna de chuid na gcoláistí. | | | |
| 2.2.22 | Dul go gníomhach sa tóir ar dheiseanna chun dul i dteagmháil leis an bpobal chun WWETB a chur chun cinn mar phátrún ar Phobalscoileanna Náisiúnta ar fud an réigiúin. | Freagróidh WWETB ar cheisteanna ó Phobalscoileanna Náisiúnta agus beidh teagmháil ann le pátrúin eile sa dá chontae. Táthar ag súil go ndéanfaidh an Roinn Oideachais suirbhé náisiúna ar phátrúnacht scoile i 2025 agus cuirfidh WWETB an tsamhail Pobalscoil Náisiúnta chun cinn ag an am sin. | Sainaithneofar PTF nuair a bheidh an suirbhé críochnaithe. | Sainaithneofar spriocanna nuair a bheidh an suirbhé críochnaithe. |

## 2.2 Tosaíocht Straitéiseach: An Clár Oibre Glas

| | Gníomhartha Straitéiseacha | Gníomhartha don bhliain 2025 | Priomhtháscairí Feidhmíochta | Spriocanna |
|---|---|---|---|---|
| 2.2.1 | Coiste Campais Ghlais a bhunú ar fud na heagraíochta, rud lena n-áireofar mic léinn/foghlaimeoirí agus daoine den phobal, agus é nasctha le struchtúir atá ann cheana i gColáistí agus in Ionaid. | Rollfar amach coistí glasa inár scoileanna agus ár n-ionaid go léir más féidir. Beidh Oifigeach Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Príomhoifigeach Cúnta i bfheidm. | Roinnt coistí bunaithe. | 10 coiste nua bunaithe ar a laghad. |
| 2.2.2 | Páirt a ghlacadh i dtionscadail fionnachtana Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann chun réitigh inbhuanaithe a sholáthar agus chun feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú, lena n-áirítear grianphainéil a shuiteáil ar dhíon aon fhoirgneamh atá faoi úinéireacht WWETB agus ar dhíon aon fhoirgneamh a bhfuil léasanna fada orthu, mar aon le teaschaidéil a shuiteáil. | Ionad Oiliúna Phort Láirge ar an ngearrliosta chun dul ar aghaidh mar chuid de thionscadail mhaoinithe Pathfinder SEAI ó 2025 go dtí 2028.<br><br>Iarratas ar mhaoiniú chun painéil ghréine a shuiteáil ar dhá fhoirgneamh BOO i seilbh WWETB mar chuid de mhionthionscadail caipitil arna maoiniú ag SOLAS. Beifear ag súil le freagra air seo i 2025 chun an tsuiteáil a dhéanamh in 2026.<br><br>Tá tionscnamh á rolladh amach ag an Roinn Oideachais chun painéile ghréine PV a mhaoiniú laistigh denár scoileanna bunaithe i Loch Garman. Faoi láthair tá sé á chur chun cinn ag Foireann Foirgneamh Scoile WWETB agus déanfar tairiscint i 2025. | Tús curtha leis an tionscadal Pathfinder | Tús curtha le tionscadail. |

## 2.3 Tosaíocht Straitéise: An Clár Cothabhála

| | Gníomhartha Straitéiseacha | Gníomhartha don bhliain 2025 | Príomhtháscairí Feidhmíochta | Spriocanna |
|---|---|---|---|---|
| 2.3.1 | Córas láraithe bainistíochta saoráidí agus struchtúr straitéiseach cothabhála a fhorbairt chun freastal ar gach coláiste agus ar gach ionad, agus iad a bheith faoi bhainistiú ag an bhfoireann Foirgneamh agus Saoráidí, ag obair di i ndlúthchomhar le feighlithe, le cúntóirí ginearálta agus le baill foirne tacaíochta eile atá freagrach as foirgnimh atá faoi úinéireacht ag WWETB nó atá léasaithe aige a chothabháil. Cothabháil choisctheach pleananna caighdeánacha a chur ar áireamh ansin. | Cur chuige struchtúrtha a chinntiú maidir le hinfreastruchtúr fisiciúil scoileanna, ionad oiliúna agus foirgneamh riaracháin a chothabháil agus a fheabhsú; forbairt ar chóras bainistíochta áiseanna le seachadadh. Cuimseofar sa tionscadal seo cothabháil phleanáilte, bainistíocht ar shócmhainní, comhlíonadh sláinte agus sábháilteachta, tionscnaimh inbhuanaitheachta agus pleanáil don fhreagairt i gcás éigeandála. | Measúnú déanta ar scóip an tionscadail agus tús curtha leis. | Plean tionscadail i bhfeidhm. |

# Sprioc Straitéiseach 3
# Cumarsáid agus Margaíocht

Faoin mbliain 2030, beidh cáil ar WWETB ar fud Phort Láirge agus Loch Garman as na cláir oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán a sholáthraímid do dhaoine de gach aois. Beidh íomhá branda atá pearsanta agus spéisiúil againn, ar íomhá í atá so-aitheanta agus gairmiúil freisin. Beidh sé éasca do mhic léinn ionchasacha/foghlaimeoirí aosacha ionchasacha teacht ar an bhfaisnéis bheacht atá á lorg acu. Beidh naisc an-láidir ag WWETB le comhpháirtithe ar fud Phort Láirge agus Loch Garman agus, thar aon rud eile, beidh naisc an-láidir aige lena phobail áitiúla agus leis na tionscail/seirbhísí áitiúla a thacaíonn leis na pobail sin. Beidh infheistíocht déanta againn i margaíocht, agus beidh feabhas tagtha ar a infheicthe atá ár gcuid scoileanna agus ionad Breisoideachais agus Oiliúna mar thoradh ar mhargaíocht spriocdhírithe agus mar thoradh ar ár dtairiscint a thaispeáint – foirgnimh nua-aimseartha agus oideachas sármhaith agus oiliúint shármhaith a sholáthraíonn múinteoirí agus teagascóirí ar ardchaighdeán iad agus a dtacaíonn cuid mhór bainisteoirí agus ball foirne leo. Nuair a luafar Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman, smaoineoidh daoine faoi cháilíocht, faoi roghanna, faoi phobal agus faoi dheiseanna a sholáthar dóibh siúd atá ag tosú amach nó atá ag déanamh tús nua.

**Cén fáth?** Tá sé tábhachtach branda láidir a fhorbairt do WWETB ar aon dul leis na hardaidhmeanna atá aici soláthar oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán a threorú san Oirdheisceart.

### 3.1 Tosaíocht Straitéiseach: Bunchlocha

| | Gníomhartha Straitéiseacha | Gníomhartha sa bhliain 2025 | Príomhtháscairí Feidhníochta | Spriocanna |
|---|---|---|---|---|
| 3.1.1 | Straitéis cumarsáide inmheánaí agus caidrimh inmheánaigh a fhorbairt agus a chur chun feidhme, agus infheistiú in acmhainn thiomnaithe cumarsáide inmheánaí. | Forbairt ar straitéis chumarsáide inmheánaí. | Straitéis chumarsáide inmheánaí dréachtaithe. | Straitéis chumarsáide inmheánaí dréachtaithe. |
| 3.1.2 | Stór inneachair, grianghrafadóireachta agus scéalta a fhorbairt lena úsáid ar fud na heagraíochta. | Leanfar le hábhar a fhorbairt agus chur ar fáil don fhoireann ar an inlíon. | Forbairt déanta ar ábhar agus inneachar. | Forbairt déanta ar ábhar agus inneachar. |
| 3.1.3 | Foireann uirlisí sócmhainní margaíochta breisithe a fhorbairt, lena n-áirítear fógraí agus teimpléid meán sóisialta. | Leanfar le foireann uirlisí sócmhainní margaíochta breisithe a fhorbairt i 2025, lena n-áirítear fógraí agus teimpléid meán sóisialta, trí Ghaeilge chomh maith. | Athbhreithniú déanta ar threoirlínte branda. Iad leasaithe chun dáta agus scaipthe.<br><br>Forbairt ar theimpléid ina bhfuil 20% as Gaeilge. | Athbhreithniú déanta ar treoirlínte branda. Iad leasaithe chun dáta agus scaipthe.<br><br>Forbairt ar theimpléid ina bhfuil 20% as Gaeilge. |

| | Gníomhartha Straitéiseacha | Gníomhartha sa bhliain 2025 | Príomhtháscairí Feidhníochta | Spriocanna |
|---|---|---|---|---|
| 3.1.4 | Treoirlínte branda WWETB a fhorbairt tuilleadh agus plean a fhorbairt le haghaidh iad a scaipeadh ar phobal WWETB lena n-úsáid. | Déan athbhreithniú ar Threoirlínte Branda agus leasaigh chun dáta iad mar is gá. | Athbhreithniú á dhéanamh go rialta ar threoirlínte branda agus déanfar iad a scaipeadh go rialta. | Athbhreithniú á dhéanamh go rialta ar threoirlínte branda agus déanfar iad a scaipeadh go rialta. |
| 3.1.5 | Suíomh gréasáin nua de chuid WWETB a sheoladh agus a chinntiú nach bhfuil aon amhras faoi úinéireacht an inneachair; an t-inneall cuardaigh a optamú. (SEO). | Déan athbhreithniú ar eispéireas úsáideoirí ár suíomh gréasáin leis an aidhm an t-innealll cuardaigh a optamú (SEO). | Feabhas curtha ar eispéireas úsáideoirí an tsuímh ghréasáin. | Feabhas curtha ar eispéireas úsáideoirí an tsuímh ghréasáin. |
| 3.1.6 | Straitéis meán sóisialta a fhorbairt agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear straitéis shoiléir forbartha inneachair. | Forbrófar agus cuirfear i bhfeidhm straitéis meán sóisialta, lena n-áirítear straitéis forbartha chun go mbeidh an t-inneachar soiléir. | Forbairt déanta ar straitéis meán sóisialta. | Forbairt déanta ar straitéis meán sóisialta. |
| 3.1.7 | Príomh-shárúsáideoirí (forbróirí cumarsáide agus inneachair) a bhunú san eagraíocht, agus oiliúint agus forbairt agus dreasachtaí le haghaidh caidreamh a dhéanamh leis sin a eagrú. | Leasófar liosta na sár-úsáideoirí chun dáta. Soláthrófar oiliúint meán sóisialta d'fhorbróirí inneachair de chuid WWETB. | Liosta sár-úsáideoirí i bhfeidhm. Roinnt forbróirí inneachair curtha faoi oiliúint. | Uasdátú déanta ar liosta sár-úsáideoirí.<br>Roinnt forbróirí inneachair curtha faoi oiliúint. |
| 3.1.8 | Buiséad feachtas a chomhaontú agus acmhainní a chur ar fáil dó – riachtanais bhuiséid a chomhaontú ar bhonn na bpríomhghnéithe atá ar áireamh sa straitéis, agus fás céimnithe buiséid a bhunú le haghaidh feachtas. | Comhaontófar liosta de na feachtais do chláir bhreisoideachais agus oiliúna i 2025 mar aon leis an mbuiséad a ghabhann leo. | Roinnt feachtas forbartha agus curtha i bhfeidhm. | Críoch rathúil curtha le feachtais. |
| 3.1.10 | Déanfar forbairt ar chúrsa/chlár breisoideachais agus oiliúna chun iad a chur chun cinn, ar aon dul le | Forbrófar féilire ina mbeidh príomhimeachtaí a bhaineann le Breisoideachas agus Oiliúint, arna tacú ag an bhfoireann Cumarsáide.<br><br>Déanfar tuilleadh forbartha ar an réamheolaire Seirbhís do Ghnó | Féilire d'imeachtaí BOO i bhfeidhm.<br><br>Forbairt déanta ar réamheolaire. | Forbairt a dhéanamh ar fhéilire d'imeachtaí BOO.<br><br>Réamheolaire ar fáil d'ionadaithe tionscail. |

| | Gníomhartha Straitéiseacha | Gníomhartha sa bhliain 2025 | Príomhtháscairí Feidhníochta | Spriocanna |
|---|---|---|---|---|
| | spriocanna WWETB agus straitéis SOLAS. | chun cláir a chur chun cinn do thionscail éagsúla sa réigiún. | | |
| 3.1.11 | Clár margaíochta athbhreithnithe a fhorbairt le haghaidh gníomhaireachtaí chun sraith teachtaireachtaí a fhorbairt agus sainmhíniú soiléir a chruthú maidir le brandáil cúrsa/cláir BOO, comhbhrandáil agus brandáil institiúideach WWETB. | Sainaithneofar lucht féachana le haghaidh BOO agus forbrófar eochairtheachtaireachtaí. | Tuiscint shoiléir ar lucht féachana agus teachtaireachtaí a théann amach chucu. | Tuiscint shoiléir ar lucht féachana agus teachtaireachtaí a théann amach chucu. |
| 3.1.12 | Forbairt ar straitéis margaíochta digití, lena n-áirítear suíomhanna agus meáin chomhpháirtíochta. | Tús a chur le straitéis margaíochta digití a dhéanann iarracht branda agus teachtaireachtaí WWETB a uasmhéadú le sprioc-lucht féachana | Príomheilimintí den straitéis margaíochta digití i bhfeidhm. | Forbairt ar straitéis margaíochta digití. |
| 3.1.13 | Forbairt ar phlean margaíochta a chruthófar do phríomhfheachtais agus imeachtaí. | Cuirfear pleananna meáin i bhfeidhm do phríomhfheachtais agus imeachtaí. | Pleananna meáin do phríomhfheachtais agus imeachtaí. | Plean meáin cruthaithe. |
| 3.1.14 | Déanfar forbairt ar phlean inrochtanaineachta digitigh agus é a chur i bhfeidhm. Áireofar ann gach cainéal digiteach ábhartha, monatóireacht agus aiseolas ó chomhlachtaí rialála. Tabharfar oiliúint dóibh siúd atá freagrach as inneachar chun tacú lenár n-oibligeáidí faoin Treoir um Inrochtaineacht Ghréasáin. | Forbrófar plean inrochtanaineachta digitigh. | Inrochtaineacht dhigiteach i bhfeidhm. | Forbairt déanta ar phlean inrochtaineachta digitigh. |

### 3.2 Tosaíocht Straitéiseach: Aird an Spriocphobail a Mhealladh

| | Gníomhartha Straitéiseacha | Gníomhartha sa bhliain 2025 | Príomhtháscairí Feidhmíochta | Spriocannak |
|---|---|---|---|---|
| 3.2.1 | Forbairt feachtas nuálaíochta le haischlib, agus forbairt stór scéalta nuálaíochta agus cás-staidéir a aibhsíonn seo. | Féachaint le hinneachar WWETB a fhorbairt mar a bhaineann sé le scéalta nuálaíochta agus cás-staidéir. | Méadú ar nuálaíocht eagraíochtúil agus í seo le feiceáil go soiléir. | Méadú ar nuálaíocht eagraíochtúil agus í seo le feiceáil go soiléir. |
| 3.2.2 | Deiseanna labhartha a shainaitheant chomh maith le painéal de shaineolaithe inmheánacha, iad nasctha le teachtaireachtaí branda ábhartha. | Sainaithneofar teachtaireachtaí soiléire do lucht féachana WWETB mar aon le príomhimeachtaí agus deiseanna labhartha. | Teachtairéachtaí branda soiléire ag príomhimeachtaí ábhartha. | Teachtairéachtaí branda soiléire ag príomhimeachtaí ábhartha. |
| 3.2.3 | Iarratas a chur isteach ar dhuaiseanna ceannródaíochta agus ar dhuaiseanna ábhartha eile. | An scóip atá ann do dhuaiseanna a chíoradh. | Iarratais curtha isteach ar dhuaiseanna. | Aitheantas tugtha do WWETB mar eagraíocht a bhuann duaiseanna. |
| 3.2.5 | Déanfar forbairt ar phlean cumarsáide do thuismitheoirí agus don phobal i gcoitinne chun go nglacfaidh siad páirt i sraith imeachtaí; forbrófar féilire laethanta oscailte agus cruinnithe fíorúla le hiardhaltaí/iarfhoghlaimeoirí fásta. | Sainaithneofar tuismitheoirí agus an pobal mar lucht féachana laistigh d’obair chumarsáide straitéiseach pleanáilte (go háirithe 3.1.12 agus 3.1.13). | Cumarsáid éifeachtach le tuismitheoirí agus leis an bpobal mar phríomhlucht féachana. | Cumarsáid éifeachtach le tuismitheoirí agus leis an bpobal mar phríomhlucht féachana. |
| 3.2.6 | Sruth chumarsáide faoi leith a fhorbairt le haghaidh treoirchomhairleoirí agus cuireadh a thabhairt do theoirchomhairleoirí i scoileanna eile. | Tacófar leis seo tríd na Pobail Chleachtais ábhartha. | Cuireadh a thabhairt don fhoireann chumarsáide páirt a ghlacadh i gcruinnithe Pobal Cleachtais nuair is gá. | Bheith i láthair ag cruinnithe Pobal Cleachtais. |
| 3.2.7 | Sruth cumarsáide a fhorbairt le haghaidh múinteoirí agus teagascóirí reatha. | Le meas mar chuid de ghníomh 4.1.14 sonraí teagmhála foirne a leasú chun dáta. | Sonraí teagmhála láidir i bhfeidhm. | Sonraí teagmhála láidir i bhfeidhm. |

# Sprioc Straitéiseach 4
# Sláinte agus Folláine

Faoin mbliain 2030, beidh cáil ar WWETB as a bheith ina áit iontach chun obair agus chun foghlaim ann. Ar fud ár scoileanna agus ár n-ionad uile, beidh baill foirne agus mic léinn/foghlaimeoirí aosacha ar aon intinn maidir le WWETB – *feicfear* iad, *éistfear* leo agus beidh *meas* orthu. A luaithe a rachaidh siad isteach i bpobal WWETB, braithfidh ár mbaill foirne go dtacaítear leo – tuigfidh a n-ionad nó a scoil cé atá iontu, beidh meas aige nó aici ar na láidreachtaí atá acu agus tacóidh sé nó sí leis na laigí atá acu. Beidh Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú ina gcuid dhílis den eagraíocht anois.

**Cén fáth?** Is áit oibre ghnóthach éagsúil é WWETB agus tá sé de dhualgas air freastal ar a lán grúpaí geallsealbhóirí. Trí dhul i gcomhairle leo, is eol dúinn go bhfuil ár gcuid ball foirne agus mac léinn/foghlaimeoirí aosacha ag iarraidh a bheith ina gcuid de phobal a thacaíonn le hindibhidiúlacht, a cheiliúrann éachtaí agus a thugann tacaíocht le linn amanna deacra. Chun pobal den sórt sin a chruthú, is gá comhbhá agus éirim mhothúchánach a bheith leabaithe isteach inár n-eagraíocht. Is eol dúinn freisin go gcabhraíonn dea-shláinte agus dea-fholláine foirne go mór leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim.

## 4.1 Tosaíocht Straitéiseach: Bunchloch – Cultúr, Córais agus Nósanna Imeachta

| | Gníomhartha Straitéiseacha | Gníomhartha sa bhliain 2025 | Príomhtháscairí Feidhmíochta | Spriocannak |
|---|---|---|---|---|
| 4.1.1 | Coiste Sláinte agus Folláine a bhunú i WWETB, agus ionadaíocht ann ó Mhic léinn/foghlaimeoirí agus ó bhaill foirne. | Coiste Sláinte &Folláine le bunú faoin ngrúpa oibre Cultúir & Rannpháirteachais. | Coiste Sláinte & Folláine i bhfeidhm le Téarmaí Tagartha comhaontaithe. | Coiste Sláinte & Folláine i bhfeidhm. |
| 4.1.2 | An Clár Cúnaimh d'Fhostaithe a chur chun cinn do gach ball foirne ar bhonn tráthrialta, agus a shoiléiriú go mbíonn an tseirbhís ar fáil dá dteaghlach freisin. | Cuirfear an Clár Cúnaimh d'Fhostaithe chun cinn trí roinnt cainéal cumarsáide éagsúil. | Gach ball foirne a bheith ar an eolas faoin gClár Cúnaimh d'Fhostaithe agus rochtain éasca acu air. | An Clár Cúnaimh d'Fhostaithe a bheith á chur chun cinn go tráthrialta trí roinnt cainéal éagsúil, lena n-áirítear tríd an ríomhphost, tríd an nuachtlitir agus tríd an inlíon. |
| 4.1.3 | Cultúr um fholláine ag an obair a chur chun cinn trí struchtúir rialachais atá ann cheana. | Sláinte agus Folláine le cur chun cinn tríd an tionscnamh Bí Sláintiúil. Cuirfear folláine ar áireamh mar bhuanmhír ar an gclár oibre ar fud struchtúir rialachais atá ann cheana – cruinnithe na Foirne Oibríochtaí, na Foirne Bainistíochta Breisoideachais agus Oiliúna agus an Bhoird agus cruinnithe le Príomhoidí. | Áireofar Sláinte & Folláine mar mhír ar chláir chruinnithe. | Áireofar Sláinte & Folláine mar mhír ar chláir chruinnithe. |
| 4.1.4 | An marc 'Bí Sláintiúil' a chur i bhfeidhm i WWETB le tacaíocht ó IBEC. | Tús curtha leis an marc Bí Sláintiúil. Tá sé ag dul ar aghaidh agus reáchtálfar measúnú deireadh bliana sna suíomhanna píolótacha. | Measúnú folláine i 3 suíomh píolótach faoi na hocht bpiléar. | Creidiúnú IBEC faighte. |
| 4.1.5 | Beartais uile WWETB a bhaineann le Sláinte agus Folláine a uasdháthú agus a scaipeadh. | Cuirfear i gcrích gach polasaí Sláinte & Folláine atá riachtanach faoi Bí Sláintiúil. | Polasaithe Sláinte agus Folláine tugtha suas chun dáta agus iad a bheith scaipthe ar fud WWETB. | An fhoireann a bheith ar an eolas maidir le polasaithe Sláinte agus Folláine agus rochtain éasca acu orthu. |
| 4.1.6 | Cairt Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta a chur chun feidhme ar fud WWETB chun tacú le fórsa saothair éagsúil. | Forbrófar Straitéis Chomhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta. | Feasacht i measc na foirne maidir le Cairt Chomhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta | Cairt Chomhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta curtha i bfheidhm. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 4.1.7 | Meicníocht a fhorbairt chun go n-aithneofar an obair a dhéanann an fhoireann ar fud gach réimse mar chuid den chultúr (m.sh., duais Barrfeabhais sa tSeirbhís do Chustaiméirí), lena n-áirítear searmanas dámhachtainí bliantúla agus duaiseanna fadseirbhíse | Forbraíodh an Creat Duaiseanna um Aitheantas do Luachanna WWETB in 2024 in áit na Duaise Cairte Custaiméirí agus d'fhaomh an fhoireann ardbhainistíochta é in 2024. Rollfar amach é i 2025. | Seoladh na Duaiseanna i Márta 2025. | Aithnítear cé chomh luachmhar is atá an fhoireann. |
| 4.1.8 | Leanúint le Cairt Custaiméirí WWETB a chur chun cinn, agus a chinntiú go scaipfear an Chairt ar gach ball foirne agus go dtuigfidh siad í. | Cuirfear chun cinn Cairt Chustaiméirí WWETB ar fud WWETB le cur i bhfeidhm ag an bhfoireann go léir. Bainfear úsáid as modhanna éagsúla scaipthe (nuachtlitir, ríomhphost, cruinnithe) chun an tábhacht a bhaineann leis an gCairt Chustaiméirí, agus í a chomhlíonadh, a chur in iúl. | Beidh an fhoireann ar fud WWETB ar an eolas maidir leis an gCairt Chustaiméirí. | Cairt Chustaiméirí scaipthe ar fud WWETB. |
| 4.1.9 | Tacófar le hionduchtúchán agus turas oibre trí WWETB de bhaill foirne páirtaimseartha agus iad a chumasú agus a spreagadh chun go ngíomhóidh siad mar ambasadóirí do WWETB. | Déanfar an próiseas ionduchtúcháin do theagascóirí páirtaimseartha a chur in oiriúint chun freastal ar na riachtanais faoi leith atá acu. Míneofar sa chlár, misean WWETB mar aon le croíluachanna agus leagfar an bhéim ar thimpeallacht ionchuimsitheach atá dírithe ar an bhfoghlaimeoir. | Modúl i bhfeidhm – modúl ionduchtúcháin le haghaidh teagascóirí amháin agus leathanach mol don fhoireann teagascóirí amháin. | Modúil a dhearadh atá dírithe ar theagascóirí amháin.<br><br>Leathanach mol a dhearadh don fhoireann teagascóirí amháin. |
| 4.1.10 | Polasaí oibre chumaisc/chianoibre a chur i bfheidhm ar fud WWETB. | Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí don obair chumaisc/chianobair ar aon dul le cód nua an Choiste um Chaidreamh san Áit Oibre. Forbrófar polasaí oibre solúbtha. | Polasaí oibre don chianobair/obair chumaisc ag feidhmiú go héifeachtach ar fud WWETB. | An polasaí oibre don chianobair/obair chumaisc atá ann faoi láthair le huasdátú de réir cód WRC. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 4.1.11 | Foghlaim agus forbairt ghairmiúil i maoirseacht agus i gceannaireacht a bheith á ngabháil de láimh ag gach bainisteoir. | Leanfar leis an gclár ceannaireachta scoile do roinnt catagóirí do cheannasaithe ag an meánleibhéal le linn na bliana acadúla 2024/25.<br><br>Spreagfar ceannasaithe scoile páirt a ghlacadh i FGL cuí trí ETBI ar nós Comhdháil na bPríomhoidí agus Leas-Phríomhoidí, agus comhdhálacha den chineál sin do cheannasaithe scoile agus don chlár meantóireachta píolótach de chuid BOOÉ le haghaidh leas-príomhoidí seanbhunaithe.<br><br>Leanfar le polasaí foghlama agus forbartha gairmiúil a chur chun cinn. | Glacfaidh comhordaitheoirí na hIB agus na hAF páirt sa chlár ceannaireachta agus in imeachtaí FLG a bhaineann leis.<br><br>Cuirfear chun cinn deiseanna FGL do cheannairí scoile trí chruinniú na bpríomhoidí agus trí chruinnithe eolais ar líne do cheannairí sinsearacha na scoile agus cuirfear béim ar an maoiniú don Fhoghlaim agus don Fhorbairt Ghairmiúil. | Déanfaidh comhordaitheoirí IB agus AF bainistíocht éifeachtach ar an glcár churaclaim 2025/26 agus beidh caighdeán comhsheasmhach ann i ngach scoil.<br><br>Freastalóidh ceannairí scoile ar imeachtaí FFG trína chuirfear deiseanna don fhoghlaim chomhoibríoch ar fáil agus rochtain ar smaointe nua. |
| 4.1.13 | Próiseas a fhorbairt le haghaidh agallaimh fágála a dhéanamh do bhaill foirne chun tacú le WWETB feabhas a chur ar an tacaíocht a thugann sé do bhaill foirne. | Cuirfear leis na hagallaimh fágála chun go n-áireofar gach ball foirne atá ag fágáil na heagraíochta i 2025. Déanfar athbhreithniú ar shuirbhéanna a rinneadh in 2024 agus déanfar anailís orthu chun réimsí feabhais a shainaithint. | Roinnt agallamh fágála déanta agus athbhreithniú déanta orthu. | Agallaimh fágála a chur i bhfeidhm don fhoireann atá ag fágáil slán leis an eagraíocht. Athbhreithniú déanta ar agallaimh fágála in 2024 i R1 2025. |
| 4.1.14 | Sonraí teagmhála inlín agus faisnéis 'Aithne ar an bhfoireann' do gach ball foirne a nuashonrú chun feasacht a thógáil ar na foirne agus an struchtúr foirne i WWETB. | Tabharfar sonraí teagmhála foirne suas chun dáta ar an inlíon foirne. | Tabharfar sonraí teagmhála foirne suas chun dáta ar an inlíon foirne. | Faisnéis nuashonraithe faoi dheireadh 2025 maidir le sonraí teagmhála foirne. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 4.1.15 | Clár Ionduchtúcháin ar fud WWETB a fhorbairt, lena n-áirítear tacaíocht shaincheaptha d'fhostaithe nua agus córas páirtíochta a fhorbairt. | Tag 1.3.7 – Forbrófar agus cuirfear i bhfeidhm clár ionduchtúcháin ar fud WWETB a thacaíonn le fostaithe nua agus iad ag aistriú go dtí an eagraíocht trí threoir struchtúrtha, acmhainní spriocdhírithe, agus tacaíocht idir phiaraí.<br><br>Bunófar córas páirtíochta chun baill foirne nua a chur le comhghleacaithe a bhfuil taithí acu agus ar féidir leo comhairle phraiticiúil a sholáthar, ceisteanna a fhreagairt agus timpeallacht fáiltiúil a chothú. Cuirfear an bhéim ar luachanna WWETB – Meas, Cuntasacht, Dírithe ar an bhFoghlaimeoir, Cáilíocht agus Inbhuanaitheacht, rud a neartóidh cultúr na heagraíochta. Trí theagmháil a dhéanamh go rialta le bainisteoirí agus le meantóirí, in éineacht le meicníochtaí aiseolais cinnteofar go mbeidh feabhas leanúnach agus eispéireas dearfach ionduchtaithe do gach fostaí nua..<br><br>Baileofar aiseolas go rialta chun feabhas a chur ar an bpróiseas ionduchtúcháin, chun a chinntiú go mbeidh sé ábhartha agus éifeachtach agus é ag tacú le fostaithe nua. | Leabhrán d'fhostaithe nua curtha i bhfeidhm ina bhfuil teagmhálacha tábhachtacha srl. agus leabhrán polasaí le seoladh ón bhfoireann ionduchtúcháin AD.<br><br>Forbairt déanta ar chóras páirtíochta.<br><br>Struchtúr measúnaithe agus aiseolais i bhfeidhm. | Forbairt déanta ar chlár ionduchtúcháin agus é curtha i bhfeidhm.<br><br>Forbairt déanta ar chóras páirtíochta agus é curtha i bhfeidhm.<br><br>Forbairt déanta ar phróiseas ina ndéanfaidh fostaithe nua measúnú ar an ionduchtúchán; é curtha i bhfeidhm agus athbhreithniú le déanamh air go rialta. |
| 4.1.16 | Féachaint go gníomhach le baill foirne a spreagadh chun páirt a ghlacadh i bhFoghlaim agus Forbairt Ghairmiúil chun tacú leo i réimsí ina bhfuil fás ag teastáil. | Déanfar riachtanais FGL/oiliúna a shainaitheant ar fud gach Pobal Cleachtais agus cuirfear chun cinn polasaí FGL. Eagrófar FGL láraithe do scoileanna nuair is gá. | Méadú ar líon na mball foirne ag glacadh páirte san FGL. | FGL a bheith faighte agus eagraithe nuair a aithnítear go bhfuil gá léi. |
| 4.1.17 | Beartas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur chun feidhme ar fud WWETB, agus oiliúint a éascú do bhaill foirne. | Déanfar measúnú ar shaincheisteanna cearta daonna agus comhionannais. Déanfar polasaithe, pleananna agus gníomhartha a shainaithint chun dul i ngleic le riachtanais de réir dhualgas na hearnála poiblí maidir le comhionannas agus cearta daonna. | Polasaithe agus pleananna i bhfeidhm. | Measúnú déanta ar shaincheisteanna cearta daonna agus comhionannais. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 4.1.18 | Clár a fhorbairt chun cleachtais athmhachnamhacha agus cleachtais aisiríocha a chur chun feidhme ar fud gach réimse de WWETB. | Tag 1.1.14 Athbhreithniú ar an ngíomh straitéiseach chun idirdhealú a dhéanamh idir cur i bhfeidhm na gcleachtas aisiríocha agus na gcleachtas athmhachnamhacha.<br><br>Bunófar grúpa oibre chun cleachtas aisiríoch a chur i bhfeidhm ar fud gach réimse de WWETB (nasctha leis an ngrúpa cur i bhfeidhm a bhaineann leis an straitéis ábhartha).<br><br>Bunófar grúpa oibre scoile don chleachtas athcmachnamhacha amháin. Faoi dheireadh na bliana acadúla 2024/25, ionadaí ó gach scoil a bhfuil suim acu ann, le páirt a ghlacadh i gcleachtas pobail, measúnú a dhéanamh ar oiliúint reatha agus pleanáil a dhéanamh do riachtanais FGL. | Grúpa oibre scoileanna a bhunú do chleachtais aisiríocha amháin. | Faoi dheireadh na bliana acadúla 2024/25, ionadaí ó gach scoil a bhfuil suim acu ann, le páirt a ghlacadh i gcleachtas pobail, measúnú a dhéanamh ar oiliúint reatha agus pleanáil a dhéanamh do riachtanais FGL i scoileanna. |
| 4.1.19 | Clár réamhghníomhach a fhorbairt chun tacú le baill foirne atá ag obair i dtimpeallachtaí oibre gnóthacha. | Bainfear amach an Marc Bí Sláintiúil. Áireofar leis seo réimse polasaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun tacú leis an bhfoireann. | Creidiúnú faighte ón marc Bí Sláintiúil. | Creidiúnú bainte amach ón marc Bí Sláintiúil. |
| 4.1.20 | Tacú le baill foirne atá ag druidim le scor trí ghnáthsheimineáir phleanála scoir a eagrú, agus aitheantas a thabhairt dá rannchuidiú tábhachtach leis an eagraíocht trí shearmanas bliantúil scoir a óstáil do bhaill foirne atá ag dul ar scor. | Eagrófar seisiúin phleanála scoir go rialta agus cuirfear chun cinn iad.<br>Eagrófar imeacht bliantúil scoir chun rannchuidiú ball foirne a aithint agus iad ag dul ar scor. | Seisiúin phleanála scoir a bheith eagraithe agus faisnéis a bheith comhroinnte le baill foirne.<br><br>Imeacht bliantúil scoir a bheith pleanáilte. | Seisiúin phleanála scoir a bheith eagraithe agus imeacht scoir bhliantúil a bheith reáchtáilte. |
| 4.1.21 | Féilire a fhorbairt le haghaidh imeachtaí agus tionscnaimh fholláine don fhoireann agus do mhic léinn/foghlaimeoirí fásta. | Forbrófar féilire le haghaidh imeachtaí folláine agus foilseofar í ar an inlíon foirne. | Féilire le haghaidh imeachtaí agus tionscnaimh folláine eagraithe don fhoireann. | Féilire le haghaidh imeachtaí agus tionscnaimh folláine le forbairt agus le foilsiú ar an inlín foirne. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 4.1.22 | Lámhleabhar ionduchtúcháin/aip a fhorbairt do gach dalta/foghlaimeoir fásta agus gach ball foirne nua. | Forbrófar lámhleabhar ionduchtúcháin chuimsitheach do gach ball foirne nua. | Lámhleabhar ar fáil don fhoireann nua. | Beidh an lámhleabhar i bhfeidhm don chéad ráithe i 2025. |
| 4.1.23 | Straitéis a fhorbairt le haghaidh seirbhísí a sholáthar do Mhic léinn/foghlaimeoirí ar fud WWETB. | Leanúint le gníomhaíochtaí Phobal Cleachtais na dTreoirchomhairleoirí.<br><br>Déanfaidh gach iar-bhunscoil treoirphlean scoile uile agus déanfaidh siad í a dhaingniú bunaithe ar theimpléad WWETB.<br><br>Áireofar oifigigh Treoirchomhairleoirí Aosaigh ag imeachtaí scoile den Phobal Cleachtais, más cuí. | Ionadaíocht á dhéanamh ar gach scoil i gCleachtais Phobail. | Beidh an plean daingnithe ag 12 scoil ag leibhéal na scoile aonair. |
| 4.1.24 | Riachtanais na mac léinn/na bhfoghlaimeoirí a athbhreithniú maidir le tacaíocht gairmthreorach, agus plean a fhorbairt chun an tacaíocht, a shaincheapadh chun freastal ar riachtanais na mac léinn/na bhfoghlaimeoirí aosacha, a chur in oiriúint. | Ar aon dul leis an struchtúr Tacaíocht don Soláthar treorach, leanfaidh an fhoireann ábhartha in iar-bhunscoileanna le hathbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar agus ar thacaíocht do mhic léinn. | Treoirmhúinteoirí le bheith i gceannas ar an soláthar treorach. | Athbhreithniú leanúnach ar an soláthar treorach tríd an struchtúr Foireann Tacaíochta do Mhic Léinn i ngach iar-bhunscoil. |
| 4.1.25 | Obair i gcomhar le Giniúint Ceoil Loch Garman agus le Giniúint Ceoil Phort Láirge chun coláistí, ionaid agus cláir a chumasú gabháil do chlár Ghiniúint Ceoil ar mhaithe lena mic léinn/lena bhfoghlaimeoirí aosacha. | Giniúint Ceoil agus cláir a chur chun cinn i scoileanna agus an clár a thabhairt isteach i réimsí chun tacú le hoideachas neamhfhoirmiúil, más tairbheach. Rannpháirtíocht scoileanna agus ionaid le Giniúint Ceoil Loch Garman agus Phort Láirge. Clár Giniúint Ceoil a chomhtháthú i roinnt scoileanna agus ionad WWETB. | Teagmháil idir scoileanna agus ionaid le Giniúint Ceoil Loch Garman agus Phort Láirge. | Giniúint Ceoil ag feidhnmiú i roinnt scoileanna agus ionaid WWETB. |
| 4.1.26 | Obair i gcomhar le CLG Loch Garman chun Coláistí a chumasú páirt a ghlacadh sa Chlár 'Ag Dul go Maith' de chuid CLG ar mhaithe lenár gcuid mac léinn/foghlaimeoirí aosacha. | Leanfar leis an gcomhpháirtíocht le CLG Loch Garman chun tacú le gach ceann de na hocht iar-bhunscoil maidir le rannpháirteachas daltaí, dul chun cinn agus feidhmíoicht sa spórt ar aon dul leis an gComhaontú Leibhéal Seirbhíse agus féachfar leis an rud céanna a dhéanamh le CLG Phort Láirge. | Scoileanna ag glacadh páirte sa tionscnamh seo agus agus tacaíocht á thabhairt do dhaltaí. | Beidh roinnt tacaíochta ar fáil do gach scoil i WWETB ón gCLG. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 4.1.27 | Páirt a bheith á glacadh ag gach coláiste i dtionscnamh na Brataí Ómraí chun feasacht a thógáil ar an leibhéal áitiúil ar an tábhacht a bhaineann le tacú le folláine mheabhrach i measc mic léinn/foghlaimeoirí. | Spreagfar scoileanna le páirt a ghlacadh sa tionscnamh seo nó tionscnaimh den chineál sin chun meabhairshláinte agus folláine a chur chun cinn. | Roinnt scoileanna ag glacadh páirte. | Méadú ar líon na scoileanna ag glacadh páirte. |
| 4.1.30 | Forbairt clár Teacht Aniar, Inspreagadh agus Comhbhá do dhaltaí/foghlaimeoirí fásta ar fud gach coláiste agus ionad. | Spreagfar scoileanna le torthaí foghlama a chomhlíonadh maidir leis na scileanna seo i ngach réimse churaclaim mar chuid den chlár folláine scoile uile. | Meabhrúcháin ar chlár na gcruinnithe do cheannairí scoile maidir le gníomhú i leith an chláir seo agus cláir eile den chineál seo ag leibhéal na scoile aonair. | Deiseanna tras-scoile a sholáthar chun an dea-chleachtas a roinnt. |
| 4.1.33 | Dul ag lorg comhpháirtíochtaí chun tacú le straitéis Sláinte agus Sábhailteachta WWETB. Áirítear leis seo dul i gcomhar leis na tionscnaimh Contae Sláintiúil de chuid Chomhairle Contae Loch Garman agus Chomhairle Contae agus Cathrach Phort Láirge. | Déanfaidh WWETB athbhreithniú ar gach coiste inmhéanach agus seachtrach atá ann faoi láthair i 2025. | Athbhreithniú curtha i gcrích ar bhallraíocht coistí. | Tar éis athbhreithniú a bheith déanta ar bhallraíocht coistí, féadfaidh WWETB deiseanna breise a lorg chun dul i gcomhpháirtíocht leis na tionscnaimh Contae Sláintiúil de chuid na Comhairlí Contae agus Cathrach Phort Láirge agus Loch Garman. |

**4.2 Tosaíocht Straitéiseach: Freagairt – Tacaíochtaí agus Conairí breise**

| | Gníomhartha Straitéiseacha | Gníomhartha don bhliain 2025 | Príomhtháscairí Feidhmíochta | Spriocanna |
|---|---|---|---|---|
| 4.2.1 | Straitéis a fhorbairt le haghaidh seirbhísí treorach agus tacaí treorach a sholáthar do mhic léinn/foghlaimeoirí fásta ar fud WWETB. | Leanfar le le gníomhaíochtaí Phobal Cleachtais na dTreoirchomhairleoirí.<br><br>Cuirfear i gcrích agus daingneofar an Plean Treorach Scoile Uile bunaithe ar theimpléad WWETB. | Déanfar ionadaíocht ar gach scoil ag ceardlann Pobail Chleachtais agus beidh ionchur ann ón bhfoireann Treoir do Dhaoine Fásta. | Beidh an plean daingnithe ag 12 scoil ag leibhéal na scoile aonair agus déanfaidh said athbhreithniú go leanúnach nuair a bheidh an Clár Treorach Scoile Uile á chur i bhfeidhm. Beifear ag comhoibriú tríd an gCleachtas Pobail de réir an dea-chleachtais. |

# Sprioc Straitéiseach 5
# Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht

Faoin mbliain 2030, beidh cáil ar WWETB as an gcultúr aeráide atá ar bun ann. Beidh athrú iompraíochta spreagtha againn ar fud ár scoileanna agus ár saoráidí breisoideachais agus oiliúna. Beidh an inbhuanaitheacht leabaithe sa dóigh a dteagascaimid, sna nithe a theagascaimid agus sa dóigh a ndéanaimid cumarsáid leis an mórphobal. Beimid inbhuanaithe i ndáil leis an dóigh a ngníomhaímid. Beidh bród orainn as ár n-éachtaí agus beidh bród orainn iad a chomhroinnt le daoine eile. Tabharfaidh ár mbaill foirne aird ar shrianta aeráide agus comhshaoil mar ghnáthchuid den saol. Spreagfar iad le linn a gcuid oibre, agus ambasadóirí ar fud ár gcuid scoileanna, ionad agus oifigí ag comhoibriú lena chéile chun tuilleadh gníomhartha a spreagadh. Tomhaisfimid cad a dhéanaimid. Déanfaimid é sin trí na nithe seo a leanas a bheith againn: ambasadóirí atá lonnaithe ar fud ár saoráidí; baill foirne a oibríonn go lánaimseartha ar na tionscadail; grúpa stiúrtha atá freagrach as an obair a chomhordú; agus buiséad lena dtacaítear leis an obair.

**Cén fáth?** Tá fianaise ann ar gach taobh dínn ar an ngá atá ann le cónaí agus le hobair ar shlí inbhuanaithe. Is gá dúinn an méid sin a dhéanamh mar ábhar práinne, agus bíonn an phráinn ag méadú i gcónaí. Bíonn an reachtaíocht á hathrú chun iompraíocht mhíchuí a phionósú agus, ar fud an domhain, bíonn an argóint mhorálta ar son scriosadh córas nádúrtha a stad ag éirí níos láidre i gcónaí. Níl de rogha againn ach gníomhú. Tá níos mó agus níos mó daoine ag iarraidh obair in áiteanna ina dtugtar tús áite don chomhshaol. Táimid ag déileáil le géarchéim fuinnimh faoi láthair. Cé gur féidir gur géarchéim ghearrthéarmach í an ghéarchéim sin, léiríonn sí dúinn an riosca méadaithe a bhaineann lena bheith spleách ar bhreoslaí iontaise.
Oibrímid le daoine ó chuid mhór cúlraí difriúla, agus is gá dúinn cabhrú le daoine nach bhfuil chomh saibhir céanna roghanna saoil inbhuanaithe a thuiscint agus rochtain a fháil orthu. Mar gheall ar an ngné sin den cheartas aeráide, ní mór dúinn smaoineamh faoi conas is féidir linn cabhrú le daoine billí a laghdú agus, ag an am céanna, faoi conas is féidir linn an brú ar an gcomhshaol a mhaolú. Mar chuid lárnach den chlár oideachais, is féidir díriú ar laghdú a dhéanamh ar an tomhaltachas agus ar an dúil i "rudaí" a cheannach. Is eol dúinn gur féidir linn freagairt go héifeachtach do ghéarchéimeanna agus, i bhfianaise na ngéarchéimeanna fuinnimh reatha, tá deis ann anois difríocht bhuan a dhéanamh.
Beidh poist na todhchaí dírithe ar stíleanna maireachtála inbhuanaithe a chruthú agus a chumasú – idir chruthaitheacht agus innealtóireacht. Dá bhrí sin, ní mór dúinn cabhrú lenár gcuid mac léinn/foghlaimeoirí aosacha na poist sin a rochtain trí iad a ullmhú dóibh trí na cúrsaí a sholáthraímid agus tríd an dóigh a dteagascaimid.

**5.1 Tosaíocht Straitéiseach: Bunchlocha/Struchtúr**

| | Gníomhartha Straitéiseacha | Gníomhartha don bhliain 2025 | Príomhtháscairí Feidhmíochta | Spriocanna |
|---|---|---|---|---|
| 5.1.1 | Struchtúr cuí a fhorbairt le haghaidh chur chun feidhme na straitéise um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht – mar atá, an Grúpa Stiúrtha um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht, agus ionadaíocht ann ó ghrúpa mac léinn/foghlaimeoirí aosacha, ó bhaill foirne agus ó shaineolaithe seachtracha. Coistí Glasa áitiúla a fhorbairt i ngach coláiste, i ngach ionad agus i ngach oifig. Comhpháirtíochtaí a fhorbairt le grúpaí pobail chun tacú leis an gclár oibre straitéiseach. | Tacú le hoibre an Ghrúpa Stiúrtha um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht, agus grúpaí oibre gaolmhara.<br>Comhpháirtíochtaí nua a chruthú chun tacú le clár straitéiseach WWETB sa réimse Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht. | Cruinnithe á reáchtáil go rialta agus gníomhartha ag eascairt astu.<br><br>Bainisteoir um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht i bhfeidhm agus clár oibre forbartha. | Cruinnithe an Ghrúpa Stiúrtha á reáchtáil go rialta i 2025.<br><br>Bainisteoir um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht i bhfeidhm agus clár oibre forbartha. |
| 5.1.2 | Oifigeach Fuinnimh a cheapadh do WWETB. | Beidh an Príomhoifigeach Cúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht i mbun na feidhme seo. | Úsáid fuinnimh i bhfoirgnimh de chuid WWETB. | Comhlíonfaidh an soláthar foirgneamh i WWETB spriocanna BER. |

| | Gníomhartha Straitéiseacha | Gníomhartha don bhliain 2025 | Príomhtháscairí Feidhmíochta | Spriocanna |
|---|---|---|---|---|
| 5.1.3 | Oiliúint don Ghrúpa Stiúrtha, do Choistí Glasa, do Bhainisteoirí, d'feighlithe agus do bhaill foirne cothabhála – struchtúr bainistíochta tionscadal agus clár i leith cuspóirí a bhaint amach ar fud gach tosaíochta straitéisí. | Soláthrófar cláir oiliúna ar bhonn leanúnach do chatagóirí foirne, bunaithe ar riachtanais na ngrúpaí aonair. | Clár oiliúna ar fáil do roinnt catagóirí foirne. | Clár oiliúna i bhfeidhm. |
| 5.1.4 | Deiseanna taighde do chomhpháirtíochtaí straitéiseach chun teagmháil a dhéanamh le comhlachtaí ar féidir leo tacú le clár straitéiseach WWETB. | Déanfaidh an Príomhoifigeach Cúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht deiseanna comhpháirtíochta a mheasúnú i gcomhar le príomhpháirtíochtaí ar nós SEAI, SETU, EPA agus eagraíochtaí taighde poiblí agus príobháideacha eile. | Clár deiseanna. | Clár deiseanna. |
| 5.1.5 | Acmhainní a shainaithint chun tacú leis an bpróiseas iarratais ar mhaoiniú agus deontais, rud a thacóidh le clár straitéiseach WWETB. | Tacóidh an Príomhoifigeach Cúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht leis na hiarratais agus deontais seo. | Iarrataisa ar mhaoiniú curtha isteach. | Deontais bronnta. |
| 5.1.6 | Mionsonraí faoi aon tionscadail a ghabhtar de láimh, agus faoi na tairbhí a ghabhann leo, a chur in iúl do gach ball foirne agus do gach mac léinn/foghlaimeoir aosach. Suirbhé a dhéanamh ar bhaill foirne agus ar mhic léinn/foghlaimeoirí aosacha chun a fháil amach an bhfuil aon athrú i dtuiscint agus | Scéalta faoi tionscadail ar éirigh leo le bheith mar chuid den obair chumarsáide i 2025. Sa bhliain 2025 cuirfear leis an suirbhé a rinneadh i 2024 | Foilseofar airteagail/scéalta nua ar thionscadail ar éirigh leo agus a d'eascair ón obair um ghníomhú ar son na hAeráide agus inbhuanaitheacht. | Díriú ar an dea-chleachtas agus mar thoradh leathnófar an dea-chleachtas amach ar fud na heagraíochta. |

| | Gníomhartha Straitéiseacha | Gníomhartha don bhliain 2025 | Príomhtháscairí Feidhmíochta | Spriocanna |
|---|---|---|---|---|
| | i ndearcthaí maidir le Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht. Béim a leagan ar scéalta ratha agus iad a chomhroinnt – an feachtas a bhrandáil. | | | |

**5.2 Tosaíocht Straitéiseach: Fuinneamh Inathnuaite**

| | Gníomhartha Straitéiseacha | Gníomhartha don bhliain 2025 | Príomhtháscairí Feidhmíochta | Spriocanna |
|---|---|---|---|---|
| 5.2.1 | Tabharfar faoi thaighde deisce chun réitigh chuí a aimsiú ar fud suíomhanna WWETB. Sainaithneofar suíomhanna ionchasacha agus déanfar suirbhé – le tacaíocht ó mhúinteoirí agus saineolaithe seachtracha. Cuirfear na moltaí i bhfeidhm. | Dul chun cinn le déanamh ar réitigh fuinnimh inathnuaite i dtionscadail Pathfinder agus maoiniú déabhlóidithe Glas i 2025. | Méadú ar líon na suíomhanna WWETB ina bhfuil fuinneamh inathnuaite. | Spriocanna aeráide na heagraíochta á gcomhlíonadh, laghdú ar úsáid fuinnimh breosla iontaise. |
| 5.2.2 | Cás gnó le cruthú ina n-áireofar costais agus ioncam, díláithriú san áireamh. | Déanfar forbairt ar chásanna gnó le Pathfinder agus beidh sé riachtanach maoiniú Glas a fháil do thionscadail i 2025. | Méadú ar líon na suíomhanna ina bhfuil fuinneamh inathnuaite. | Spriocanna aeráide na heagraíochta á gcomhlíonadh, laghdú ar úsáid fuinnimh breosla iontaise. |
| 5.2.3 | Sainaithneofar sruthanna maoinithe ionchasacha (m.sh. aisíoc nó infheistiú) agus iarratais a dhéanamh ar dheontais ábhartha. | Sainaithneofar sruthanna maoinithe ionchasacha le sainaithint ag an bPríomhoifigeach Cúnta. | Forbairt déanta ar roinnt iarratas maoinithe. | Rochtain faighte ar shruthanna maoinithe agus iarratas a dhéanamh ar dheontais. |
| 5.2.4 | Grianphainéil a shuiteáil ar dhíon aon fhoirgneamh atá faoi úinéireacht WWETB | Suiteálfar painéil 6KW i scoileanna i bPort Láirge agus i Loch Garman i 2025. Sainaithneofar réadmhaoin sa bhreisoideachas ina bhféadfaí PV a shuiteáil. | Laghdú ar úsáid fuinnimh. | 12 scoil curtha i gcrích. |

| | Gníomhartha Straitéiseacha | Gníomhartha don bhliain 2025 | Príomhtháscairí Feidhmíochta | Spriocanna |
|---|---|---|---|---|
| | agus ar dhíon aon fhoirgneamh a bhfuil léasanna fada orthu. | | | |
| 5.2.5 | Feachtas feasachta a fhorbairt agus a chur chun feidhme maidir le hiompraíochtaí atá tíosach ar fhuinneamh, agus úsáid á baint as an inlíon, an suíomh gréasáin agus na meáin shóisialta chun caidreamh a dhéanamh le baill foirne agus le mic léinn/foghlaimeoirí aosacha. | Spreagfar scoileanna agus ionaid BOO tabhairt faoi feachtais maidir le fuinneamh faoi stiúir an Phríomhoifigigh Cúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht. | Laghdú ar úsaid fuinnimh ó bhreoslaí iontaise. | Beidh ar chumas gach scoil agus ionad a n-úsáid fuinnimh a mhonatóiriú agus a gcuid iompar a chur in oiriúint chun an úsáid sin a laghdú. |

## 5.3 Tosaíocht Straitéiseach: Éifeachtúlacht Fuinnimh

| | Gníomhartha Straitéiseacha | Gníomhartha don bhliain 2025 | Príomhtháscairí Feidhmíochta | Spriocanna |
|---|---|---|---|---|
| 5.3.1 | Déanfar iniúchtaí fuinnimh go rialta – iniúchtaí seachtainiúla/ iniúchtaí ráithiúla/suirbhéanna amhairc/siúl timpeall/iniúchadh aon uaire réamh-fuinnimh | Ceapfar Príomhoifigeach Cúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht agus beidh sé/sí i gceannas ar iniúchtaí fuinnimh a dhéanfar ar sholáthar foirgneamh WWETB. | Roinnt iniúchtaí le bheith déanta. | Príomhoifigeach Cúnta ceaptha. Iniúchtaí le bheith déanta (córais bhainistíochta fuinnimh láidre) |
| 5.3.2 | Bunófar bunlíne don úsáid fuinnimh do gach foirgneamh de chuid WWETB. | Fiosrófar na hiniúchtaí SI426 a rinneadh agus bunófar bunline ar gach foirgneamh ar a ndéanfar iniúchadh. | Déanfar athbhreithniú ar thorthaí na n-iniúchtaí. | Iniúchtaí déanta mar aon le hathbhreithniú ar thorthaí. |
| 5.3.3 | Sárófar rialacháin Foirgnimh – Ceannaireacht san Fhuinneamh agus sa Dearadh Timpeallachta (LEED)/ Modh Measúnaithe | Cuirfear le chéile clár deiseanna agus sainaithneofar tosaíochtaí. Ullmhófar plean chun moltaí na n-iniúchtaí a chur i bhfeidhm. | Pleananna i bhfeidhm ar leibhéal scoile agus cláir. | Pleananna i bhfeidhm ar leibhéal scoile agus cláir. |

| | Gníomhartha Straitéiseacha | Gníomhartha don bhliain 2025 | Príomhtháscairí Feidhmíochta | Spriocanna |
|---|---|---|---|---|
| | Timpeallachta an Fhorais Taighde Foirgníochta (BREAAM). | | | |
| 5.3.4 | Aisfheistiú a dhéanamh ar fhoirgnimh oiriúnacha chun iad a thabhairt suas go dtí leibhéal éifeachtachta cuí, lena n-áirítear rialtáin téimh. | Cuirfear le chéile clár deiseanna agus sainaithneofar tosaíochtaí. Ullmhófar plean chun moltaí na n-iniúchtaí a chur i bhfeidhm. | Pleananna i bhfeidhm ar leibhéal scoile agus cláir. | Pleananna i bhfeidhm ar leibhéal scoile agus cláir. |
| 5.3.5 | Déanfar infheistíocht in aipeanna amhairc éifeachtachta fuinnimh / scáileáin faisnéise d'fhoirgnimh. | Fiosrófar cur i bhfeidhm na gcóras bainistíochta fuinnimh i soláthar foirgneamh WWETB. | Uirlisí chun measúnú a dhéanamh ar bhainistíocht fuinnimh. | Feabhas ar an mbainistíocht a dhéantar ar sholáthar foirgneamh WWWETB. |
